


# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# AN GARDA SÍOCHÁNA

2020

garda.ie

**522**
oiliúnaí agus promhóir Garda fianaithe go luath

**124 Garda**
ath-imlonnaithe i Márta ó Choláiste an Gharda Síochána

**264 Garda**
ath-imlonnaithe i Samhain chuig an túslíne

**76,679**
iarratas ar ghrinnfhiosrúchán a bhain le Covid-19 próiseáilte

**22,795**
teagmháil agus iarracht ar theagmháil déanta le híospartaigh dhrochíde sa teaghlach

Éascaíodh cianoibriú do 2,500 pearsanra an Gharda Síochána

**210**
feithicil tacaíochta pobail ar cíos

**19** Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne (DPSUanna)

**25,000**
uair oibre déanta ag Cúltaca an Gharda Síochána

**2,500**
gléas móibíleach tugtha isteach

**14,578**
an líon ab airde Gardaí i stair an Stáit



**An tAoischárta ar an bhfód le 21 bliain anuas**

900,000 iarratas faighte ó 1999

**€36.7 milliún**
de luach drugaí urghafa

**Laghdú 42%**
**ar bhuirgléireachtaí cónaithe**
ó Shamhain 2015

**3,112**
**an flít is mó i stair na heagraíochta**

**1.5 milliún**
**de lucht leanúna sna meáin shóisialta – méadú bliantúil 50%**

# CLÁR ÁBHAR


**Brollach an Choimisinéara**
Leathanach a Ceathair

**Póilíniú i rith na Paindéime**
Leathanach a Sé

**Plean Póilíneachta agus Príomhéachtaí**
Leathanach a Ocht Déag

**Póilíneacht Náisiúnta**
Leathanach a Fiche a hAon

**Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta**
Leathanach a Tríocha a hAon

**Sábháilteacht Phobail**
Leathanach a Tríocha a Sé

**Seirbhísí Traseagraíochta**
Leathanach a Caoga a hAon

**Staitisticí**
Leathanach a Ochtó a hAon




# BROLLACH AN CHOIMISINÉARA



Ba bhliain é 2020 nach raibh coinne leis sa tír agus theastaigh freagairt as cuimse ón nGarda Síochána lena chabhrú daoine a choimeád sábháilte i rith paindéim dhomhanda.

Cuirtear na sonraí faoinár ngníomhartha fadréimseacha agus fairsinge chun tacú le bearta sláinte poiblí chun scaipeadh Covid-19 a laghdú ar fáil sa chéad chaibidil eile, ach ba ghá don Gharda Síochána agus a phearsanra frithghníomhú go mear chun athdhearbhú a sholáthar don phobal go rabhamar i láthair chun cabhrú leo i dtréimhse fhíordheacair agus fhíordhúshlánach.

Agus amhlaidh á dhéanamh, thugamar tús áite don mhéid seo a leanas:

- A mhéid Gardaí agus ab fhéidir a shlógadh chuig an túslíne.
- Ar aon dul lenár dtraidisiún póilíneachta de réir toiliú, thugamar freagairt póilíneachta céimnithe 'na 4 E' isteach, lena forfheidhmiú mar rogha dheiridh.
- Tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhaoine leochaileacha, go háirithe iad siúd a raibh clutharú á dhéanamh acu agus íospartaigh na drochíde sa teaghlach.
- Cearta daonna gach duine a ndearnamar teagmháil leo a chosaint.
- Ár ndaoine féin a choimeád sábháilte trí threalamh cosanta, modhanna nua oibríochtúla, comhairle leighis, sláinte agus sábháilteachta a sholáthar go rialta, agus go laethúil, amanna.
- Díriú leanúnach ar ghníomhaíocht forfheidhmithe in aghaidh grúpaí coireachta eagraithe lena chinntiú nach ndeachaigh siad i dtír go hiomlán ar an bpaindéim

Bhí caidreamh láidir ag an nGarda leis an bpobal i gcónaí. Bhí sé ríthábhachtach go ndearnadh seo a chothú.

Ba thapa a rinneadh nasc tábhachtach de Ghardaí Áitiúla do dhaoine, go háirithe iad siúd a bhí leochaileach i dtaobh cúrsaí leighis de nó a raibh clutharú á dhéanamh acu. Thug Gardaí faoi thascanna tábhachtacha laethúla i dtionscnaimh áitiúla, cosúil le pinsin agus oidis a bhailiú, siopadóireacht a dhéanamh, nó fiú díreach comhrá a bheith acu le daoine faoi scaradh sóisialta. Ba mhór na tacaíochtaí agus na teagmhálacha seo do dhaoine, agus leanann siad de bheith amhlaidh, i dtréimhse ina raibh agus ina bhfuil siad an-bhuartha.

Nuair a chuirtear na teorainneacha ar ghluaiseacht san áireamh a cuireadh ar dhaoine, b'eol dúinn go dtiocfadh méadú ar fhoréigean teaghlaigh. Cuireadh oibríocht thiomnaithe i bhfeidhm a rinneadh leibhéal suntasach teagmháil le híospartaigh na drochíde sa teaghlach agus ionchúisimh in aghaidh déantóirí.

Chun tacú le treoirlínte agus rialacháin sláinte poiblí, cuireadh patróil ard-infheictheachta i bhfeidhm ag conláistí poiblí, radhairc áille agus ag príomhláithreacha. Seiceáladh áitribh mhiondíola agus cheadúnaithe go rialto, agus thug na Gardaí faoi na céadta míle seicphointe ag gach tráth de lá agus d'oíche, ba chuma cén aimsir a bhí buailte leo.

Ghluaiseamar ar aghaidh ar luas tapa i dtaobh cúrsaí eagraíochta de chun maoirseacht agus comhairle lárnach a sholáthar dár bpearsanra; níos mó Gardaí a chur ar an túslíne; trealamh cosanta a fháil agus a sholáthar do Ghardaí agus in oifigí; córais agus uirlisí TF a sholáthar lena chur ar chumas na mílte pearsanra chun oibriú ón mbaile, agus cumarsáid laethúil a dhéanamh go díreach le ríomhphost gach duine agus friotal soiléir á úsáid.

A bhuíochas leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm, agus le gairmiúlacht agus tiomantas ár bpearsanra, bhaineamar ráta athléimneachta fostaithe 95% amach formhór an ama. Bhíomar in ann leanúint le hardleibhéal seirbhíse a chur ar fáil i gcaitheamh na bliana dá bharr seo.

I dtráth inar mheall póilíneacht i ndlínsí eile go leor tráchtanna diúltacha, thug sé ardú meanman dúinn a thabhairt faoi deara go ndearnadh roinnt suirbhéanna neamhspleácha a dheimhnigh go raibh ardleibhéil mhuiníne, tacaíochta agus iontaoibhe ann i measc an phobail as an mbealach a d'oibrigh an Garda Síochána i rith na paindéime. D'fhéadfaí seo a thabhairt faoi deara freisin sa chaoi go raibh an pobal ag cloí go mór leis an gcomhairle agus na rialacháin sláinte poiblí.

Dar ndóigh, is féidir ceachtanna a fhoghlaim ó gach cás. Áirítear le roinnt díobh siúd go dtí seo an méid seo a leanas:

- An tábhacht a bhaineann le cur lenár gcaidreamh neartaithe leis an bpobal.
- An t-ardluach a léiríonn daoine ar infheictheacht Ghardaí ina bpobal áitiúil.
- A chinntiú go dtugtar tacaíocht agus aird thiomnaithe do agus ar dhaoine leochaileacha.
- Is féidir leis an eagraíocht oiriúnú go tapa d'athrú nuair a dhéantar í a struchtúrú agus nuair a thacaítear léi amhlaidh a dhéanamh.
- Ní hamháin go bhfuil oibriú as baile indéanta, ach is féidir leis bheith mar bhealach chun cabhrú le roinnt pearsanra cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a bhaint amach.
- An tairbhe a bhaineann le pearsanra a choimeád ar an eolas go rialta i bhfriotal neamhchasta agus ar bhealach arb éasca teacht air.

Leanfaimid le ceachtanna a fhoghlaim ón bpaindéim a chabhróidh linn feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid don phobal agus na tacaíochtaí dár bpearsanra féin.

In ainneoin na mbrúnna móra a chruthaigh Covid-19, bhí orainn leanúint lenár gcroífheidhm, lenar bhain daoine a choimeád sábháilte tríd an gcoireacht a chosc agus a bhrath, a sholáthar freisin. Cé gur tháinig laghdú ar rátaí coireachta i bhformhór na limistéar, rinne coirpigh iarracht, mar sin féin, teacht i dtír ar an bpaindéim.

Rinneadh méideanna móra drugaí, airgid thirim agus gunnaí a urghabháil, agus tugadh pearsana móra i ndronga coireachta eagraithe os comhair na gcúirteanna. Thug an obair seo saol daoine slán agus bhain sé de chumas na ndrong coireachta siúd. Dhírigh Aonaid Tacaíochta Drugaí Roinne freisin ar mhangaireacht sráide íseal-leibhéil chun tacú le pobail a bhí thíos leis seo.

Ar an drochuair, in ainneoin gur thit leibhéil tráchta go mór, tháinig borradh faoin líon daoine a maraíodh ar na bóithre arís eile in 2020. Má mharaítear duine amháin ar an mbóthar, bás iomarcach amháin atá ann. Táimid go léir freagrach as an méid daoine a mharaítear ar an mbóthar a laghdú, agus oibreoimid lenár gcomhpháirtithe um shábháilteacht ar bhóithre agus leis an bpobal, chun saol daoine a thabhairt slán agus chun gortuithe tromchúiseacha a laghdú in 2021.

Ba léir an ról ríthábhachtach atá ag an nGarda Síochána chun an Stát a choimeád slán nuair a cuireadh in aghaidh réimse bagairtí sceimhlitheoireachta. Ní fhéadfaí an obair siúd a dhéanamh murach an comhoibriú dlúth agus an t-eolas a roinneadh lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí.

Mar gheall ar ár ndíriú ar an bpaindéim a phóilíniú, níorbh fhéidir roinnt de na tionscnaimh a chur i bhfeidhm faoi Sheirbhís Phóilíneachta dár dTodhchaí, faoi mar a beartaíodh. Rinneadh dul chun cinn go fóill, mar sin féin, i roinnt limistéar ar nós an mhéid seo a leanas:

- Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne a bhunú i ngach Roinn.
- Leanadh leis na gléasanna móibíleacha a thabhairt isteach.
- Bunaíodh Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána.
- Cuireadh an tSamhail Oibriúcháin i bhfeidhm go leanúnach.

Chabhraigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Coiste um Dhlí agus Ceart an Oireachtais, an tÚdarás Póilíneachta, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus Cigireacht an Gharda Síochána, anuas ar réimse gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí neamhrialtais a ndéanaimid comhpháirtíocht leo leis an dul chun cinn seo. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo dó seo.

Dar ndóigh, ní fhéadfaimis rud ar bith den mhéid a bhain an eagraíocht amach i rith na bliana a dhéanamh murach an tsárobair a rinne pearsanra an Gharda Síochána a raibh orthu frithghníomhú go mear i leith cásanna an-dúshlánacha agus an-deacra gairmiúla agus pearsanta.

Arís eile, léirigh fir agus mná an Gharda Síochána a dtiomantas dá ndualgas agus don tír seo agus do mhuintir na tíre seo a chosaint.

Ba thubaisteach gur meabhraíodh go ríléir dúinn go léir an íobairt a bhíonn le déanamh ag Gardaí i dtabhairt faoina ndualgais nuair a maraíodh gcomhghleacaí meas, an Bleachtaire Garda Colm Horkan, i gcaitheamh dó bheith ag tabhairt faoina dhualgas oíche an 17 Meitheamh go maidin an 18 Meitheamh. Bhí Colm ina eiseamláir den mhéid ba cheart dúinne go léir, comhaltaí an Gharda Síochána, iarracht a dhéanamh a bhaint amach. Rinne sé daoine aonair agus an pobal a shuíomh i gceartlár gach ruda a rinne sé i rith na 24 bliain a chaith sé ag fónamh.

Leanfaidh an Garda Síochána le honóir a léiriú ar chuimhne Choilm – agus ar chuimhne ár gcomhghleacaithe go léir a maraíodh – trína chinntiú go n-oibrímid chun muintir na tíre seo a choimeád sábháilte trí sheirbhís éifeachtach, thuisceanach agus eiticiúil phóilíneachta agus slándála.

**Drew Harris**

Coimisinéir an Gharda Síochána



# PÓILÍNIÚ I RITH NA PAINDÉIME

## LÉARGAS GINEARÁLTA

Thug an Rialtas sonraí an 12 Márta 2020 faoi phleananna chun Covid-19 a shrianadh. Chun tacú le seo, d'fhógair an Garda Síochána roinnt beart an 13 Márta 2020 chun an fháil oibríochtúil a uasmhéadú agus chun tacú le seirbhísí poiblí ríthábhachtacha eile.

Áiríodh leo seo uainchlár teagmhasachta chun uaireanta póilíneachta a mhéadú; srianta ar shaoire bhliantúil; fianú breis agus 300 Garda faoi oiliúint a bhrostú; Gardaí a athimlonnú a bhí ag oibriú i róil neamhoibríochtúla don túslíne; oiliúint i gColáiste an Gharda Síochána a chur ar fionraí seachas i gcás gníomhaíocht sainoiliúna; agus d'fhéadfadh na Gardaí scor a chur siar ar feadh 12 mhí (faoi réir fhaomhadh an rialtais).

Dúirt an Coimisinéir Harris ag an tráth go mbeadh an eagraíocht dírithe ar athdhearbhú a sholáthar do dhaoine, daoine a choimeád sábháilte, cosc a chur ar choireacht, agus tacú le pobail.

**Cur Chuige na 4 'E'**

Chun tacú le cloí le bearta sláinte poiblí, ghlac an Garda Síochána le freagairt chéimnithe póilíneachta ar fud na tíre.

Agus amhlaidh á dhéanamh, d'úsáid na Gardaí cur chuige na 4 'E' (engage, explain, encourage agus enforcement as Béarla) - idirchaidreamh, mínigh, spreag, agus forfheidhmigh, ach amháin nuair a fhoráiltear dó agus mar rogha dheiridh.

1 IDIRCHAIDREAMH → 2 MÍNIGH → 3 SPREAG → 4 FORFHEIDHMIGH

Mar chuid den bheartas seo, chuaigh comhaltaí an Gharda Síochána i gcomhairle leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir leis an gcinneadh chun cúiseamh a dhéanamh i ngach cás ina ndearnadh gabháil faoi na rialacháin sláinte poiblí.

Rinne na Gardaí na milliúin idirghníomhú le daoine i rith 2020. Bhí an tromlach mór ag cloí le rialacháin sláinte poiblí nó chloígh siad leo le himeacht ama. Níor cuireadh comhad faoi bhráid an SIP i ngeall ar sháruithe ar na rialacháin sláinte poiblí ach i gcomhréir fhíorbheag den idirghníomhú seo.

**Rannpháirtíocht sa Phobal**

Rinne Gardaí pobail idirchaidreamh le daoine aonair, grúpaí pobail, gníomhaireachtaí reachtúla, carthanas agus gnólachtaí áitiúla i rith na paindéime chun réimse seirbhísí a sholáthar chun cabhrú leo siúd is leochailí agus le hiad a chosaint.

Chun tacú le seo, cuireadh 210 feithicil bhreise ar fáil ar fud na tíre i Márta. Úsáideadh na feithiclí seo chun leanúint le hidirghníomhú pearsanta a dhéanamh, agus chun cabhrú agus tacú leo siúd a raibh tacaíocht theoranta teaghlaigh áitiúil nó shóisialta á fáil acu.

**Cás-Staidéar - Cúnamh Chef Dhún na nGall agus Béilí ar Rothaí**

Rinne Gardaí na mílte béile a sheachadadh chuig daoine leochaileacha agus chuig cónaitheoirí i bpobail ar fud na tíre a raibh clutharú á dhéanamh acu mar chuid de thionscnaimh éagsúla 'béilí ar rothaí'.

Cruthaíodh tionscnamh amháin díobh, Cúnamh Chef Dhún na nGall, lena aithint gur iarradh ar dhaoine leochaileacha agus aosta fanacht ina dtithe i ndiaidh gur cuireadh tús leis na chéad srianta náisiúnta in 2020. D'oibrigh Gardaí i mBaile Dhún na nGall as lámh le bialannaithe agus chefanna áitiúla chun cabhrú le béilí a ullmhaíodh agus a cócaráladh go húr a sholáthar agus a sheachadadh do chónaitheoirí áitiúla ar bhonn laethúil.

Tháinig méadú ar éileamh ar an tseirbhís seo ar fud an chontae agus ghlac roinnt Gardaí ar scor páirt san oibríocht, chomh maith le roinnt mhaith oibrithe deonacha áitiúla. Bhí ocht n-ionad i mbun feidhme laistigh de cúpla mí, a raibh seirbhís á soláthar acu ó Leitir Ceanainn go Bun Dobhráin, agus bhí breis agus 180,000 dinnéar seachadta faoi Mheitheamh chuig daoine aosta agus leochaileacha.

**Cás-Staidéar - Tionscnamh Shligigh/Liatroma**

Rinne Gardaí Póilíneachta Pobail ar fud na tíre grósaeirí agus oidis a bhailiú agus a sheachadadh chuig baill an phobail a raibh clutharú á dhéanamh acu.

Rinne Gardaí Pobail Shligigh/Liatroma teagmháil leis na seirbhísí pobail lena chinntiú gur tugadh aire do na cónaitheoirí leochaileacha go léir agus scríobh siad chuig gach cógaslann sa Roinn lena gcur ar an eolas iad go raibh siad sásta oidis a bhailiú/a sheachadadh.

Glacadh go mór leis an tionscnamh sna chéad ocht seachtaine den phaindéim agus rinne Gardaí cógais a sheachadadh chuig líon ollmhór de na cónaitheoirí ar fud na Roinne agus bhronn seo braistint slándála orthu.

**Cás-Staidéar - Teachtaireacht i mBuidéal – Béal an Átha/Béal an Mhuirthead**

Chomhoibrigh Gardaí Rannpháirtíochta sa Phobal Bhéal an Átha/Bhéal an Mhuirthead le Cumann Ballina Lions agus lena gcógaslanna áitiúla leis an tionscnamh 'Teachtaireacht i mBuidéal' a chruthú. Ba í an aidhm na daoine aosta agus is leochailí a spreagadh a sonraí bunúsacha agus leighis a choimeád in aon áit amháin, áit a mbeadh sé éasca teacht orthu i gcás éigeandála. Bhain tábhacht ní ba mhó leis seo i rith na paindéime. Rinne Gardaí coimeádáin phlaisteacha agus greamáin chroise glaise fhéinghreamaitheacha a sheachadadh nuair a rinne siad a seiceáil isteach laethúil sa phobal. Iarradh ar chónaitheoirí an t-eolas a líonadh, é a chur sa bhuidéal agus é a chur ar sheilf dhoras an chuisneora. D'fhéadfaí na greamáin a chur ar an gcuisneoir ansin, agus ar na doirse tosaigh agus cúil lena thabhairt le fios go bhfuil an t-eolas ar fáil.



**Cás-Staidéar – RCBÁC**

Chuir na Gardaí Pobail a bhí ag oibriú le Stáisiún Gardaí Chill Mhaighneann tacaíocht ar fáil d'Ospidéal Naomh Séamus i dtaobh lóistíocht pacáistí cúraim a thug an pobal mar thabhartas don fhoireann agus do na hothair ag a bpríomhchampas agus ag a saoráidí satailíte trasna Bhaile Átha Cliath, is é sin, Ospidéal Naomh Lúcás agus Teach Altranais Shruthán an Chuilinn.

Anuas air sin, chabhraigh Gardaí freisin le hearraí bunriachtanacha a bhailiúchán agus a sheachadadh chuig cónaitheoirí leochaileacha ar fud an Cheantair, agus thug siad tacaíocht bhunriachtanach, ach go háirithe, do Bhanc Bia Pobail an Chloigín Gorm.

D'oibrigh siad go dlúth le coimpléisc agus le cónaitheoirí níos aosta, cosúil le ALONE i bPlás Liam Mhic Fheorais agus Páirc an Charnáin, agus chuir siad tacaíocht, comhairle, athdhearbhú agus comhluadar cairdiúil ar fáil.

**Cás-Staidéar – Ciorcal na Cathrach**

Thug Gardaí na Cathrach tionscnamh Chiorcal na Cathrach isteach. Ba é an cuspóir go sainaithneodh Gardaí Pobail oibrithe deonacha ar a ndearnadh sainghrinnfhiosrúchán agus daoine leochaileacha gaolmhara ar fud Cheantar na Cathrach ag féachaint le seirbhís laethúil 'seiceála isteach' a shainaithint le leas cónaitheoirí leochaileach/aosta a chinntiú laistigh den Cheantar. Áiríodh le ról an oibrí dheonaigh:

- A dheimhniú an bhfuil an duine aosta ceart go leor.
- A sheiceáil ar theastaigh aon seachadtaí uathu. (Grósaeirí/Cógais).
- Iad a chur ar an eolas ar na seirbhísí reatha atá ar fáil dá dteastódh aon tacaíocht bhreise uathu, cosúil le béilí ar rothaí nó seirbhís aláram práinne.
- A nÉirchód a dheimhniú don duine aosta/tacú leo a nÉirchód a fhoghlaim.
- A chinntiú go gcuirtear a neasghaol, nó nuair a bhíonn siad as láthair, na Gardaí, ar an eolas nár freagraíodh glaoch gutháin.
- Teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí sa chás nach féidir teagmháil a dhéanamh leo, nó lena neasghaol.

**Imeachtaí garsprice cónaitheoirí leochaileacha**

D'eagraigh Gardaí ceiliúradh go réamhghníomhach, inar cloíodh leis na rialacha maidir le scaradh sóisialta, d'ócáidí cosúil le breithlaethanta daoine aosta a raibh clutharú á dhéanamh acu agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a cheiliúradh. Eagraíodh roinnt 'tiomáint thar bráid' leis na seirbhísí éigeandála áitiúla ar fud na tíre.




Scaradh sóisialta a léiriú

**Idirchaidreamh le grúpaí éagsúla**

Rinne na Gardaí idirchaidreamh le grúpaí éagsúla inar tugadh ardlíon teagmhais Covid-19 faoi deara le béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le cloí le comhairle agus rialacháin sláinte poiblí.

Nuair ba ghá, cuireadh aistriúchán ar fáil lena chur ar chumas na ngrúpaí siúd an teachtaireacht a fháil. Mar shampla, bhí Gardaí a bhí in ann an Pholainnis, an Phortaingéilis agus teangacha eile a labhairt mar chuid d'fhoirne Gardaí áitiúla a rinne teagmháil le grúpa ionaid feola inar bhain roinnt fostaithe torthaí dearfacha amach. Scaip siad ábhar aistrithe agus chas siad le hionadaithe na n-oibrithe agus leis an mbainistíocht.

Anuas air sin, cuireadh físeáin le chéile in 10 dteanga inar cuireadh comhairle Covid-19 ar fáil, agus rinne siad cumarsáid a dhírigh ar Phobail an Lucht Siúil agus an Pobal Bodhar. Ina theannta sin, cuireadh póstaeir faoi chosc na coireachta a bhaineann le Covid-19 in 13 theanga ar fáil do stáisiúin Ghardaí.

**Tionscnaimh Shéasúracha**

Seoladh tionscnaimh éagsúla de théama na Cásca agus na Nollag i rith na paindéime.

Áirítear leo seo:

- D'fhorbair leanaí scoile náisiúnta cártaí Nollag agus na Cásca mar chuid de na tionscnaimh Teachtaireacht Dóchais ('Message of Hope') (Sligeach/Liatroim), Trasghlúine ('Cross Generation') (Cill Dhéagláin), agus Miongháire a Sheoladh ('Sending a Smile') (Ciarraí) agus rinneadh iad a sheachadadh chuig na cónaitheoirí leochaileacha inár bpobail.
- Chuir Gardaí Pobail in RCBÁC Thuaidh-Láir a bhí ag oibriú i Stáisiún Gardaí Mhuinseo comórtas cártaí Nollag ar siúl do bhunscoileanna ar fud an Cheantair, agus fuarthas 500 iontráil dó. Rinneadh na hiontrálacha buaiteacha go léir a bhailiú agus a dhéanamh ina gcártaí Nollag ansin a rinne Gardaí Pobail a sheachadadh do gach soláthraí seirbhíse éigeandála agus do gach duine leochaileach laistigh den Cheantar inar guíodh Nollaig Shona orthu.
- Rinne ciseacha Nollag a sheachadadh i gcomhar le feachtas Bí ar Fónamh de chuid Chomhairle Contae na Mí.
- Cuireadh impí Ghníomh Cineáltais Chiarraí ('Kerry Act of Kindness') ar bun inar cuireadh bréagáin agus bia don Nollaig ar fáil do bhreis agus 500 teaghlach i gCiarraí a raibh ag streachailt leo i dtaobh cúrsaí airgeadais de.

## OIBRÍOCHTAÍ PÓILÍNEACHTA CHUN TACÚ LE TREOIRLÍNTE AGUS RIALACHÁIN SLÁINTE POIBLÍ

**An túslíne a uasmhéadú**

Le cur le freagairt an Gharda Síochána don ghéarchéim shláinte poiblí, rinne Coimisinéir an Gharda Síochána an cinneadh oibríochtúil chun 522 Oiliúnaí Garda agus Garda Promhóra a fhianú ní ba luaithe ná mar a sceidealaíodh agus iad a chur chun oibre ag an túslíne i stáisiúin ar fud na tíre.

Mar chuid den fhreagairt chéimnithe do Covid-19, cuireadh an oiliúint neamh-bhunriachtanach go léir faoinar tugadh ag Coláiste an Gharda Síochána ar fionraí don chuid ba mhó den bhliain 2020. Thit 124 Garda a ath-imlonnú óna ndualgais ag Coláiste an Gharda Síochána chuig an túslíne amach in Aibreán ag Coláiste an Gharda Síochána i ndiaidh luaineachta i dtreochtaí tarchuir Covid-19, rinneadh 264 Garda - 123 Garda Promhóra, 73 Garda faoi Oiliúint, 68 ball foirne de Choláiste an Gharda Síochána ina measc - a ath-imlonnú arís eile i Samhain ó Coláiste an Gharda Síochána chun tacú le póilíneacht túslíne.

**Patróil Ard-Infheictheachta**

Thug an Garda Síochána faoi phatróil ard-infheictheachta ar fud na tíre, go háirithe ag láithreacha cosúil le conláistí poiblí, páirceanna, agus áiteanna áilleachta nádúrtha, áit ar dhóchúil go dtionóladh líonta móra daoine.

**Oibríocht Faoiseamh**

Sheol Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta an tionscnamh seo in Aibreán mar fhreagairt dhíreach don mhéadú ar ghlaonna gutháin a bhain le drochíde sa teaghlach a cuireadh ar an nGarda Síochána i rith shrianta sláinte poiblí Covid-19.

Ba í aidhm na hoibríocht tacaíocht agus cosaint bhreise réamhghníomhach a sholáthar d'íospartaigh na drochíde sa teaghlach. Chuir sé le gníomhaíocht leanúnach an Gharda Síochána i leith drochíde sa teaghlach.

Rinne an Garda Síochána 22,795 teagmháil agus iarracht ar theagmháil, ar an iomlán, le híospartaigh na drochíde sa teaghlach i rith 2020, agus tugadh faoi bhreis agus 217 ionchúiseamh a bhain go díreach le hOibríocht Faoiseamh.

**Sonraí faoi dhrochíde sa teaghlach don bhliain 2020 i gcomparáid le 2019:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cuireadh thart ar 43,500 glaoch gutháin ar Ghardaí chun freagairt do theagmhais drochíde sa teaghlach go dtí 2020 | Cruthaíodh breis agus 4,000 cúiseamh coiriúil i ngeall ar sháruithe ar Orduithe faoin Acht um Fhoréigean Baile in 2020 | Cruthaíodh breis agus 7,600 ciontú coiriúil in 2020 i ngeall ar choireanna ina raibh gné dhrochíde sa | Cruthaíodh breis agus 12,000 Ordú faoin Acht um Fhoréigean Baile in 2020 |
| **17% increase on 2019** | **24% increase on 2019** | **24% increase on 2019** | |

**Oibríocht Fanacht**

Cuireadh tús leis seo in Aibreán agus tugadh isteach é roinnt uaireanta i rith 2020 chun tacú le treoirlínte agus rialacháin sláinte poiblí a bhaineann le srianta taistil. B'éard a bhain leis ná seicphointí mórscála ar go leor príomhbhóithre agus na mílte seicphointe inaistrithe ar bhóithre den dara grád.

**Oibríocht Navigation**

Cuireadh tús le hOibríocht Navigation in Iúil lena chinntiú gur chloígh áitribh cheadúnaithe le rialacháin sláinte poiblí.

**Oibríocht Treoraím**

Thug an Garda Síochána faoi sheiceálacha faoi Oibríocht Treoraím ó Dheireadh Fómhair ar áitribh mhiondíola ar fud na tíre lena chinntiú go rabhthas ag cloí le rialacháin sláinte poiblí. Bhí tromlach mór na n-áitreabh miondíola ag cloí leo nó chloígh siad leo nuair a iarradh orthu amhlaidh a dhéanamh.

**Aonad Oird Phoiblí Náisiúnta an Gharda Síochána (an GNPOU)**

Bunaíodh Aonad Oird Phoiblí lánaimseartha i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) d'fhad na chéad dianghlasála agus isteach i míonna an tsamhraidh. Bhí seo le díriú ar theagmhais de chineál oird phoiblí agus le tacú le hiarrachtaí póilíneachta lena chinntiú gur cloíodh leis na rialacháin sláinte poiblí. Bhí an dealramh air go raibh sé an-éifeachtach ag déileáil leis na teagmhais siúd agus fuarthas aiseolas dearfach ó Ghardaí túslíne.

**Chosc agus Brath na Coireachta**

Úsáideadh cumhachtaí forfheidhmithe a bhí ann cheana féin in 3,034 teagmhas inar nochtadh cionta eile i gcaitheamh oibríochtaí Covid-19. B'éard a bhí i gceist leis na teagmhais seo ná tiomáint ar meisce nó tiománaithe dícháilithe ag seicphointí, agus drugaí agus airm a urghabháil agus cionta oird phoiblí.

**Staitisticí Covid-19 – ón 8 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2020**

Bunaítear gach figiúr ar eolas oibríochtúil agus tá siad i gceart amhail an 10 Aibreán 2021.

| | Catagóir | Líon Iomlán na dTeagmhas | Líon inar Tosaíodh Imeachtaí go dtí seo | An Líon Imeachtaí leis an SIP – Líon Imeachtaí go |
|---|---|---|---|---|
| APR | Tréimhse na Dianghlasála Tosaigh – ón 8 Aibreán go dtí an 28 Meitheamh 2020<br>Sáruithe ar an Acht Sláinte, 1947 (Oibríocht Fanacht etc...) | 363 | 257 | 68 |
| | Ón 29 Meitheamh 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020<br>Sáruithe ar an Acht Sláinte, 1947 | 125 | 37 | 15 |
| | Áitreabh Ceadúnaithe (Oibríocht Navigation – tosaithe an 3 Iúil 2020) | 411 | 155 | 74 |
| | Áitreabh Miondíola (Oibríocht Treoraím – tosaithe an 25 Deireadh Fómhair 2020) | 179 | 58 | 31 |
| | Rialacháin maidir le Clúdaigh Aghaidhe (Comhad seolta chuig an DPP) | 16 | 8 | 2 |
| | Rialacháin maidir le Taisteal Idirnáisiúnta – Foirmeacha Aimsithe Paisinéara | 6 | 4 | 1 |



#anseolecabhrú
leo siúd is leochailí

# PÓILÍNIÚ I RITH NA PAINDÉIME



**Sciatha Frithsheile a Thabhairt Isteach**

Tugadh sciatha frithsheile isteach in Aibreán mar bheart sláinte agus sábháilteachta chun Gardaí a chosaint lena n-úsáid i gcúinsí an-teoranta.

Chuir sciatha frithsheile rogha bhreise bheartach ar fáil arbh fhéidir le Garda breithniú a dhéanamh orthu, mar rogha dheiridh, i gcantanam d'fhreagairt chéimnithe, i gcúinsí 'ina bhfuil fianaise shoiléir ann i leith seile a chaitheamh anois nó nuair a chreideann comhalta go bhfuil bagairt shoiléir agus inbhraite go gcaithfidh an t-ábhar seile leo', is féidir sciatha frithsheile a úsáid.

Úsáid dhleathach fórsa iad sciatha frithsheile agus tá siad á n-eisiúint do sheirbhísí póilíneachta eile go hidirnáisiúnta.

Luaitear go soiléir i mbeartas an Gharda Síochána maidir le sciatha frithsheile nach bhfuiltear le hiad a úsáid ach mar rogha dheiridh agus ar aon dul le Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána, a bhfuil cearta daonna agus ár gCód Eitice ina croílár.

Leanadh le hathbhreithniú seasmhach a dhéanamh ar sciatha frithsheile a úsáid. Lean seo ar aghaidh in 2021.

Léiríonn sonraí gur mhó an méid ionsaithe seile a rinneadh ar Ghardaí ná an méid uaireanta a cuireadh sciatha frithsheile chun feidhme.

**Sciatha Frithsheile a Úsáid agus Ionsaithe Seile ar Chomhaltaí**

| | **Líon Iomlán na dTeagmhas** | **Líon inar Tosaíodh Imeachtaí go dtí seo** |
|---|---|---|
| Sciatha Frithsheile a Úsáid | | 85 |
| Ionsaithe Seile ar Chomhaltaí | 248 | 142 |

## TACÚ LE PÓILÍNIÚ I RITH NA PAINDÉIME

**Aonad Comhordaithe Covid-19 an Gharda Síochána**

Bhunaigh an Coimisinéir Aonad Comhordaithe Covid-19 Náisiúnta an Gharda Síochána i Márta 2020. Tá Ard-Cheannfort i gceannas air agus ba é a ról a chinntiú gur glacadh le cur chuige comhordaithe nuair a bhíothas ag déileáil le saincheisteanna eagraíochta maidir le víreas Covid-19.

D'oibrigh an t-aonad faoin Oifig Bainistíochta Móréigeandála (MEM), agus bhí sé freagrach as nuashonruithe a sholáthar do chomhaltaí na heagraíochta agus ceisteanna ar leith a bhí ag pearsanra an Gharda Síochána a fhreagairt, anuas ar idirchaidreamh a dhéanamh le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais éagsúla.

D'oibrigh Aonad Comhordaithe Covid-19 an Gharda Síochána línte gutháin agus seoladh ríomhphoist tiomnaithe do phearsanra uile an Gharda Síochána ar bhonn 24/7. D'éascaigh seo teagmháil dhíreach ón bhfoireann ar gach grád agus céim chun comhairle, eolas agus athdhearbhú a fháil maidir leis an iliomad beartais, reachtaíochta, Ionstraimí Reachtúla, réamhchúraimí casta agus a bhí ag teacht chun cinn a bhain leis an bpaindéim, agus aon chabhair eile a theastaigh le haghaidh oibríochtaí agus bainistíocht áitiúil. Ullmhaíodh tuarascálacha faisnéise laethúla don bhainistíocht anuas ar thuarascálacha agus nuashonruithe rialta do Chumarsáid Inmheánach. Bhí an t-aiseolas a sholáthair an t-aonad ar an oibriú agus an tseirbhís ó gach leibhéal den eagraíocht thar a bheith dearfach.

**Sláinte agus Folláine Cheirde an Gharda Síochána (GOHW)**

Sholáthair an GOHW tacaíocht, agus rinne sé folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta a chur chun cinn do phearsanra uile an Gharda Síochána chun tabhairt faoina ndualgais go sábháilte agus go héifeachtach.

D'oibrigh an GOWH go dlúth le roinnt aonad ar fud na heagraíochta chun roinnt tionscnamh a sholáthar, an méid seo a leanas ina measc:

- Leathanach tiomnaithe tairsí Covid-19
- Cáipéis Cheisteanna Coitianta faoi Covid-19 ina bhfuil eolas agus comhairle cothrom le dáta
- Comhairle fíor-ama a sholáthar do phearsanra aonair an Gharda Síochána, bainistíocht an Gharda Síochána agus don Aonad Comhordaithe Covid-19 maidir le breithnithe leighis a bhaineann le rialacháin agus treoir sláinte poiblí a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme.
- Roinnt cáipéisí treorach ar ábhair ar nós an mhéid seo a leanas a chur le chéile:
    - o Tacaíocht a thabhairt don phearsanra torrach agus iad a bhainistiú,
    - o Clutharú,
    - o Ionad oibre Covid-19, agus
    - o Breithnithe sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le Covid-19 a chur i bhfeidhm a imríonn tionchar ar phóilíneacht oibríochtúil agus ar dhúshláin oibríochtúla a thagann chun solais
- Cuireadh freagairtí ag an bPríomhoifigeach Leighis ar fáil trí fhíseáin ar an ríomhiris inmheánach ar cheisteanna a bhí acu maidir le saincheisteanna agus buarthaí Covid-19.

**Acmhainní Daonna agus Forbairt Ghairmiúil (HRPD)**

Chuir HRPD cruinniú seachtainiúil ar bun le cumainn ionadaíocha an Gharda Síochána agus le ceardchumainn fhoireann an Gharda Síochána i rith 2020. Cheadaigh seo saincheisteanna a thabhairt chun solais go díreach agus teacht ar réitigh ar bhealach tráthúil.

D'oibrigh Aonad Náisiúnta Beartas Sláinte agus Sábháilteachta an Gharda Síochána go dlúth le hAonad Comhordaithe Covid-19 an Gharda Síochána i dtaobh gléasanna, cúnamh agus treoir a sholáthar do bhainisteoirí sinsearacha agus d'fhostaithe ar fud na heagraíochta.

Rinne an Grúpa Stiúrtha Oibre Normalaithe, a bhunaigh an Coimisinéir agus ar a ndearna an Príomhoifigeach Riaracháin cathaoirleacht, pleananna a fhorbairt don phearsanra chun filleadh go sábháilte ar an ionad oibre i ndiaidh gur baineadh srianta Covid-19 Leibhéal 5. Bunaíodh trí fhoghrúpa faoin nGrúpa Stiúrtha chun scrúdú a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht, cianoibriú, agus ar phóilíneacht oibríochtúil túslíne i ndiaidh Covid-19.



Sa Phobal

# PÓILÍNIÚ I RITH NA PAINDÉIME



Tugadh sraith beart isteach chun tarchur Covid-19 san ionad oibre a laghdú.

Lena chinntiú go raibh na bearta seo á gcur i bhfeidhm go hiomlán agus go héifeachtach ar fud na heagraíochta, thug Comhairleoirí Réigiúnacha Sábháilteachta faoi shainchúram Aonad Náisiúnta Beartas Sláinte agus Sábháilteachta an Gharda Síochána faoi chuairteanna fánacha comhlíonta Covid-19 a thabhairt ar Stáisiúin Ghardaí, oifigí agus ar thimpeallachtaí oibre eile.

Rinne an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe teagmháil chianda le cliaint agus le hatreoruithe nua. Rinne an fhoireann teagmháil freisin ar an nguthán le pearsanra ar tháinig Covid-19 orthu nó ar ghá dóibh féinaonrú mar gheall go ndearna siad teagmháil dhlúth le duine ar a raibh an víreas.

Cuireadh 3,401 de na glaonna siúd ar phearsanra laistigh den Gharda Síochána idir Márta 2020 agus Nollaig 2020.

**Cianoibriú**

Bhí acmhainní teoranta cianoibrithe i bhfeidhm roimh 2020 mar gheall go raibh tromlach mór na foirne ag oibriú ar an láthair.

Chumasaigh foirne Oibríochtaí agus Slándála TF, i ndiaidh chomhairle ghinearálta an Rialtais faoi fhreastal ar an ionad oibre, cianoibriú ó Mhárta i measc 2,500 comhalta agus ball foirne an Gharda Síochána i dtimpeallacht fheidhmiúil agus shlán oibre.

| 100+ | 1,400+ | 4,890+ | 1,400+ | 21 | 3,096 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ríomhaire Deisce Leithdháilte | Ríomhaire Glúine Leithdháilte | Guthán Póca á mBainistiú | Ríomhaire Deisce Fíorúil | Comhthiomsú Bonneagair Fhíorúil Shaincheaptha | Licín an ÚSB |

**Soláthar**

Bhí ról mór le glacadh ag an Rannóg Soláthair i dtaobh trealamh cosanta pearsanta (TCP) agus díghalaráin lámh a fhoinsiú ar gearrfhógra agus fad a bhí éileamh domhanda orthu.




D'oibrigh Soláthar go dlúth le gníomhaireachtaí Rialtais eile, FSS, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Fiontraíocht Éireann, an OSR, ÚFT agus eagraíochtaí pobalbhunaithe lena chinntiú go ndearnadh an slabhra soláthair a choimeád ar siúl agus gur cuireadh an trealamh cuí TCP ar fáil do Ghardaí túslíne chun tabhairt faoina ndualgais ar bhealach sábháilte.

**Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána (an GSAS))**

Tar éis gur thosaigh paindéim Covid-19, sholáthair an GSAS tuarascálacha anailíse don bhainistíocht shinsearach chun cabhrú agus tacú le cinnteoireacht oibríochtúil, anuas ar threochtaí i gcomhlíonadh agus i bhforfheidhmiú a rianú.

Sholáthair an GSAS anailís agus tuarascálacha rialta freisin, i gcomhar le comhghleacaithe in Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána (an GISC), ar theagmhais inar sáraíodh rialacháin a bhaineann le Covid-19, sciatha frithsheile a úsáid agus ionsaithe seile ar Ghardaí. Úsáideadh iad seo chun tacú le freagairtí oibríochtúla agus chun ár bpáirtithe leasmhara seachtracha, an Roinn Dlí agus Cirt agus an tÚdarás Póilíneachta san áireamh, a choimeád ar an eolas ar bhonn rialta.

D'fhoilsigh an GSAS tuarascáil i Meitheamh 2020, i gcomhar leis an Oifig Preasa, ar threochtaí coireachta i rith Covid-19 chun eolas tráthúil a sholáthar don phobal ar na hathruithe a bhí dealraitheach fad a bhí na srianta ba mhó i bhfeidhm i rith na dianghlasála idir Márta agus Bealtaine 2020.

**Cumarsáid**

Bhí sé ina ríthábhacht, le linn géarchéime a bhí ag teacht chun cinn go mear, go léireodh an Garda Síochána don phobal go rabhamar anseo le hiad a choimeád sábháilte.

Bhí sé ríthábhachtach, ar a bharr sin, gur tugadh faoi deara go raibh ár gcroíluachanna – iontaoibh agus díriú ar an bpobal – á gcothú.

Theastaigh eolas rialta agus soiléir ónár bpearsanra freisin chun a sláinte agus sábháilteacht a chosaint, agus leis na rialacháin nua chasta a bhí le cur i bhfeidhm acu ar gearrfhógra a mhíniú dóibh i bhfriotal soiléir.

B'éigean don straitéis cumarsáid shoiléir, chomhsheasmhach, oscailte, rialta agus ar bhealaí spreagtha a dhéanamh i measc cainéil iolracha leis an bpobal agus lenár bpearsanra féin faoinár n-iarrachtaí chun iad a choimeád sábháilte i rith phaindéim Covid-19.

**Cumarsáid Sheachtrach**

Tugadh faoi réimse leathan gníomhaíocht cumarsáide, an méid seo a leanas ina measc:

- **Cruinnithe faisnéise rialta** le pearsanra sinsearach an Gharda Síochána, an Coimisinéir san áireamh, nuair a tugadh tionscnaimh nó oibríochtaí eagraíochta nua isteach.
- **Príomhstaitisticí seachtainiúla a thabhairt isteach** maidir le cumhachtaí nua a úsáid.
- **Príomhtheachtaireachtaí a chur in airde go leanúnach** i measc ár 21 cainéal meán náisiúnta agus áitiúil dár lucht leanúna of 1.5 milliún duine a léirigh infheictheacht agus tacaíocht an Gharda Síochána do dhaoine leochaileacha.
- **Nuashonruithe rialta ar rath** na hoibríochta in aghaidh drochíde sa teaghlach.
- **Ábhar spreagthach físeáin** lenár ndíriú rannpháirtíocht sa phobal a léiriú.
- Sholáthair Gardaí eolas rialta faoi COVID-19 **do shliotáin mheán sóisialta sheachtainiúla.**
- **Leathanach gréasáin tiomnaithe do Covid-19** a chruthú le nuashonruithe ón nGarda Síochána agus nasc a dhéanamh le heolas/treoir chuí ar Gov.ie agus láithreáin ghréasáin FSS.

**Cumarsáid Inmheánach**

Seoladh nuashonrú laethúil ríomhphoist i Márta 2020 atá dírithe ar phríomhchomhairle a sholáthar do phearsanra an Gharda Síochána i bhfriotal soiléir agus simplí ar cheisteanna ar nós athruithe ar threoirlínte agus rialacháin sláinte poiblí, comhairle faoi shláinte agus sábháilteacht, agus treoir oibríochtúil. Bhí an-tóir air go tapa agus lean ardlucht léitheoireachta breis agus 12,000 pearsanra lena léamh gach lá. Rinneadh bealach an-éifeachtach den nuachtlitir seo chun teachtaireachtaí neamhchasta agus tráthúla a chur in iúl don phearsanra.

Cuireadh ábhar ilmheán éagsúil eile ar fáil don eagraíocht a bhaineann le Covid-19, an méid seo a leanas ina measc:

- Feachtais phóstaeir i stáisiúin agus in oifigí.
- Greamáin urláir lena n-úsáid i gcúloifigí.
- Spárálaithe scáileáin ar gach ríomhaire deisce.

**Cúrsaí Dlí**

Thacaigh an Rannóg Dlí le Gardaí oibríochtúla trí chomhairle ar threoirlínte agus rialacháin sláinte poiblí Covid-19 a ullmhú.

**Grinnfhiosrúchán**

Thug an Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Grinnfhiosrúcháin (GNVB) tús áite ó Mhárta do riachtanais phráinneacha ghrinnfhiosrúcháin a dhéanamh ar an bpearsanra leighis agus oibrithe deonacha chun tacú lena n-obair.

Próiseáladh 76,679 iarratas ar ghrinnfhiosrúchán a bhain le Covid-19 in 2020, ar críochnaíodh go leor díobh ar an lá oibre céanna nó laistigh de 24 uair an chloig.

**Méadú ar Iontaoibh agus ar Shásamh an Phobail**

Thug roinnt suirbhéanna neamhspleácha ardleibhéil sásaimh le conas a bhí an Garda Síochána ag oibriú i rith Covid-19 le fios.

**B'ionann iontaoibh as póilíneacht i measc phobal na hÉireann i rith Covid-19 agus an 6ú hiontaoibh ab airde san Eoraip – Eurofound (Bealtaine 2020)**

**Bhain an Garda Síochána an 2ra háit amach, i ndiaidh FSS, i measc eagraíochtaí a ghlac ceannas agus a chuir go dearfach leis an bhfreagairt do ghéarchéim Covid-19. Mar thoradh air sin, tháinig feabhas 14.6 pointe ar scór Cáile an Gharda Síochána ar PULSE, a mhéadaigh aníos ó Mheánscór go Scór láidir 78.2 – Suirbhé RepTrak ar Ghníomhaireacht Cháile (Bealtaine 2020)**

**Tá breis agus 85% de dhaoine sásta le freagairt an Gharda Síochána do bhriseadh amach Covid-19 agus le srianta na dianghlasála a fhorfheidhmiú – AA Ireland (Bealtaine 2020)**

**Infheictheacht níos mó an Gharda Síochána agus rannpháirtíocht agus réamhghníomhaíochtaí níos mó laistigh de phobail a bhí ina saintréithe den fhreagairt póilíneachta do Covid-19 – Tuarascáil an Údaráis Phóilíneachta, Nollaig 2020**




Flít nua an phobail




# PLEAN PÓILÍNEACHTA AGUS PRÍOMHÉACHTAÍ

**Tionchar Covid-19 ar Spriocanna Phlean Póilíneachta 2020**

Mar thoradh ar an tionchar a d'imir Covid-19 agus ar an bhfreagairt chomhfhreagrach póilíneachta a theastaigh i rith na coda ba mhó de 2020, bhí ar an nGarda Síochána a dhíriú a bhaint ó roinnt de na cuspóirí a beartaíodh i dtosach sa Phlean Póilíneachta 2020.

D'imir an fhreagairt don phaindéim freisin tionchar ar na cuspóirí claochlaitheacha atá dírithe níos mó ar thionscadail a chuimsítear laistigh den Phlean Póilíneachta.

Mar thoradh ar an leibhéal tacaíochta a theastaigh chun tacú leis an bhfreagairt póilíneachta, ba ghá formhór na hacmhainne agus na tacaíochta oibríochtúla ar leibhéal Roinne a bhaint ó na tionscadail seo, an tSamhail Oibriúcháin a beartaíodh a thabhairt isteach i Ranna san áireamh, faoi mar a bhí beartaithe i dtosach.

Anuas air sin, bhí impleachtaí suntasacha ag dúnadh Choláiste an Gharda Síochána i dtaobh tionscadal ar ghá tabhairt faoi oiliúint a sholáthar dóibh (na tionscadail mhóra TFC go léir san áireamh a raibh céimeanna éagsúla imlonnaithe bainte amach acu), agus ar theastaigh ábhar oiliúna agus oiliúint ar líne a fhorbairt dóibh.

Mar gheall ar Covid-19, ba ghá an Plean Póilíneachta 2020 a leasú i Ráithe 2.

Dhírigh na leasuithe seo ar na daoine is leochailí a chosaint agus ar chaidreamh an Gharda Síochána le pobail áitiúla a neartú.

Áiríodh leo –

- **Cuspóirí agus gníomhaíochtaí nua a chur ar fáil,** e.g.: na hoibríochtaí póilíneachta a theastaigh chun tacú leis na bearta sláinte poiblí, e.g.: Oibríocht Fanacht, Oibríocht Navigation
- **Díriú méadaithe ar ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta sa phobal** curtha i bhfeidhm chun dul i ngleic le riachtanais bhreise sláinte agus shóisialta a tháinig chun solais mar thoradh ar an bpaindéim
- **Béim mhéadaithe ar a thábhachtaí atá cearta daonn**a agus an Cód Eitice, go háirithe i gcomhthéacs cumhachtaí de shaghas éigeandála a úsáid.
- **Díriú breise ar choireacht ar leith** mar aitheantas ar an gcaoi go n-eascródh méadú ar shaghsanna áirithe coireachta, e.g. drochíde sa teaghlach, i gcónaí as na cúinsí a chruthaigh an phaindéim, tréimhsí fadálacha dianghlasála san áireamh.

**Príomhéachtaí a rinneadh i dtaobh Plean Póilíneachta Leasaithe 2020 a Sholáthar**

- **Covid-19**
  - Aonad Comhordaithe 24/7 Covid-19 a bhunú.
  - Freagairt mhear do ghníomhartha foréigin teaghlaigh in Oibríocht Faoiseamh.
  - Cabhrú le moill a chur ar scaipeadh an ghalair faoi Oibríocht Fanacht.
  - A chinntiú gur chloígh tithe tábhairne agus bialanna leis an tsábháilteacht phoiblí faoi Oibríocht Navigation.
- **Cibearchoireacht** – Rinne fairsingiú an Bhiúró Cibearchoireachta dul chun cinn suntasach.
- **An Pobal** – Cuireadh an Creat Póilíneachta Phobail i bhfeidhm i gceithre Roinn.
- **Eitic** – Foilsíodh Straitéis Eitice an Gharda Síochána.
- **Cearta Daonna** – – Forbraíodh cúrsa um chearta daonna do phearsanra an Gharda Síochána le hOllscoil Luimnigh a sheolfar in Eanáir 2021.
- **RDMS** – Rinneadh an Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas digiteach a thabhairt isteach níos mó.

**Sracfhéachaint ar Dhul chun Cinn ar Phríomhéachtaí**

## Bainte Amach

| | |
|---|---|
| 1 | Creat Póilíneachta Pobail |
| 2 | Oiliúint Póilíneachta Pobail |
| 3 | Mapáil Póilíneachta Pobail |
| 4 | Póilíní Pobail a Leithdháileadh |
| 5 | Éagsúlacht agus Imeascadh a Chur i bhFeidhm |
| 6 | Aiseolas faoi Éagsúlacht agus Imeascadh |
| 7 | Idirchaidreamh le Mionlaigh (Covid-19) |
| 9 | An Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí |
| 10/11 | Comhpháirtíochtaí Pobail (Covid-19) |
| 13 | Rannpháirtíocht sa Phobal (Covid-19) |
| 14 | An Fhreagairt do Covid-19 a Chomhordú |
| 16 | Oibríochtaí Sláinte Poiblí |
| 17 | Feidhmeanna Náisiúnta Comhordaithe agus Tascála |
| 18 | Maitrís Mheasúnaithe Bagartha Drong Choireachta Eagraithe (DCE) |
| 19 | Moil Chibearchoireachta |
| 20 | Comhairle faoi Chosc na Coireachta |
| 21 | An Straitéis um Laghdú ar Ionsaithe sa Phobal |
| 26 | Moltaí faoi Atreorú Óige |
| 27 | Athbhreithniú ar Choireacht a bhaineann le Drugaí |
| 28 | Tuairisciú ar GCEanna le hÚdarás Póilíneachta |
| 29 | Córas Bainistíochta Imscrúduithe (CBI) |
| 30 | Ceangal Faisnéise Schengen |
| 31 | Oiliúint Schengen |
| 32 | Céim III Schengen |
| 33 | Moltaí faoi Imscrúdú ar Dhúnbhású |
| 34 | Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne |
| 35 | Uirlis Mheasúnaithe Riosca Drochíde sa Teaghlach |
| 36 | Oibríochtaí Drochíde sa Teaghlach |
| 37 | Athghlaonna ar Íospartaigh na Drochíde sa Teaghlach |
| 38 | Measúnuithe ar Íospartaigh |
| 39 | Oiliúint ar Thacaíocht d'Íospartaigh |
| 41 | Comhairle faoi Choireacht Mhionlaigh a Chosc |
| 42 | Coireacht Fuatha ar Líne a Thabhairt le Fios |
| 43 | Oiliúint ar Choireacht Fuatha |
| 44 | Cionta Tarrthála a Braitheadh |
| 45 | Tástáil ar Thiománaithe faoi Thionchar an Óil |
| 47 | Moltaí Crowe Horwath |
| 49 | Oibríocht Páistí – Sábháilteacht Suíocháin Páistí |
| 50 | Faisnéis faoi Bhóithre a Bhailiú |
| 52 | Freagairt Móréigeandála |
| 55 | An Straitéis um Chearta Daonna |
| 56/57 | Sonraí faoi Fhórsa a Úsáid a Chur i dTaifead |
| 58 | An Cód Eitice a Leabú |
| 59 | Oiliúint ar Chearta Daonna |
| 61/62 | Cearta Daonna (Covid-19) |
| 63 | Oiliúint Promhóirí (Covid-19) |
| 64 | Oiliúint ar Phaindéim |
| 66 | Monatóireacht ar Phromhóirí an Gharda Síochána |
| 68 | Oiliúint Ionduchtúcháin Foirne |
| 70 | Foghlaim agus Forbairt a Thuairisciú |
| 71 | An Straitéis Foghlama agus Forbartha |
| 73 | Éidí Nua a Sholáthar |
| 74 | Ríomhfhoghlaim an Chórais Bhainistíochta Maoine agus Foilseán |
| 78 | Plean an Lucht Saothair |
| 79 | Straitéis Ath-Imlonnaithe |
| 81 | Próisis Fheabhsaithe Ardaithe Céime |
| 86 | Struchtúir Chaidrimh Thionsclaíoch |
| 87 | Rannpháirtíocht na Foirne sa Chultúr |
| 88 | Treochlár maidir leis an Iniúchadh ar Chultúr |
| 89 | An Próiseas Iniúchta ar Chultúr |
| 94/95 | Maoirseacht Fhianaithe ar Phromhóirí |
| 96 | Póilíneacht Túslíne a Aithint |
| 97 | Reachtanna na Rialachán Disciplíne |
| 98 | An tAonad Frith-Éillithe |
| 101-105 | Sláinte agus Folláine (Covid-19) |
| 106 | Soláthar Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) (Covid-19) |
| 107 | Réitigh Chianoibre |
| 109-114 | An tSamhail Oibriúcháin a Chur i bhFeidhm |
| 117 | An Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta |
| 119 | Straitéis Cumarsáide Inmheánaí |
| 120 | Plean Uasghrádaithe na Tairsí |
| 121 | Plean Dearbhaithe Cáilíochta Sonraí |
| 122 | Athbhreithniú ar Chroí-Ardáin Teicneolaíochta |
| 123 | An Mol Ceartais Choiriúil |
| 124 | Measúnú Móibíleach |
| 126 | Seachadadh Ríomhchuidithe (CAD) a Sholáthar |

**Sracfhéachaint ar Dhul chun Cinn ar**

### Bainte Amach go Páirteach

| | |
|---|---|
| 8 | Cúltacaí Póilíneachta Pobail |
| 25 | An Fóram Goidte Miotail agus Goidte Miondíola |
| 40 | Coireacht Fuatha Tríú Páirtí a Thabhairt le Fios |
| 46 | Tiománaithe Neamhthionlactha a Bhrath |
| 51 | Tiománaithe Dícháilithe/ar Theip orthu Ceadúnais Tiomána a Thabhairt Suas |
| 53 | Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach (CBRN) Acmhainní Freagartha |
| 65 | Oiliúint Foirne an Gharda Síochána |
| 67 | Oiliúint Promhóirí an Gharda Síochána |
| 72 | Córas Bainistíochta Oiliúna Leictreonach |
| 75 | Earcaíocht Gardaí |
| 76 | Foireann an Gharda Síochána a Earcú |
| 77 | Samhail Oibriúcháin Acmhainní Daonna |
| 80 | Ath-imlonnú an Gharda Síochána |
| 82 | Earcaíocht a Éagsúlú |
| 83 | Moltaí faoin nGaeilge |
| 84 | Neamh-Chroídhualgais a Dhídhílsiú |
| 90 | Clár Nuálaíochta |
| 91/92 | An Creat Feidhmíochta, Freagrachta agus Foghlama (PALF) a Úsáid agus Athbhreithniú |
| 93 | Bainistíocht Feidhmíochta d'Fhoireann an Gharda Síochána |
| 115 | Pleananna Póilíneachta Costáilte |
| 116 | Athbhreithniú ar an gCreat Rialachais Chorparáidigh |
| 118 | An Creat Bainistíochta Riosca a Athbhreithniú |
| 125 | Bainistíocht Ábhar Fiontraíochta a Imlonnú (ECM) |
| 127/128 | Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (RDMS) a Thabhairt Isteach |

### Níor Baineadh Amach Go Fóill É

| | |
|---|---|
| 12 | Comhpháirtíochtaí Pobail |
| 15 | Tacaíocht le hAnailís Sonraí |
| 22 | An Straitéis um Chosc na Coireachta |
| 23/24 | Feasacht agus Cosc ar Dhrugaí |
| 48 | An tAonad Bainistíochta Mórimeachtaí (MEM) |
| 54 | Oiliúint MEM |
| 60 | Athbhreithnithe Beartais ar Chearta Daonna |
| 69 | An Stiúrthóir Foghlama agus Forbartha |
| 85 | Oiliúint na Ceannaireachta Sinsearaí |
| 99 | Straitéis Meabhairshláinte agus Folláine |
| 100 | Tacaíocht Teagmhais Iarthrámaigh |
| 108 | Cur ar Uainchlár Leasaithe |

*Tá sonraí breise ar gach ceann de na PTFanna a sholáthar ar fáil ar Garda.ie.*



Searmanas Cáilithe ag Coláiste an Gharda Síochána




# PÓILÍNEACHT NÁISIÚNTA

**€36,695,244**
**de luach drugaí urghafa ag an GNDOCB**

Shainaithin an tAonad um Imscrúdú Mótarfheithiclí Goidte (SMVIU)

97 earraí amhail bheith goidte ar luach €1.4 milliún

**1,360**
Eitilt Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána

**23** **Airm thine agus 2,131 urchar armlóin urghafa**

**5,340**
**Imlonnú Mharc-Aonad an Gharda Síochána**

**400**
**cás nua**
**agus 333 cás dúnta ag Biúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána**

**2,861**
Líon daoine a dhiúltaigh talamh a fhágáil

**75**
Feallmharú a stopadh ó 2016

**€7,827,938**
Airgead tirim a urghabhadh

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM DHRUGAÍ AGUS COIREACHT EAGRAITHE (AN GNDOCB)

Drugaí neamhdhleathacha, airgead tirim agus airm thine a d'urghabháil an GNDOCB sa tréimhse ó Mhárta 2015 go dtí an 31 Nollaig 2020.

| Catagóir | 2020 | Iomlán ó Mhárta 2015 |
|---|---|---|
| Drugaí Neamhdhleathacha | €36,695,244 | €205,002,465 |
| Airm Thine | 23 agus 2,131 urchar armlóin | 132 Arm Tine agus 5,511 urchar armlóin |
| Airgead Tirim | €7,827,938<br>£178,165, $23 US | €18,660,931<br>£225,755, $3721 US |
| Idirghabháil - teagmhais bhagartha ar an mbeatha | 2 | 75 * |

*Thit 75 Oibríocht um Bagairt ar Bheatha amach ón teagmhas ag Óstán an Regency an 5 Feabhra 2016.*

**Baineann na staitisticí a chuirtear ar fáil le hoibríochtaí faoinar tugadh inar ghlac an GNDOCB páirt. Ní chuirtear san áireamh sna staitisticí urghabháil a rinne aonaid áitiúla an Gharda Síochána, seachas an GNDOCB.*

**Oibríocht Thor**

Ó seoladh é i Samhain 2015, baineadh an méid a leanas amach mar thoradh ar Oibríocht Thor:

**42%** laghdú ar bhuirgléireachtaí cónaithe

**33%** laghdú ar bhuirgléireachtaí neamhchónaithe

**14,487** gabháil

**404,693** seicphointe

**Cás-Staidéar**

**Foireann Chomh-Imscrúdaithe a Dhíríonn ar Ghrúpa Coireachta Eagraithe (GCE)**

Ghlac Éire le ballraíocht d'Fhoireann Chomh-Imscrúdaithe (JIT), anuas ar an RA agus an Liotuáin, ina raibh an GNDOCB páirteach, údaráis forfheidhmithe an dlí sa Liotuáin agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

Bunaíodh an JIT ar mhaithe le díriú ar Ghrúpa Coireachta Eagraithe ón Liotuáin a rabhthas in amhras go raibh baint aige i ngáinneáil shuntasach ar dhrugaí trasna na dtrí dhlínse ábhartha.

Gabhadh cúigear daoine a raibh amhras fúthu i Lúnasa 2020 in Éirinn, triúr i dTuaisceart Éireann agus duine amháin sa Liotuáin. Cuireadh tús le himeachtaí eiseachadta maidir le ceathrar daoine a raibh amhras fúthu ag eascairt as imscrúduithe ábhartha faoinar thug an JIT.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM SHEIRBHÍSÍ COSANTA (AN GNPSB)

**An Líne Ghutháin um Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí a Thuairisciú (CSAR)**

Oibríonn an Garda Síochána líne ghutháin thiomnaithe chun drochúsáid ghnéasach leanaí a thabhairt le fios ar bhonn 24/7, 365 lá sa bhliain.

Déanann bleachtaire ar ar cuireadh oiliúint shonrach a oibríonn leis an Aonad Bainistíochta um Choireanna Gnéis, atá suite laistigh den GNPSB, teagmháil le gach glaoiteoir chuig an CSAR agus cuireann siad tacaíocht ghairmiúil agus atruach ar fáil.

Fuarthas 111 glaoch i rith 2020 ar líne ghutháin an CSAR.

**Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne (DPSUanna)**

Bunaíodh DPSUanna i ngach roinn an Gharda Síochána i rith 2020, agus cuid lárnach iad de phróiseas forbartha chun cur chuige comhsheasmhach agus gairmiúil a sholáthar i leith coireacht a imscrúdú ina mbaineann íospartaigh nuair a bhíonn baol tromchúiseach ann go ndéanfar díobháil.

Chuir an GNPSB oiliúint ar an bpearsanra go léir a bhaineann leis na DPSUanna agus tá oiliúint mhodúlach ar líne á forbairt.

**Gáinneáil ar dhaoine**

I rith 2020, tugadh 38 íospartach na gáinneála ar dhaoine le fios don Gharda Síochána. Is ionann seo agus laghdú 9.5 faoin gcéad bliain ar bhliain.

Rinne an tAonad Imscrúdaithe um Striapachas Eagraithe (OPIU) dhá imscrúdú rathúla a chríochnú i rith 2020.

**An tAonad Daoine ar Iarraidh (MPU)**
**Daoine ar Iarraidh in 2020**

| **8,483** | **3,331** | **34** |
|---|---|---|
| **Teagmhas Daoine ar Iarraidh** | **Daoine a Tugadh le Fios a bhí ar Iarraidh** (Daoine uathúla - a tugadh le fios a bhí ar iarraidh uair amháin nó níos mó) | **Daoine ar Iarraidh ag Deireadh na Bliana** |

*Tá na figiúirí seo bunaithe ar shonraí oibríochtúla a bhí curtha i dtaifead ar PULSE amhail an 11 Eanáir 2021 agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu.*

Chabhraigh an MPU i rith 2020 le Gníomhaireacht Choireachta Náisiúnta (NCA) an RA agus le Póilíní Cumbria le taisí daonna a shainaithint go dearfach mar chuid de chás stairiúil duine ar iarraidh.

Lean an MPU i rith 2020 le tacaíocht agus comhairle a sholáthar do theaghlaigh dhaoine ar iarraidh ar an nguthán agus trí theagmháil ríomhphoist.

**Lá Náisiúnta Bliantúil na nDaoine ar Iarraidh**

Cuireadh Lá Náisiúnta Bliantúil na nDaoine ar Iarraidh na bliana seo ar bun go fíorúil an 2 Nollaig 2020. Cé nár cheadaigh seo do dhaoine muinteartha le daoine ar iarraidh teacht le chéile faoi mar a rinne i mblianta roimhe seo, tá súil leis gur chuir an t-imeacht fíorúil compord éigin ar fáil do theaghlaigh na ndaoine siúd atá ag feitheamh ar a nduine muinteartha filleadh abhaile.

## AN TAONAD IDIRGHABHÁLA AGUS POLASAÍ DROCHÍDE SA TEAGHLACH (DAIPU) AGUS AN FHOIREANN ATHBHREITHNITHE DÚNBHÁSAITHE TEAGHLAIGH

**Rialú Comhéigneach**

I ndiaidh gur achtaíodh forálacha ábhartha an Achta um Fhoréigean Baile, 2018, rinneadh cion coiriúil de rialú comhéigneach an 1 Eanáir 2019.

Rinneadh an chéad chiontú i bhFeabhra 2020 i ndiaidh imscrúdú i gContae Dhún na nGall. Phléadáil an ciontóir ciontach agus gearradh pianbhreith phríosúnachta 21 mí orthu.

Rinneadh ciontú agus pianbhreith 12.5 a ghearradh, ar cuireadh 2.5 bliain de ar fionraí, an 21 Eanáir 2021 mar thoradh ar ionchúiseamh eile a bhain le cion rialaithe chomhéignigh i ndiaidh triail choiriúil.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM CHOIREACHT EACNAMAÍOCH (AN GNECB)

D'úsáid an GNECB reachtaíocht a bhaineann le coireacht eagraithe chun díriú ar eagraíochtaí coiriúla atá bainteach i gcoireanna cibearchumasaithe.

Ghabh an GNECB 17 nduine, ar an iomlán, in 2020 a raibh amhras fúthu de bhun forálacha ábhartha an Achta um Cheartas Coiriúil, 2006, arna leasú.

D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cúisimh dhrongchoirpeachta in dhá cheann de na cásanna seo agus d'ordaigh sé cúisimh eile a dhéanamh, sciúradh airgid san áireamh i seacht gcás eile. Tá breithniú á dhéanamh go fóill ar na cásanna eile.

**Oibríocht Omena**

Bunaíodh an oibríocht seo chun díriú ar ghníomhaíochtaí GCE atá bainteach leis an Rómáin, a oibríonn in Éirinn agus i ndlínsí Eorpacha eile. Ina thaobh seo, rinne an tAonad Coireachta Íocaíochta agus Airgeadra Ghóchumtha (an PCCCU) laistigh den GNECB roinnt cuardaigh chomhordaithe agus gabhálacha pleanáilte.

Dheimhnigh an t-imscrúdú atá ar bun go fóill go bhféadfadh go ndearnadh breis agus €5,500,000 a sciúradh trí chuntais bhainc Éireannacha a d'oscail 71 duine a raibh amhras fúthu, ar an iomlán. Go dtí seo, gabhadh 14 dhuine a raibh amhras fúthu, agus gabhadh seachtar díobh i ngeall go rabhthas in amhras go raibh baint acu le coireacht eagraithe.

Ciontaíodh roinnt de na daoine a raibh amhras fúthu maidir le cionta a bhaineann le sciúradh airgid agus le hionstraimí bréagacha a shealbhú agus a úsáid. Gearradh pianbhreitheanna sé bliana, agus 18 mí curtha ar fionraí, ar cheathrar díobh siúd a ciontaíodh, agus beidh feidhm ag ordú aistrithe, a bheidh bailí ar feadh 10 mbliana, nuair a chuirfear a bpríosúnacht i gcrích ar a scaoileadh.

Gearradh sé go leith bliain agus trí bliana, faoi seach, ar bheirt daoine a raibh amhras fúthu, a bhain le cionta sciúrtha airgid agus ionstraim bhréagach a shealbhú agus a úsáid. Tá dátaí breise trialach sceidealaithe don bhliain 2021.

**An tAonad um Imscrúdú ar Sciúradh Airgid (an MLIU)**

Tugadh imscrúdú faoinar thug an MLIU chun críche nuair a ciontaíodh fear 40 bliain d'aois i roinnt cásanna de chionta a bhain le sciúradh airgid agus inar aistríodh breis agus €1 milliún amach ó Éirinn. Cuireadh tús leis an imscrúdú nuair a stopadh an duine a raibh amhras faoi ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus airgead tirim ar luach €582,000 ina sheilbh.

Sainaithníodh in imscrúdú a rinneadh ina dhiaidh sin gur aistríodh suim bhreise €604,000 trí chuntais bhainc atá á rialú ag an duine a raibh amhras faoi.

Gearradh téarma príosúnachta cúig bliana ar an duine a raibh amhras faoi. Rinneadh an t-airgead tirim a urghabhadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus an tsuim bhreise €37,000 a urghabhadh ó chuntais a bhí á rialú ag an duine a raibh amhras faoi, a thabhairt suas don Stát.

**Oibríocht Dropwort**

Imscrúdú é Oibríocht Dropwort atá á dhéanamh ag comhaltaí den GNECB agus an tAonad Imscrúdaithe Speisialta (an SIU), an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, a bhaineann le GCE Rómánach atá ag oibriú in Éirinn. Osclaíodh cuntais bhainc Éireannacha faoi ainmneacha bréagacha gnó agus pearsanta agus úsáid á baint as cáipéisíocht bhréagach ar mhaithe le fáltais ó choireacht a sciúradh.

Chabhraigh an SIU i Meitheamh 2020 leis an oibríocht seo agus mar thoradh ar chuardaigh agus ar eolas a sholáthair an GNECB, cuireadh deireadh le 66 éileamh ar íocaíocht Covid-19. D'eascair laghdú €277,200 sa chostas a bhí ar na híocaíochtaí siúd a raibh ar an Stát íoc astu.

Scaip an tAonad Faisnéise Airgeadais (an SIU) breis agus 250 tuairisc ar idirbhearta amhrasacha (STRanna) i rith 2020 ar an SIU, agus mar thoradh díreach orthu, cuireadh deireadh le héilimh íocaíochta Covid-19. D'eascair laghdú €613,000 sa chostas a bhí ar na híocaíochtaí siúd a raibh ar an Stát íoc astu.

**250** tuairisc ar idirbhearta amhrasacha (STRanna) → **146** éileamh Covid-19 stoptha → **€613,000** an laghdú ar chostas na n-íocaíochtaí siúd ✓

**Éilimh chalaoiseacha ar Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime (ÍDP)**

Thug comhaltaí an Gharda Síochána a tugadh ar iasacht ón GNECB don SIU laistigh den Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an RGFCS) faoi imscrúduithe a bhain le héilimh chalaoiseacha amhrasta ar Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime (ÍDP).

Mar thoradh ar an imscrúdú leanúnach seo, sainaithníodh 73 duine amhail bheith ina n-íospartaigh de shonraí pearsanta a fuarthas go calaoiseach lena éascú íocaíochtaí ábhartha a fháil.

Gabhadh roinnt daoine a raibh amhras fúthu maidir leis na cionta gada, dallamullóg agus maoin ghoidte a láimhseáil, agus cuireadh comhaid faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí go ndéanfar orduithe ina dtaobh.

**An Comhghrúpa Faisnéise (an JIG)**

Comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) neamhfhoirmiúil é an JIG ina nglacann Aonad Faisnéise Airgeadais (AFA), Éire, an GNECB agus roinnt institiúidí airgeadais agus creidmheasa in Éirinn páirt.

Chas an JIG lena chéile go fíorúil i rith 2020 idir gach dhá agus trí seachtaine chun plé a dhéanamh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid dá chuid oibre i rith 2020, sheol an grúpa oibríocht chun gníomhaíocht amhrasach a shainaithint san earnáil bhaincéireachta agus chreidmheasa a bhain le calaois, camscéimeanna, agus goid a bhain le paindéim Covid-19 agus trealamh cosanta pearsanta (TCP).

B'éard a bhain leis an oibríocht ná €1.5 milliún a aisghabháil ó chuntas bainc Éireannach faoi chúinsí ina ndearnadh calaois ar Rialtas na Gearmáine i gcamscéim a bhain le TCP.

Cuireadh síneadh leis an oibríocht i lár 2020 le himscrúdú a chur san áireamh maidir le mí-úsáid amhrasta íocaíocht dífhostaíochta na paindéime (ÍDP). Dá réir sin, atreoraíodh lín mór cásanna chuig an Aonad Imscrúdaithe Speisialta (SIU) ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA CIBEARCHOIREACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA (AN GNCCB)

Sannadh comhalta ar chéim Bhleachtaire Ard-Cheannfoirt in Iúil 2020 mar Cheann an GNCCB.

**Bainistíocht Cásanna an GNCCB i rith 2020:**

| Cásanna an GNCCB | 2019 | 2020 |
|---|---|---|
| Cásanna Nua | 529 | 400 |
| Cásanna a Dúnadh | 405 | 333 |

### Saghsanna Cásanna an GNCCB

| Saghas an Cháis | Líon na gCásanna |
|---|---|
| Íomhánna um Mí-Úsáid Leanaí/Dúshaothrú Leanaí | 160 |
| Cionta Gadaíochta agus Calaoise | 56 |
| Aisghabháil Sonraí | 35 |
| Dúnmharú | 16 |
| Ionsaí Gnéasach/Éigniú | 15 |
| **Iomlán** | **282*** |

**Bhain 17 saghas bhreise teagmhais leis na 51 cás eile.*

### Foilseáin Chásanna an GNCCB

| Bliain | Líon na bhFoilseán | Líon na gCásanna a Dúnadh | Meánlíon na bhfoilseán sa chás |
|---|---|---|---|
| 2020 | 1504 | 333 | 4.5 |
| 2019 | 1983 | 405 | 4.9 |

### Oibríochtaí an GNCCB

Lean an GNCCB ag dul sa tóir ar agus le himscrúdú réamhghníomhach a dhéanamh ar chibearchoireanna casta ar roinnt bealaí éagsúla. I measc na samplaí, tá an méid seo a leanas:

- D'éirigh le Scrúdaitheoirí Fóiréinseacha breis agus 10 n-íospartach teachta i dtír gnéasach ar leanaí a shainaithint agus chabhraigh siad leis an dlí a chur ar na déantóirí.
- Shainaithin agus rinne an GNCCB anailís ar chibearbhagairtí, iad siúd ina measc a bhí á ndéanamh go forleathan i rith phaindéim Covid-19.
- Roinneadh faisnéis le páirtithe leasmhara éagsúla, cosúil le comhpháirtithe idirnáisiúnta forfheidhmithe an dlí, an saol acadúil, tionscal príobháideach, comhlachtaí poiblí agus an pobal trí fhor-rochtain maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise.

### Feasacht ar Shábháilteacht ar Líne

- Cuireadh comhairle faoi chibearshábháilteacht ar fáil d'úsáideoirí idirlín trí mheáin shóisialta an Gharda Síochána, agus cuireadh an feachtas #BeinCtrl ar bun le feasacht a mhúscailt ar shábháilteacht ar líne i measc leanaí agus daoine fásta óga.

#BeinCtrl

### Líonra Faisnéise agus Ardán Slán chun Fianaise a Chur i gCoibhneas agus a Aistriú (INSPECTr)

ITionscadal trí bliana é InspectR atá cistithe ag EU Horizon 2020. Cuireadh tús leis in 2019 agus tá mar chuspóir aige dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide a úsáideann GCEanna agus grúpaí sceimhlitheoireachta a anailísiú, a chosc, a imscrúdú agus a mhaolú.

Mar an gceannasaí ar Ghrúpa Stiúrtha na Gníomhaireachta um Fhorfheidhmiú an Dlí le haghaidh INSPECTr, chuir an GNCCB cruinniú ar siúl le 18 gComhpháirtí Cuibhreannais INSPECTr ó 10 dtír an AE i bhFeabhra 2020.

I ndiaidh freastalaí a fháil mar chuid den tionscadal, tá an GNCCB ag tabhairt faoi thionscadal i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí eile forfheidhmithe an dlí a bhfuil roinnt uirlisí fóiréinseacha á dtástáil acu.

### Clár Chiste Slándála Inmheánaí an AE (ISF) 2014-2020

Mar chuid den chlár, fuair an GNCCB cistiú i rith 2014-2020 sna limistéir seo a leanas:

- Oiliúint do Ghardaí i limistéar na n-imscrúduithe cibearchoireachta agus chéad fhreagróirí fianaise digití.
- Foireann agus oiliúint díchriptithe a cheannach.
- Uasghráduithe aonaid chun na caighdeáin theicniúla a bhaint amach a theastaíonn chun tabhairt faoi imscrúduithe ar chibearchoireacht ag na ceithre mhol satailíte nuabhunaithe de chuid an GNCCB.




An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

**Moil Satailíte an GNCCB**

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2020 i dtaobh mhoil satailíte an GNCCB a bhunú i Loch Garman, Corcaigh, an Muileann gCearr agus Gaillimh.

Cuireadh síneadh le líonra slán GNCCB ar fáil do gach láthair agus suiteáladh roinnt crua-earraí, le cúnamh ó TFC an Gharda Síochána. Suiteálfar na crua-earraí go léir nár suiteáladh i ndiaidh go gcríochnófar próiseas soláthair TFC i Ráithe 1 in 2021.

**Idirchaidreamh Idirghníomhaireachta**

Meastar go mbaineann ríthábhacht le hidirchaidreamh i dtaobh na cibearchoireachta maidir leis an rath a bhíonn ar an GNCCB. In 2020, thit idirchaidreamh amach le:

- **An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála** i dtaca leis an Straitéis Cibearshlándála Náisiúnta, comhfheachtais cibearshábháilteachta meán, agus Measúnú Riosca Cibearshlándála Náisiúnta.
- **An Roinn Dlí** agus Cirt maidir le Beartas Cibearshlándála agus Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht
- **Interpol agus Europol,** trí Lárionad Cibearchoireachta Europol (EC3), Tascfhórsa Cibearchoireachta an Aontais Eorpaigh (EUCFT), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), CEPOL
- **Cyber Ireland** – rinneadh ball de bhraisle Cyber Ireland den Gharda Síochána in 2020. Tá idirchaidreamh gníomhach á dhéanamh ag an GNCCB le Cyber Ireland agus tá comhoibriú á dhéanamh aige maidir le roinnt nuálaíochtaí atá ar na bacáin don bhliain 2021.

**An Bunachar Sonraí Íomhánna de Mhí-Úsáid Leanaí (CAID)**

Shínigh Coimisinéir an Gharda Síochána Comhaontú ar Fhaisnéis a Roinnt le hArdchonstábla Constáblacht Norfolk, arb é príomhoifigeach Chomhairle Náisiúnta Póilíní an RA maidir le cosaint leanaí. Déanann an comhaontú seo soláthar d'fhaisnéis a roinnt a bhaineann le híomhánna de mhí-úsáid leanaí agus cuireann sé Bunachar Sonraí Íomhánna de Mhí-Úsáid Leanaí (CAID) an RA ar fáil don Gharda Síochána.

## AN BIÚRÓ UM SHÓCMHAINNÍ COIRIÚLA (AN CAB)

Lean an CAB lena dhíriú ar choirpigh ardaicme atá bainteach in GCEanna, agus dhírigh sé freisin ar oibriú sna sraitheanna meánleibhéil agus ar leibhéal níos ísle a d'fhéadfadh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo coireacht eagraithe fiú níos tromchúisí a dhéanamh amach anseo.

Chuir an CAB lena chuid oibre le comhpháirtithe idirnáisiúnta trí fhóraim cosúil le Interpol agus Europol, anuas ar Fhoirne Comhimscrúduithe (JITanna).

I gcomhar le hOllscoil Luimnigh, thug an CAB Dioplóma Iarchéime Leibhéal 9 isteach i bhFáltais ó Choireacht agus Imscrúdú Sócmhainní (POCAI). Beartaítear go méadóidh an cúrsa seo sa cheantar an CAB sa limistéar sainaitheanta agus imscrúdaithe sócmhainní.

Foilseofar sonraí iomlána faoi ghníomhaíochtaí an CAB i rith 2020 ina thuarascáil bhliantúil.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM INIMIRCE (AN GNIB)

Chuaigh an GNIB sa tóir orthu siúd a bhí bainteach i gcoireacht inimirce eagraithe agus in iontráil neamhdhleathach isteach sa Stát agus i mí-úsáid a bhaint as an gComhlimistéar Taistil. In ainneoin gur cur isteach go mór ar aerthaisteal i gcaitheamh na bliana, lean an GNIB lena chroífheidhmeanna a chomhlíonadh agus ag comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha agus le contrapháirteanna idirnáisiúnta.

Rinne pearsanra an Gharda Síochána a d'oibrigh leis an GNIB na rialacháin sláinte poiblí ábhartha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus ag seicphointí agus ag patróil inaistrithe in RCBÁC, a chur i bhfeidhm.

### Daoine Aonair a Bhaint agus a Dhiúltú in 2020

In 2020, diúltaíodh iarratais 2,861 neamhnáisiúnach chun teacht i dtír sa Stát, i ndiaidh gur tháinig siad isteach in Éirinn, i gcomparáid le 7,734 neamhnáisiúnach in 2019.

D'iontráil 807 de na neamhnáisiúnaigh seo an próiseas um chosaint idirnáisiúnta ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Baineadh 45 duine a bhí faoi réir ordú díbeartha den Stát in 2020, agus baineadh 26 duine a bhí faoi réir ordú aistrithe agus baineadh seachtar freisin a bhí faoi réir ordú um aistriú.

### Figiúirí Bainte 2020

| Ordú Díbeartha | Ordú Aistrithe an AE | Ordú um Aistriú | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| 45 | 26 | 7 | **78** |

### Imscrúdú ar Bhás 39 Náisiúnach Vítneam

Chabhraigh an GNIB le húdaráis an RA agus na hÍsiltíre fad a bhí an t-imscrúdú ar siúl maidir le bás tubaisteach 39 náisiúnach Vítneam ag Purfleet in Essex, an RA.

Mar thoradh ar chomhoibriú dlúth idir an GNIB, an PSNI agus Rannóg Eiseachadta an Gharda Síochána, rinneadh duine de na daoine ba mhó a raibh amhras faoi a ghabháil agus a eiseachadadh chuig an RA.

> **Cás-Staidéar – Ciontú Gáinneála ar Dhaoine**
>
> Thug an GNIB ionchúiseamh fir 23 bliain d'aois chun críche i Meán Fómhair 2020 i dtaca le roinnt cionta, Gáinneáil ar Inimircigh Neamhdhleathacha san áireamh in aghaidh Alt 2 den Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, agus gearradh téarma príosúnachta trí bliana ar an gcúisí.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM IMSCRÚDÚ COIRIÚIL (AN GNBCI)

### An tAonad Eiseachadta

| 135 | 80 | 47 |
|---|---|---|
| **Barántais eiseachadta a forghníomhaíodh** | **Tugadh teifigh suas go dtí dlínsí eile** | **Tugadh teifigh ar ais go hÉirinn ó dhlínsí eile** |

### An tAonad um Imscrúdú Mótarfheithiclí Goidte (an SMVIU)

Shainaithin an SMVIU 97 earra goidte agus rinne sé 19 gcúiseamh, agus ciontaíodh ceathrar daoine i gcionta coiriúla mar thoradh ar na himscrúduithe ábhartha.

B'ionann luach iomlán na n-earraí a aisghabhadh agus thart ar €1.4 milliún.

Thug an t-aonad faoi 68 cuardach ar áitribh, ar tugadh faoi 58 díobh fad a bhí gníomhaíocht tacaíochta á tosú laistigh de Ranna an Gharda Síochána.

**Cás-Staidéar – Oibríocht Ragwort**

Mar thoradh ar imscrúdú a rinne an SMVIU i Márta 2020, gabhadh duine i mBaile Átha Cliath a rabhthas in amhras go raibh siad mar bhall de ghrúpa coiriúil a dhírigh ar fheithiclí leictreacha trí úsáid a bhaint as gléas athsheachadáin leictreonaigh. Aisghabhadh an gléas leictreonach i ndiaidh tóraíochta.

Bhíothas in amhras gur úsáideadh an gléas chun feithiclí leictreacha a ghoid sa Stát i gcaitheamh tréimhse dhá bliain. Ba é seo an chéad ghléas den saghas sin a rinne an Garda Síochána a aisghabháil go rathúil.

Sainaithníodh innill feithiclí agus comhpháirteanna éagsúla feithicle a rabhthas in amhras gur goideadh iad tar éis cuardaigh bhreise a dhéanamh in aonad tionsclaíochta i gContae na Mí.

### An tAonad Coireachta Comhshaoil

D'oibrigh an t-aonad go dlúth le gníomhaireachtaí páirtí leasmhair chuid d'oibríochtaí Interpol agus de thionscnaimh faoi stiúir Europol.

Ba é an GNBCI an Ceannasaí Gnímh do ghníomh oibríochtúil Europol/EMPACT a bhí dírithe ar gháinneáil neamhdhleathach ar fhiadhúlra agus d'éirigh leis tabhairt faoin obair seo in Éirinn agus i roinnt dlínsí Eorpacha.

Ghlac an GNBCI le ról ceannais i gclár oiliúna a fhorbairt agus a sholáthar d'imscrúdaitheoirí nua um fhorfheidhmiú dlí atá ag oibriú i gcros-catagóirí an fhiadhúlra agus na cibearchoireachta. Trí oibriú le CEPOL, Interpol agus an eagraíocht neamhrialtasach TRAFFIC/WWF, d'éirigh linn sainchlár oiliúna ar líne sé chuid a thabhairt isteach i measc 140 pearsanra ábhartha um fhorfheidhmiú an dlí ó Éirinn agus an AE.

**Cás-Staidéar – Coireacht Chomhshaoil**

Sheol an GNBCI na Fóraim Ilghníomhaireachta Réigiúnacha i bhFeabhra 2020 a bhunaigh líonraí oibríochtúla go foirmiúil i ngach ceann de na ceithre réigiún de chuid an Gharda Síochána i dtaobh coireacht chomhshaoil agus fiadhúlra.

Oibrítear na líonraí anois le hoifigigh Phríomhúdaráis Rialála Forfheidhmithe Dramhaíola (WERLA) i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i measc páirtithe leasmhara eile. Is é cuspóir na bhfóram réigiúnach cur chuige comhordaithe a éascú chun díriú ar gach leibhéal de choiriúlacht i limistéir an fhiadhúlra agus na coireachta comhshaoil.

### An tAonad um Choireacht Maoin Intleachtúil

Tá toise mhór idirnáisiúnta ann maidir le himscrúduithe a bhaineann le cearta maoine intleachtúla (MI) a shárú. Rinne an GNBCI idirchaidreamh ina leith seo le Europol lena chinntiú go raibh an bhaint chuí ag Éire sna himscrúduithe ábhartha a bhfuil toise ar fud na hEorpa acu.

**Cás-Staidéar – MI a Shárú**

Oibríocht atá ar siúl ar fud na hEorpa é Oibríocht Aphrodite III, a chomhordaítear trí Europol a dhíríonn ar chearta maoine intleachtúla (MI) a shárú. Rinne an Garda Síochána agus Cór Airgeadais na hIodáile (Guardia di Finanza) an ghníomhaíocht oibríochtúil a stiúradh faoinar thug breis agus 20 tír an AE.

B'éard a bhain leis an obair seo díriú ar tháirgí neamhdhleathacha teilifíse a dhíol agus a fhógairt ar líne, trí na meáin shóisialta.

Thug an Garda Síochána faoi 14 imscrúdú i mBaile Átha Cliath, Port Láirge, Tiobraid Árann, Maigh Eo agus Laois a bhaineann le hearraí góchumtha agus cóipchirt a dhíol. Rinneadh 6,340 earra/ábhar a rabhthas in amhras go raibh siad góchumtha nó faoi chóipcheart a urghabháil. Rinneadh 4,000 bosca teilifíseáin bairr neamhdhleathach a urghabháil mar thoradh ar thrí chuardach ar leith a rinneadh i lár na tíre agus i mBaile Átha Cliath. Dhírigh dhá cheann de na cuardaigh ar dháileoirí ar leibhéal mórdhíola.

I gcaitheamh na hoibríochta, sainaithníodh go raibh ábhair faoi chóipcheart á ndíol ar fud an Aontais Eorpaigh agus in áiteanna eile ar 4,200 láithreán gréasáin mar thoradh ar an eolas a comhordaíodh tríd an GNBCI. Leanann an Garda Síochána le heolas a roinnt le Europol ar bhonn rialta.

Tá comhaid imscrúdaithe á n-ullmhú lena gcur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú.

## SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA OIBRÍOCHTÚLA (OSS)

### Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána (an GASU)




| | |
|---|---|
| **1,360** | eitilt |
| **1,221** | uair an chloig eitilte |
| **2,329** | teagmhas freastalta |
| **214** | duine faoi amhras coinnithe |
| **29** | duine ar iarraidh aimsithe |
| **52** | feithicil aimsithe |

**Cás-Staidéar – Duine ar Iarraidh Aimsithe**

Chabhraigh an GASU le cuardach i Meitheamh 2020 ar dhuine ar iarraidh i gceantar Shliabh Bladhma i gContae Uíbh Fhailí. Fad a bhíothas ag tabhairt faoin gcuardach, chonaic foireann an aerárthaigh an duine ar iarraidh, a raibh an dealramh air go raibh siad neamh-chomhfhiosach agus gur theastaigh cúnamh uathu. Mar gheall ar an láthair iargúlta agus ar an méid ama a ceapadh a ghlacfadh sé ar na haonaid talún an láthair a bhaint amach, rinne an fhoireann an cinneadh tuirlingt agus cúnamh a thabhairt, mar gheall gur freagróirí oilte éigeandála iad. Chuir an fhoireann oilte garchabhair ar fáil don taismeach agus threoraigh siad seirbhísí éigeandála eile chuig an láthair.

Baineadh an taismeach den láthair ina dhiaidh sin go dtí an t-ospidéal agus bhí bail mhaith fhisiciúil orthu ar theacht i láthair dóibh.



### Aonad Gadhar an Gharda Síochána (an GDU)

Bhí an GDU bainteach i rith 2020 i mbreis agus 1,442 imlonnú, cuardaigh ar dhaoine ar iarraidh, drugaí, airm thine agus substaintí pléascacha anuas ar mhaoin ghoidte.

Thug na madraí freisin láthair breis agus luach €1.5 milliún de dhrugaí

**€1.5 milliún**
de dhrugaí agus d'airgead tirim

**Cás-Staidéar – Fianaise a fháil agus duine faoi amhras a ghabháil, Baile Átha Cliath**

Cuireadh na Gardaí ar an eolas ar roinnt iarrachtaí ar bhuirgléireachtaí an oíche seo i bhFeabhra 2020 i gceantar Bhaile Átha Cliath 8 agus sheachain duine faoi amhras a mbrath trí éalú trí lánaí agus gairdíní. Níos déanaí an oíche sin rinne duine faoi amhras iarracht éalú ó na Gardaí ar rothar goidte agus chonacthas go raibh rud éigin á chaitheamh uaidh fad a d'éalaigh sé nuair a bhí an ceantar á phatrólú ag na Gardaí le cúnamh an GDU.

Ghabh na Gardaí áitiúla é, cuardaíodh ag an láthair é agus deimhníodh go raibh tóirse agus lámhainn tromshaothair faoina seilbh aige. Deimhníodh aitheantas an duine faoi amhras agus dearbhaíodh go raibh sé faoi réir sé bharántas binse a bhain le coireanna, buirgléireacht agus goid san áireamh.

Thug an GDU faoi chuardach timpeall na háite ar tréigeadh an rothar agus tháinig siad ar mhála dubh éadaigh ina raibh gearrthóir dearg boltaí a rinneadh a cheilt.

### Marc-Aonad an Gharda Síochána (an GMU)

D'fhreagair an GMU i rith 2020 do thart ar 5,340 iarraidh ar imlonnú, cosúil le hord poiblí, rialú slua, cosaint daoine móra le rá, dualgais a bhaineann le searmanais, agus patróil ard-infheictheachta maidir le rialacháin sláinte poiblí Covid-19.

Is ionann an líon Gardaí sa Mharc-Aonad anois agus 14 - an líon is airde ó bunaíodh an t-aonad i 1998.

**Léargas Ginearálta ar Ghníomhaíochtaí an GMU in 2020:**

- **Cabhrú le cosc na coireachta** Thug an GMU faoi phatróil ard-infheictheachta mar chuid d'Oibríocht Thor i gCill Chainnigh, Ceatharlach agus Cill Dhéagláin.
- **Tabhairt faoi phatróil oíche** i RCBÁC ar mhaithe le dul i ngleic le saincheisteanna cosúil le meisce, mí-úsáid drugaí, neamhord poiblí, agus goid agus robáil.
- Ghlac an GMU páirt i bhFeabhra 2020 in **Taispeáint Oscailte/Lá Eolais an Gharda Síochána** do dhaltaí na hIdirbhliana.
- Rinneadh an GMU a imlonnú i Márta 2020 chun tabhairt faoi **dhualgais a bhaineann le cosaint** fad a bhí Diúc agus Bandiúc Cambridge ar cuairt i mBaile Átha Cliath.



**Aonad Uisce an Gharda Síochána (an GWU)**

Thug an GWU faoi chuardaigh i rith 2020 a bhain le daoine ar iarraidh agus aimsíodh taisí daonna 11 dhuine dá bharr.

Thacaigh an GWU freisin le himscrúduithe ar thromchoireacht trí thabhairt faoi chuardaigh ar airm thine agus airm eile, anuas ar imscrúduithe ar bháid, innill agus ar threalamh muirí eile a ghoid.

Thug an GWU faoi chuardaigh ag láithreacha muirí le slándáil daoine agus áiteanna ar leith a chinntiú. Thug an GWU tacaíocht freisin do phatróil agus cuardaigh an Gharda Síochána a bhaineann le hoileáin amach ón gcósta agus intíre. Thug an GWU in 2020 faoi phatróil mhuirí ar mhaithe le reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí muirí agus maidir le sábháilteacht mhuirí a fhorfheidhmiú. Bhain forfheidhmiú le ceisteanna cosúil le seaicéid tarrthála a chaitheamh.

Thacaigh an GWU le gníomhaíocht phóilíneachta Covid-19 ag uiscebhealaí, calafoirt agus muiríní ar fud na tíre chun cabhrú le sábháilteacht phoiblí agus cloí le rialacháin sláinte poiblí a chinntiú.

Chuir an GWU cúnamh ar fáil d'aonaid an Gharda Síochána cois Abhainn na Sionainne, Abhainn na Suca agus abhainn Suck agus Abhainn na hUíne i ngeimhreadh 2020. Áiríodh leis an gcúnamh seo tabhairt faoi phatróil a bhain le measúnú tuile, eolas cothrom le dáta a shainaithint ar uiscí tuile a bhí ag dul in airde, agus daoine nó beostoc leochaileach a shainaithint.

## AONAD OIRD PHOIBLÍ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA **(AN GNPOU)**

Chas Grúpa Stiúrtha Aonad Oird Phoiblí Náisiúnta an Gharda Síochána (GNPOU-SG), a ndéanann an Coimisinéir Cúnta, Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal (RPCE), cathaoirleacht air go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar Bhagairt Straitéiseach agus Measúnú Riosca (STRA) Oird Phoiblí.

Is é cuspóir an STRA na bagairtí agus na rioscaí a bhfuiltear eolach orthu agus atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus a mheasúnú a bhféadfadh freagairt chomhréireach póilíneachta oird phoiblí a bheith ag teastáil uathu. Cuireann nuashonrú agus forbairt éifeachtúil an STRA ar chumas an Gharda Síochána monatóireacht a dhéanamh ar a fhreagairt do na bagairtí ar bhonn leanúnach a chruthaíonn imeachtaí/oibríochtaí a bhaineann le hord poiblí.

Lean na moltaí i dTuarascáil Chigireachta an Gharda Síochána, Póilíneacht Oird Phoiblí - Athbhreithniú ar Chleachtais sa Gharda Síochána, de bheith ar an rud ba mhó a chuir dul chun cinn an GNPOU chun cinn in 2020.

Tugadh formhór na moltaí chun críche i rith na bliana agus tugadh an fuílleach díobh chun cinn.

Baineann dhá cheann de na moltaí siúd le hearcaíocht, roghnú agus oiliúint. Ina thaobh seo, dhírigh an GNPOU ar ionadaíocht do mhná agus éagsúlacht laistigh den aonad. I measc na dtionscnamh, bhí laethanta oscailte inar cuireadh léargas ginearálta ar obair an GNPOU i láthair iarratasóirí féideartha agus tá níos mó de na laethanta seo ar na bacáin amach anseo.

Forbraíodh ceithre phrionsabal nua earcaíochta freisin:

- **Éagsúlacht** – gealltanas é seo don éagsúlacht saintréithe a dhéanann daoine uathúla de dhaoine aonair a aithint agus meas a léiriú air.
- **Comhsheasmhacht** – is éard a bhaineann leis seo ná gurb eol d'iarratasóirí an méid a mbítear ag súil leis go ndéanfaidh siad agus an méid ar féidir leo súil a bheith leis, ar a uain sin.
- **Trédhearcacht** – gealltanas é seo d'úsáid a bhaint as modh roghnaithe a chruthaíonn oscailteacht idir roghnóirí agus iarratasóirí.
- **Ionchuimsiú** – tá mar chuspóir aige seo timpeallacht oibre a chruthú ina gcaitear le gach duine go cothrom agus le meas, go mbíonn an teacht céanna acu ar dheiseanna agus ar acmhainní, agus gur féidir leo cur go hiomlán leis an rath a bhíonn ar an Aonad.



# SLÁNDÁIL AGUS FAISNÉIS NÁISIÚNTA




**177**
**Cuardach pleanáilte** déanta ag an tAonad Tacaíochta faoi Airm chun tacú le póilíneacht túslíne

**164**
**Dídeanaí**
tar éis a bheith scagtha ó thaobh slándála ag pearsanra an tAonad Speisialta Bleachtaireachta mar chuid de Chlár Athlonnaithe Dídeanaithe na hÉireann (IRRP)



**80** **oibríocht airm thine, 36 cuardach ardriosca san áireamh**

**93** **teagmhas de shaghas géill/baracáide/féinmharaithe (HBS) in 2020**

**86** **pearsanra ceannais ar theagmhais chriticiúla airm thine (CFIC) oilte go hiomlán.**

## SEIRBHÍS NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA I DTACA LE COIREACHT AGUS FAISNÉIS SLÁNDÁLA (AN GNCSIS)

Lean an GNCSIS ag comhoibriú agus le faisnéis a roinnt le contraphháirteanna Eorpacha agus idirnáisiúnta, chun leanúint d'fhaireachas agus athbhreithniú seasmhach a dhéanamh ar an leibhéal bagartha a chruthaíonn eagraíochtaí sceimhlitheoireachta agus coireacht eagraithe don Stát.

Níor tháinig aon athrú ar an leibhéal bagartha "measartha" in Éirinn ón mbliain 2018 ar aghaidh, a thugann le fios "go bhféadfadh ionsaí titim amach ach ní dóchúil go dtitfidh".

Nuair a bhí frithbhearta á gcur i bhfeidhm i rith 2020, ghlac an Garda Síochána le cur chuige réamhghníomhach straitéiseach i leith coireacht eagraithe agus ceisteanna slándála náisiúnta.

## AN TAONAD NÁISIÚNTA UM FHAISNÉIS CHOIRIÚIL (AN (NCIU))

Déanann NCIU nasc díreach le haonaid náisiúnta agus áitiúla imscrúdaithe chun grúpaí coireachta eagraithe ar fud an Stáit a shainaithint, cur isteach orthu agus a chloí, agus roinnt mhaith snáitheanna eolais á dtabhairt le chéile chun barr feabhais a chur ar an íomhá faisnéise.

## OIFIG AN OIFIGIGH NÁISIÚNTA UM FHAISNÉIS CHOIRIÚIL  (NCIO)

éanann NCIO idirchaidreamh le gach duine den deichniúr Oifigeach um Fhaisnéis Choiriúil laistigh den Gharda Síochána, agus cuireann sé líne chumarsáide ar fáil chun gur féidir leo a chinntiú go gcuirtear eolas agus faisnéis in iúl faoi theagmhais láithreach. Is é NCIO an pointe teagmhála aonair is mó le haghaidh Oifigeach um Fhaisnéis Choiriúil agus Gardaí eile laistigh den Rannóg Slándála agus Faisnéise maidir le gach ceist faisnéise neamhshuaití..

# SLÁNDÁIL AGUS FAISNÉIS NÁISIÚNTA




An tAonad Tacaíochta faoi Airm

## AN TAONAD SPEISIALTA BLEACHTAIREACHTA (AN SDU)

Ar mhaithe le slándáil na hÉireann a chosaint, dhírigh agus chuir SDU isteach go gníomhach ar ghníomhaíocht a bhain le sceimhlitheoireacht, agus chuir sé straitéisí frithsceimhlitheoireachta straitéisí i bhfeidhm i gcaitheamh na bliana i gcomhthráth.

I gcomhordú le sainaonaid, agus le pearsanra réigiúnach an Gharda Síochána, thug SDU faoi oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta faoi stiúir faisnéise in 2020.

Rinneadh pléascáin, airm thine, muinisin/armlón a urghabháil mar thoradh ar na hoibríochtaí rathúla seo, agus ionchúisíodh roinnt daoine aonair ina dhiaidh sin i ngeall ar an mbaint a bhí acu i ngníomhaíochtaí coiriúla.

Cuireadh tús freisin le roinnt imscrúduithe airgeadais sceimhlitheoireachta i rith 2020, agus bhí roinnt ábhair spéise ag roinnt díobh. Tá réimse fairsing idirbheart i gceist leo, idir idirbhearta aonair simplí agus scéimeanna casta airgeadais sceimhlitheoireachta eagraíochtaí/grúpa.

Mar thoradh ar an obair seo, gabhadh, cúisíodh agus ciontaíodh daoine aonair i ngeall ar an mbaint a bhí acu i sciúradh airgid agus i maoiniú sceimhlitheoireachta, agus urghabhadh méideanna móra airgid thirim ó dhaoine faoi amhras nó rinneadh na suimeanna siúd airgid a reo le hinstitiúidí airgeadais.

Ghlac an SDU le ról ríthábhachtach go luath in 2020 i dtaobh slándáil a sholáthar do chuairteanna iomadúla oifigiúla uaisle ón gcoigríoch, Cuairteanna Stáit a thug Uachtarán na Poblachta Heilléanach, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus Diúc agus Bandiúc Cambridge.

Cothaíonn SDU caidreamh láidir oibre le contrapháirteanna Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus oibríonn sé go comhoibritheach leis an PSNI i dtabhairt faoi oibríochtaí agus imscrúduithe trasteorann.

I Lúnasa 2020, thug SDU, pearsanra áitiúla an Gharda Síochána agus na hAonaid Tacaíochta faoi Airm réigiúnacha faoi roinnt cuardach mar chuid d'oibríocht faoi stiúir an PSNI, chun gníomhaíochtaí an IRA Nua a chomhrac.

Faoi mar a rinne sé i mblianta roimhe seo, chuir an SDU tacaíocht ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt i dtabhairt faoi scagadh slándála ar 164 dídeanaí mar chuid de Chlár Athlonnaithe Dídeanaithe na hÉireann (an IRRP).

Thug SDU faoi roinnt oibríochtaí faoi stiúir faisnéise i rith 2020 freisin a dhírigh ar ghrúpálacha agus ar dhaoine aonair a bhí bainteach in antoisceachas foréigneach.

## BEARTAÍOCHT SPEISIALTA AGUS CEANNASAÍOCHT OIBRÍOCHTAÍ (STOC)

### An tAonad Tacaíochta faoi Airm (an ASU)

Tacaíonn an ASU lena gcomhghleacaithe gan airm chun freagairt do theagmhais ina gcruthaítear bagairt níos mó nó ina mbíonn airm thine i láthair.

Thug an ASU faoi 177 cuardach pleanáilte i rith 2020 chun tacú le póilíneacht túslíne. Sholáthair ASU RCBÁC láithreacht neamhcheilte freisin ag ceithre imeacht speisialta a bhain go díreach le paindéim Covid-19.

**An tAonad Práinnfhreagartha (an ERU)**

Cuireann an ERU sainfhreagairt bheartaíochta/idirghabhála ar fud na tíre ar fáil ag teagmhais gan choinne a chruthaíonn baol níos airde, cosúil le teagmhais ghéil/bharacáidithe, agus tá dualgas air tacú le hoibríochtaí slándála náisiúnta agus frithsceimhlitheoireachta.


Anuas air sin, sholáthair an ERU cosaint dhlúth do dhaoine a bhí á gcosaint a raibh baol mór rompu, daoine móra le rá a bhí ar cuairt, Cinn Stáit agus finnéithe cosanta ina measc.

Thug an ERU faoi 80 oibríocht airm thine in 2020, faoi 36 cuardach ardriosca ina measc.

**An tAonad Idirbheartaíochta Náisiúnta (an NNU)**

Dhéileáil Idirbheartaithe Oilte an Gharda Síochána le 93 teagmhas in 2020. Is ionann seo agus laghdú beag i gcomparáid le figiúirí 2019 agus 2018.

Cosúil le blianta roimhe seo, tugadh an líon ab airde de na teagmhais seo le fios in RCBÁC (42), agus ba é an Réigiún Thoir an dara limistéar ba ghnóthaí, inar thit 22 teagmhas amach i rith 2020.




*Tugadh tromlach na dteagmhas chun críche go síochánta trí ghníomhartha chéad fhreagróirí, idirbheartaithe agus an ASU. Nuair a thiteann idirghabháil amach, déantar amhlaidh ar chúiseanna éagsúla, cosúil le bagairt leighis nó ghéaraithe. Tá baint ag an NNU in imscrúduithe nár cuireadh i gcrích in 2020.

**Aonad Oiliúna Beartaíocht Speisialta agus Ceannasaíocht Oibríochtaí (STOC) (an STU)**

Oibríonn foireann atá ardcháilithe agus a bhfuil taithí oibríochtúil acu san STU agus bunaíodh é i Meán Fómhair 2019 chun tacú le sainriachtanais agus riachtanais oibríochtaí STOC atá ag teacht chun cinn. Tá an STU freagrach as gach sainscil a dhearadh, a sholáthar agus a chur i dtaifead a sholáthraítear do phearsanra STOC.

D'fhorbair an STU cúrsaí oiliúna nua bunaithe ar chásanna d'oibreoirí STOC agus d'aonaid chomhpháirtíochta cosúil leis an Aonad Náisiúnta Faire agus an Fhoireann Náisiúnta Freagartha Teagmhais Otharcharranna (an IRT).

Chruthaigh an t-aonad cláir oiliúna shrathacha nua freisin d'airm thine agus don phearsanra dlúthchosanta, agus chuir sé oiliúint athnuachana bunaithe ar chásanna ar fáil maidir le teagmhais ghéill/bharacáide/féinmharaithe do phearsanra uile STOC.

Chuir an STU sainoiliúint ar fáil ar bronnadh breis agus 5,000 cáilíocht/athcháilíocht in arm tine agus sainscileanna ar pearsanra STOC dá bharr.

**Aonad Comhordaithe Ceannais STOC (an CCDU)**

Lean an t-aonad le hoiliúint dhinimiciúil cinnteoireachta a sholáthar agus cuireadh trí chúrsa bhreise Ceannais ar Theagmhais Chriticiúla Airm Thine (CFIC) ar siúl i gCorcaigh agus tá oiliúint iomlán curtha anois ar 86 pearsanra an CFIC, ar an iomlán.

Lean CCDU STOC le hidirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha agus le comhpháirtithe an AE chun na caighdeáin is fearr agus dea-chleachtas a bhaint amach, agus tugadh cead dóibh an córas pleanála oibríochtúla agus tacaíochta teagmhas criticiúil TF-bhunaithe a sholáthar.

## IDIRCHAIDREAMH AGUS COSAINT

### INTERPOL

Bhain an Garda Síochána lán an leasa i rith 2020 as cumas fairsing Interpol chun obair shainaonad agus na póilíneachta túslíne a threisiú níos mó.

Ghlac comhaltaí an Gharda Síochána páirt freisin i roinnt tionscadal faoi stiúir Interpol i limistéar a dtugtar tús áite póilíneachta dóibh, cosúil le cibearchoireacht, coireacht airgeadais agus teifigh.

Thug pearsanra an Gharda Síochána a oibríonn le Biúró Lárnach Náisiúnta (NCB) Interpol faoi oiliúint fhíorúil i gcaitheamh na bliana a chur ar a gcumas na tacaíochtaí a fháil a chuir Ceanncheathrú Interpol i Lyon agus a lárionaid réigiúnacha ar fud an domhain ar fáil dóibh.

Ghlac Gardaí a tugadh ar iasacht do Interpol páirt i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta a dhírigh ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, cibearchoireacht agus calaois.

### EUROPOL

Chabhraigh Europol leis an nGarda Síochána i dtabhairt faoi roinnt oibríochtaí trasteorann a dhírigh ar thromchoireacht agus ar choireacht eagraithe sna limistéir cibearchoireacht, gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine, inimirce neamhdhleathach, calaois, agus sceimhlitheoireacht. D'éascaigh Líonra Europol imscrúduithe leanúnacha a chomhordú freisin i mballstáit eile Eorpacha.

Mar chuid d'iarracht Europol uasoiliúint a chur ar fhorfheidhmiú an dlí go mbainfear caighdeáin bhunriachtanacha amach, ghlac pearsanra an Gharda Síochána a d'oibrigh leis na sainaonaid páirt in oiliúint ar líne, d'fhreastail siad ar chomhdhálacha fíorúla, agus bhí baint acu i Laethanta Comhghnímh a dhírigh ar choireacht fuatha agus ar theacht i dtír ar shaothar.

Thug an Garda Síochána cuidiú freisin in 2020 do na measúnuithe agus na tuarascálacha seo a leanas de chuid Europol: Measúnú ar Bhagairt na Tromchoireachta Eagraithe, an Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe ar an Idirlíon, agus le tuarascálacha ar an gCás Sceimhlitheoireachta laistigh den Aontas Eorpach.

### Córas Faisnéise Schengen II (SIS II) agus Biúró SIRENE

Córas mórscála éifeachtúil malartaithe faisnéise é Córas Faisnéise Schengen II (SIS II) a thacaíonn le comhoibriú le forfheidhmiú an dlí ar fud an Aontais Eorpaigh agus ballstáit ghaolmhara.

Thug Foireann Tionscadail SIS laistigh den Gharda Síochána aghaidh in 2020 ar na gnéithe oibríochtúla, teicniúla agus oiliúna a theastaíonn ó Éirinn chun ballraíocht de SIS a ghlacadh. Is ionann SIS II a thabhairt isteach agus forbairt thábhachtach ar thuarascáil chlár athchóirithe an Seirbhís Póilíneachta dár dTodhchaí (APSFOF) a chur i bhfeidhm.

Rachaidh an córas chun sochair an Gharda Síochána ar na bealaí seo a leanas:

- Teacht a sholáthar ar shonraí fíor-ama, agus eolas a scaipeadh idir ballstáit SISI i bhfoirm foláireamh a bhaineann le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu agus atá ar iarraidh, feithiclí agus earraí ar iarraidh nó goidte, agus is féidir iad seo a cheangal freisin le gníomhaíochtaí tromchoireachta agus a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht.
- Slándáil a mhéadú trí shonraí agus faisnéis a roinnt ar bhealach neartaithe agus trí chomhoibriú le tíortha a ghlacann páirt in SIS.

Bunaíodh Biúró SIRENE nua náisiúnta agus feidhmíonn sé mar phointe teagmhála aonair ar bhonn 24/7 maidir le heolas forlíontach a mhalartú, agus gníomhaíochtaí a chomhordú a bhaineann le foláirimh SIS.

### An tAonad Comhordaithe Idirnáisiúnta (an ICU)

Lean an ICU le maoirseacht a dhéanamh ar an gCiste Slándála Inmheánaí Náisiúnta (an ISF) laistigh den Gharda Síochána.

Dhírigh na tionscadail ar dhá chuspóir ar leith a bhaint amach:

- An choireacht a chomhrac: coireacht trasteorann, tromchoireacht agus coireacht eagraithe a chomhrac, an sceimhlitheoireacht agus comhordú agus comhoibriú a neartú san áireamh idir an Garda Síochána agus údaráis náisiúnta eile stáit an AE, Europol san áireamh.

- Riosca agus géarchéim a bhainistiú: barr feabhais a chur ar chumas an Gharda Síochána bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar riosca agus géarchéim a bhaineann le slándáil, agus ullmhú chun daoine agus príomhbhonneagar a chosaint in aghaidh ionsaithe sceimhlitheoireachta agus teagmhais eile a bhaineann le slándáil.

Rinne an t-aonad comhordú arís eile ar rannpháirtíocht an Gharda Síochána i dtionscadail taighde agus nuálaíochta an AE mar chuid de chlár Horizon 2020. Ba é téama dhúshlán 2020 "Sochaithe Slána."

**Áiríodh le príomhaidhmeanna Dhúshlán na Sochaithe Slána:**



Réitigh a fhorbairt maidir leis an bpríomhbhonneagar a chosaint



An choireacht agus an sceimhlitheoireacht



Cibearshlándáil a fheabhsú

**An Oifig Bainistíochta Móréigeandála (MEM)**

Chuir an MEM lena shainchúram in 2020 le teagmhais Cheimiceacha, Bhitheolaíocha, Raideolaíocha agus Núicléacha (CBRNe) a chur san áireamh (mar thoradh ar phléascáin a úsáid freisin), agus beartas agus oiliúint lena mbaineann. Ghlac sé le freagracht freisin ó Mhárta 2020 as Aonad Comhordaithe Covid-19 an Gharda Síochána.





# SÁBHÁILTEACHT PHOBAIL

**150**
**gléas luasbhraite léasair faighte**

**Ráiteas Straitéise agus Plean Gníomhaíochta Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe 2020-2021 seolta**

Breis agus 300 ionad fud fad na tíre páirteach sa Lá Náisiúnta Rannpháirtíochta sa Phobal

**2,500**
**gléas móibíleach tugtha isteach**

**Cárta Aoise**
**á úsáid le 21 bl. anuas/ breis agus 900,000 cárta eisithe ó 1999**

Bunaíodh Fóram Náisiúnta Éagsúlachta an Gharda Síochána

## FEACHTAIS UM CHOSC NA COIREACHTA BHIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM RANNPHÁIRTÍOCHT SA PHOBAL (GNCEB)

**Cuireadh feachtais ar siúl i leith príomhchoireanna, cosúil le:**

- **Cosc na buirgléireachta Sábháilteacht tuaithe**
- **Sábháilteacht phoiblí agus laghdú na díobhála**
- **Sábháilteacht tuaithe**
- **Sábháilteacht ar líne**
- **Goid/sábháilteacht rothar**
- **Sábháilteacht ghutháin chliste**

Cuireadh na feachtais seo chun cinn trí na meáin thraidisiúnta, na meáin shóisialta, Garda.ie, go háitiúil trí bhileoga a scaipeadh agus seastáin taispeántais, nuair a ceadaíodh faoi shrianta Covid-19.

### Is Leatsa an Rogha

Seoladh an feachtas seo go luath in 2020 chun eolas a chur ar fáil do scoláirí meánscoile ar an tionchar a imríonn andúil agus ionsaí, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le bheith sábháilte ar líne, agus úsáideadh eispéiris fíorshaoil.













### Úsáid d'Inchinn, seachas do Dhoirne

Mar chuid den fheachtas sábháilteachta seo, d'oibrigh Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána (GNCPU) go dlúth le CLG Uladh agus an PSNI chun béim a leagan ar na hiarmhairtí a bhaineann le hionsaithe aondoirn.

D'fhreastail líon mór imreoirí óga, foirne sinsearacha, a gcóitseálaithe agus bainistíocht an chumainn ar imeacht ceardlainne fíorúil.

### Seachtain Náisiúnta na Rothar

Mheabhraigh feachtas feasachta a cuireadh ar siúl ar fud na tíre rothaithe bheith níos réamhchúraí maidir lena rothair a choimeád sábháilte trí iad a chur faoi ghlas ar an mbealach is sábháilte agus is féidir.

### Slándáil Charbhán

Goideadh breis agus 40 carbhán agus veain champála idir 2019 agus Iúil 2020. Tar éis an lín ghada seo, d'eisigh na Gardaí impí trí na meáin shóisialta ar úinéirí carbhán agus veaineanna campála dul i mbun bearta breise slándála ar aon dul le tionscnamh 'Páirceáil go Cliste' an Gharda Síochána.

### Sábháilteacht Ghutháin Chliste

Lean goid gutháin phóca de bheith ina saincheist i rith 2020. De réir Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána, ní dhéantar ach 10% den luach €5 milliún de ghutháin phóca a goideadh a aisghabháil.

Mar fhreagairt dó seo, seoladh feachtas sábháilteachta a spreag úinéirí gutháin chliste bheith glic i Lúnasa ar fud na meán áitiúil agus náisiúnta, agus ar fud chainéil mheán sóisialta an Gharda Síochána.

### An Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (an EUCPN)

Chuir an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (an EUCPN) a chéad lá fócais ar fud an AE ar bhuirgléireacht intíre ar siúl an 21 Deireadh Fómhair. Mar bhall den EUCPN, lorg an Garda Síochána, i gcomhoibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt, agus le gníomhaireachtaí forfheidhmithe an dlí eile ar fud an AE, buirgléireachtaí intíre a laghdú trí ghníomhaíochtaí feasachta poiblí ar an lá gníomhaíochta seo.

### Sábháilteacht ar Oíche Shamhna


Roimh thréimhse Oíche Shamhna 2020, chuir an GNCPU i gcomhar le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid an Teampaill, físeán feasachta ar líne le chéile. Leagadh béim san fhíseán seo ar an mbaol a chruthaíonn tinte cnámh agus tinte ealaíne, agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le hiompar frithshóisialta.

Rinne an GNCPU póstaer sábháilteachta ar Oíche Shamhna a dhearadh agus a sholáthar freisin do bhunscoileanna agus meánscoileanna.

### An Fóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe

Bunaíodh an Fóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe in 2019 mar chomhpháirtíocht chomhoibritheach chun tacú le seirbhís phóilíneachta pobail tuaithe.







Rinne an Coimisinéir Cúnta, Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal agus Leas-Uachtarán Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann, comhchathaoirleacht ar an bhfóram sa dara bliain dó a bheith ar an bhfód.

Scaoil Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann i gcomhar leis an nGarda Síochána feachtas Sábháilteachta Geimhridh i dtreo dheireadh 2020 faoi shainchúram an Fhóraim. Cuimsíodh eolas san fheachtas seo ar mheabhairshláinte, sábháilteacht feirme, slándáil tí, slándáil ar líne agus sábháilteacht ar bhóithre, chomh maith le comhairle faoi chosc na coireachta i rith Covid-19, cosúil leis an teachtaireacht 'cuir faoi ghlas é agus las suas é' agus déileáil le cuairteoirí.

Rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a bileog chomhairle faoi Ghlaoch an Phobail a athscaipeadh ar an bhFóram go ndéanfaidh na baill go léir é a dháileadh mar bileog comhairle agus eolas teagmhála contae. Lean an Garda Síochána ag oibriú lenár gcomhpháirtithe san Fhóram ar thionscnaimh um chosc na coireachta agus rannpháirtíochta sa phobal.

### An Lá Náisiúnta Rannpháirtíochta sa Phobal

Cuireadh an Lá Náisiúnta Rannpháirtíochta sa Phobal ar siúl an 31 Eanáir 2020 chun rannpháirtíocht an phobail agus athdhearbhú an phobail a mhéadú.

Tugadh cuireadh do phobail áitiúla freastal ar imeacht 'casta agus fáiltithe' lena nGardaí áitiúla ag 300 ionad fud fad na tíre. Bhí ionadaithe Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus iad siúd a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí pobail áitiúla ar an bhFóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe i láthair freisin.

Ní hamháin gur dheis fhiúntach é seo do phobail ar fud na hÉireann casadh lena nGardaí áitiúla agus aithne a chur orthu, ach thug sé an deis freisin do na Gardaí éisteacht le riachtanais póilíneachta a bpobal

## AG TACÚ LE TIONSCNAIMH ÁITIÚLA

Thug an GNCPU tacaíocht do roinnt tionscnaimh áitiúla/thuaithe in 2020.

### An Clár um Imeaglú Bainteach le Drugaí

Rinne RCBÁC Thuaidh breithniú in 2020 ar an tsaincheist a bhaineann le teagmhais maidir le hImeaglú Bainteach le Drugaí (DRI) agus conas a d'fhéadfadh Gardaí áitiúla cabhrú le híospartaigh agus iad siúd a ndéanann DRI difear dóibh.

Mar thoradh ar chomhoibriú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon, forbraíodh cárta ar a bhfuil sonraí teagmhála do Chlár an Gharda Síochána um Imeaglú Bainteach le Drugaí agus do Thascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiún Bhaile Átha Cliath Thuaidh chun cabhrú le híospartaigh DRI tacaíocht a fháil.

### Tionscnaimh Sábháilteachta Uisce

I ndiaidh teagmhas tubaisteach i nDún na nGall, rinne Gardaí ó Bhun Cranncha idirchaidreamh le Sábháilteacht Uisce na hÉireann agus na baill áitiúla d'Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (RNLI) chun oiliúint agus trealamh speisialta a fháil, cosúil le málaí caite tarrthála agus baoithe fáinne, a d'fhéadfaí a stóráil i ngluaisteáin phatróil lena n-úsáid i gcás éigeandáil uisce.

Ar an gcuma chéanna, ghlac Gardaí agus gníomhaireachtaí eile páirt i dtionscnamh oiliúna sábháilteachta uisce i mBaile Átha Luain i rith 2020 i ndiaidh gur maraíodh roinnt daoine in Abhainn na Sionainne.

### An Scéim Faire Cósta

Chuir Roinn Mhaigh Eo an Scéim Faire Cósta i bhfeidhm i Márta agus ba é ceann de na príomhghnéithe ná Oibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála (SAR). Ceapadh straitéis le cabhair a thabhairt do Ghardaí atá bainteach in oibríochtaí SAR agus cruthaíodh bunachar sonraí inar cuimsíodh an t-eolas go léir a theastaíonn ó SAR agus a bhaineann le SAR, in aon áit amháin. Fuair Roinn Mhaigh Eo cabhair ó Rannóg Léarscáilithe an Gharda Síochána chun léarscáileanna a chomtháthú isteach sa bhunachar sonraí. Cuireadh feidhmchlár gréasáin ar féidir amharc air ar ghléasanna móibíleacha ar fáil.

### An Feachtas Bí ar Fónamh agus Las Suas É



Chruthaigh Gardaí pacaí bronntanais ina raibh tóirsí, greamáin ‘aimsigh m’Éirchód’, pacaí um chosc na coireachta ‘cuir faoi ghlas é agus las suas é’ an Gharda Síochána agus bileoga tacaíochta pobail. Ba í an aidhm go leanfadh na daoine aosta inár bpobail de Bheith ar Fónamh agus lena háiteanna cónaithe a Lasadh Suas i rith mhíonna dorcha an gheimhridh. Sholáthair na Gardaí breis agus 1,500 paca do na daoine is leochailí agus do dhaoine aosta i rith mhí na Nollag.

### Ambasadóirí um Chosc na Coireachta

Clár comhpháirtíochta é tionscnamh Ambasadóir um Chosc na Coireachta Cheantar Gharda Síochána an Longfoirt atá faoi stiúir Aonad Póilíneachta Pobail an Gharda Síochána, Comhairle Contae an Longfoirt, agus Comhaontas Aoisbhá an Longfoirt agus tacaíonn Pobal ar Aire agus Faire Comharsanachta leis.

Clár piaraí atá sa tionscnamh seo a sholáthraíonn eolas ar chosc na coireachta a roinntear ansin le daoine breacaosta. Is é a chuspóir coireanna in aghaidh daoine breacaosta a chomhrac, agus chun dul i ngleic, go príomha, le heagla roimh choireacht agus aonrú i measc daoine breacaosta. Tá sé ceaptha daoine breacaosta laistigh den phobal a chumasú trí oibriú i gcomhar leis an nGarda Síochána trína nGardaí Pobail áitiúla.

Síneadh agus seoladh an clár i Samhain i bhfocheantar Gharda Síochána Bhaile Uí Mhatháin, agus ceapadh ambasadóirí nua agus cuireadh pacaí ar fáil dóibh ina raibh bileoga agus ábhair um chosc na coireachta a bhí le scaipeadh ar na daoine leochaileacha sa phobal.

### Clár Scoileanna an Gharda Síochána a Sholáthar ar Líne

Nuair a chuirtear na srianta san áireamh a bhí ar idirghníomhú pearsanta i rith Covid-19, níorbh fhéidir Clár Scoileanna an Gharda Síochána a sholáthar ar bhonn aghaidh ar aghaidh. Aimsíodh bealaí nua, áfach, chun comhairle faoi chosc na coireachta agus faoi shábháilteacht phearsanta ar scoláirí agus daoine óga.

Ba thábhachtaí gur ghá do dhaoine óga a bheith ar an eolas ar chumarsáid ar líne a dhéanamh agus meas á léiriú agus a bhfolláine ar líne a bhainistiú i rith an ama seo ná mar a bhí riamh roimhe seo, nuair a chuirtear san áireamh go raibh láithreacht níos mó ag gach duine ar líne.

Thacaigh an GNCEB le Póilíneacht Phobail Chill Dhéagláin chun cainteanna réamhthaifeadta a fhorbairt maidir le cibearbhulaíocht (sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil) agus dul i ngleic leis an tsaincheist lena mbaineann comhéigean




Filleadh ar na Bunphrionsabail




Oibriú le Pobail

agus sracaireacht ghnéasach ar líne a dhéanamh ar dhaoine óga (leibhéal iar-bhunscoile). Cuireadh gnéithe de na cainteanna seo ar fáil trí Ghaeilge. Scaipeadh na cainteanna seo ar gach scoil i gCeantar Chill Dhéagláin.

**Tionscnamh na Cásca**

Níorbh fhéidir do dhaoine an Cháisc a cheiliúradh ar an ngnáthbhealach i mbliana.

I gcomhthéacs an mhéid seo, thacaigh an GNCPU le Stáisiún Gardaí Mhullach Íde chun cárta beannachta na Cásca a dhearadh. Bhí comhairle thábhachtach sláinte poiblí san áireamh sa dearadh agus scaipeadh é ar chónaitheoirí áitiúla.

Ag cur leis an rath a bhí ar an tionscnamh seo a d'ardaigh meanma dhaoine, dearadh teimpléad dearadh agus scaipeadh é ar cheantair an Gharda Síochána ar fud na tíre go mbainfear úsáid go háitiúil as.

**Cárta Nollag**

Mar aitheantas ar an iomaí traidisiún Nollag nárbh fhéidir tabhairt fúthu i rith thréimhse na Nollag 2020, chuir an GNCPU agus Gardaí pobail i gCeantar Leamhcáin, RCBÁC cárta Nollag le chéile a cuireadh ar fáil ansin do Ghardaí lena úsáid i bpobail fud fad na tíre.

Dearadh an cárta do leanaí lena dhathú isteach agus bhíothas in ann teachtaireacht ghearr shéasúrach a scríobh air do chónaitheoir aosta a chónaíonn laistigh dá bpobal, agus bhíothas ábalta an cárta a sheoladh chucu.

**An Tionscadal 'Taobh Tuathail Amach'**

Bhí Gardaí Cheantar Thiobraid Árann bainteach i Meán Fómhair sa tionscadal Taobh Tuathail Amach a sheoladh a dearadh le hoibriú i gcomhar le daoine faoi mhíchumas, daoine óga agus aosta, chomh maith le roinnt gníomhaireachtaí, FSS, Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Príosún Ban Luimnigh agus scoláirí na hIdirbhliana (IB) ó scoileanna áitiúla ina measc.

## CEARTA DAONNA, COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSIÚ

Ghlac Gardaí páirt i gceardlanna agus plé grúpa a éascú chun feasacht a mhúscailt ar an tionchar a imríonn an choireacht ó dhá pheirspictíocht - íospartach na coireachta agus an duine a thugann faoi na coireanna. Is í aidhm an tionscnaimh phíolótaigh seo timpeallacht níos sábháilte a chruthú do gach duine sa tsochaí.

**An Straitéis um Chearta Daonna**

Cuireann an Straitéis um Chearta Daonna 2020-2022 plean cuimsitheach ar fáil lena chur ar chumas na heagraíochta bonneagar um chearta daonna a fhorbairt. Cuimsítear seacht bpointe gnímh ann atá in ainm is feabhas a chur ar an tuiscint agus an t-eolas atá ar chearta daonna agus ar oiliúint, beartas agus soláthar seirbhíse um chearta daonna i measc phearsanra uile an Gharda Síochána.

I measc na dtionscnamh a tugadh chun cinn mar chuid den Straitéis um Chearta Daonna, bhí:

- **Clár oiliúna 12 sheachtain**, an Dlí Póilíneachta agus Ceart Daonna in Éirinn, a fhorbairt atá le comhordú le hOllscoil Luimnigh agus a bhfuil tús le cur leis do gach bainisteoir sinsearach agus do bhreis agus 500 pearsanra an Gharda Síochána in Eanáir 2021. Seaimpíní ceart daonna a bheidh sna baill foirne seo, agus beidh siad mar chuid de líonra speisialta phearsanra an Garda Síochána a bheidh ina lucht tacaíochta ar son cearta daonna laistigh den Gharda Síochána

- **Athbhreithniú ar an bhfoirm mheasúnaithe riosca** ar thaifid choimeádta le meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht agus a oiriúnacht i dtaobh daoine leochaileacha agus atá i mbaol atá faoi choimeád an Gharda Síochána a shainaithint.
- Tugadh faoi staidéar píolótach i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (NCSP). Chuir seo **cúrsa oiliúna ar idirghabháil féinmharaithe** ar fáil do phearsanra an Gharda Síochána chun meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht.
- Leathanach gréasáin inmheánach a fhorbairt ar Thairseach an Gharda Síochána lena chinntiú go bhfuil **teacht láithreach ar ábhar ábhartha um chearta daonna** ag pearsanra an Gharda Síochána chun cabhrú leo lena róil faoi seach.
- **Idirchaidreamh leanúnach a dhéanamh le roinnt grúpaí seachtracha** ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil i rith 2020. Ba iad na grúpaí a ndearnadh idirchaidreamh leo ar bhonn rialta:
  - ADHD Ireland
  - Abhcóideacht Uathachais AsIAm
  - Meabhairshláinte Éireann
  - Merchants Quay Ireland
  - An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
  - An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc.
- Trí chruinniú an Choiste Chomhairligh Straitéisigh um Chearta Daonna faoi mar a rinne Coimisinéir an Gharda Síochána cathaoirleacht air.

**An Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta Daonna (an SHRAC)**

Freastalaíonn an Coimisinéir agus ionadaithe inmheánacha agus seachtracha ó réimse páirtithe leasmhara ar an SHRAC. Anuas ar bhallraíocht inmheánach an SHRAC, is éard atá sa bhallraíocht sheachtrach ná roinnt grúpaí abhcóideachta, an méid seo a leanas ina measc;

- Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath
- An tIonad um Chearta Daonna na hÉireann
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionanna
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Tá mar chuspóir ag an gCoiste casadh gach ráithe, ach mar gheall gur tháinig phaindéim Covid-19 chun solais, áfach, cuireadh cruinniú sceidealaithe Mhárta ar ceal. Cuireadh trí chruinniú fhíorúla ar bun ina dhiaidh sin agus tháinig na príomh-shaincheisteanna seo a leanas chun solais:

- Freagairt póilíneachta Covid-19
- Sciath frithsheile
- Eitneacht a chur i gcuntas
- Cearta íospartach
- Soláthar Foirne na Rannóige um Chearta Daonna
- An Straitéis um Chearta Daonna 2020-2022

Tá Tuarascáil Bhliantúil an SHRAC ar fáil ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána.

## ÉAGSÚLACHT AGUS IMEASCADH

**Ráiteas Straitéise agus Plean Gníomhaíochta Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (EDI) 2020-2021**

Seoladh an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta EDI i Nollaig agus sainaithnítear ann roinnt gníomhartha tosaíochta a thagann leis an Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha sheachtrach 2019-2021.

Cabhróidh an plean gearrthéarmach leis an nGarda Síochána iarracht a dhéanamh a chinntiú nach gcuireann idirdhealú san ionad oibre bac ar gach comhalta an Gharda Síochána, gan aird ar a n-aois, inscne, míchumas, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, cineál, creideamh reiligiúnach, nó ballraíocht de phobal an Lucht Siúil.

Leag an Garda Síochána fís amach trí Phlean Gníomhaíochta 11 phointe chun timpeallacht oibre a chruthú ina gcaitear le gach duine go cothrom agus le meas; go mbíonn deiseanna agus acmhainní comhionanna acu; agus gur féidir leo cur go hiomlán leis an rath a bhíonn ar an nGarda Síochána.

Tugadh isteach é mar chuid de APSFOF, a leagann an bhunchloch chun an clár comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a chur chun cinn laistigh den Gharda Síochána. Déanann sé ár gCód Eitice a leabú níos mó agus neartaíonn sé príomhiompar eiticiúil sa Gharda Síochána chun tacú le seirbhís phóilíneachta éifeachtach a sholáthar.

Cuireadh tús le hobair ar an Treochlár Earcaíochta Éagsúlachta. Tugadh faoi chleachtadh comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun na príomhdhúshláin a shainaithint a bhaineann le daoine aonair a earcú agus a choinneáil ó chúlraí mionlaigh.

Tacaíocht Pobail




**An Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha 2019-2021**

Tá an Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha 2019-2021 ceaptha cumarsáid a fheabhsú, comhpháirtíochtaí pobail a chothú agus cur in aghaidh ciníochais agus coireacht fuatha.

Forbraíodh plean um chur i bhfeidhm don straitéis in 2020 agus cuireadh príomhghnéithe den Straitéis i ngníomh, an méid seo a leanas ina measc:

- Bunaíodh **Fóram Náisiúnta Éagsúlachta an Gharda Síochána.**
- Tugadh **clár oiliúna** isteach do Ghardaí chun a n-inniúlacht agus a scileanna a fhorbairt chun idirchaidreamh éifeachtach agus dearfach a dhéanamh le daoine ó chúlraí éagsúla.
- Cuireadh uasoiliúint ar an líonra **Oifigigh Idirchaidrimh Eitnigh** go ndéanfar Oifigigh Éagsúlachta Garda díobh agus sochaí athraitheach na hÉireann á cur san áireamh.
- Forbraíodh meicníocht lena cheadú **aiseolas ar an straitéis** a thabhairt trí shuirbhé neamhspleách ar ár bpáirtithe leasmhara pobail. Tabharfaidh Ionad Sármhaitheasa Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus Lárionad Éagsúlachta na hÉireann faoi seo chun aiseolas a bhailiú ar éifeachtacht Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha an Gharda Síochána. Tá sé le críochnú in 2021.

**Fóram Náisiúnta Éagsúlachta an Gharda Síochána**

Bunaíodh Fóram Náisiúnta Éagsúlachta an Gharda Síochána in 2020 chun idirchaidreamh a dhéanamh le hionadaithe pobal agus príomhpháirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise.

Déanann an Coimisinéir Cúnta, Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal, maoirseacht ar an ngrúpa ach déanann ionadaí neamhspleách a thoghann an grúpa cathaoirleacht air.

Chas an Fóram ar a chéile trí huaire in 2020 agus tá ionadaithe ann ó na grúpaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Líonra na hÉireann i gcoinne an Chiníochais (INAR) | • An Chomhairle um Inimircigh in Éirinn |
| • Líonra Ceartais Choiriúil/Shibhialta agus Míchumais na hÉireann (ICJDN) | • Grúpa Gníomhaíochta Lucht Siúil an Taoibh Theas |
| • Pobal Traschultúrtha an Chabháin (4C) | • LADT Éireann |
| • Ionad Cultúir Ioslamach na hÉireann (ICCI) | • Third Age |
| • Fóram Idirchreidimh Chathair Bhaile Átha Cliath (DCIF) | • Abhcóideacht SAGE |
| • Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI) | • An Chónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh |
| • Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal (GNCEB) | • Eaglais Dé na gCríostaithe Slánaithe |
| • Rannóg Comhionannas, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe an Gharda Síochána (EDI). | |

Déanann an Fóram ballraíocht a shíneadh freisin le rannpháirtithe rialtais agus neamhrialtasacha a chur san áireamh de réir mar a thagann saincheisteanna chun solais.

Cuireadh síneadh le sainchúram Fhóram Náisiúnta Éagsúlachta an Gharda Síochána go gcuimseofar aiseolas ann faoin Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha agus go ngníomhóidh sé mar 'cara ríthábhachtach'.

**Clár Oiliúna**

Forbraíodh oiliúint Póilíneachta Pobail agus tá modúil a haon go dtí a ceathair ar fáil tríd an gCóras Bainistíochta Foghlama (LMS).

Mar chuid den oiliúint seo, forbraíodh modúl éagsúlachta agus tá sé le tabhairt isteach in 2021.

**Oiliúint ar Éagsúlacht agus Coireacht Fuatha**

Leanadh le hobair mhór in 2020 ar oiliúint do Líonra Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána agus forbraíodh roinnt modúl a bhaineann le coireacht fuatha, anuas ar éagsúlacht agus feasacht chultúrtha.

Bhí idirchaidreamh ar bun le páirtithe leasmhara éagsúla ar nós Sheirbhís Idirghabhála an Lucht Siúil agus Chónaidhm na hÉireann um Míchumas nuair a bhí an oiliúint á forbairt.

**Comhpháirtíocht a Fhorbairt**

Tá an Garda Síochána tiomanta d'idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha ar bhealach réamhghníomhach agus ionchuimsitheach chun iontaoibh a fhorbairt agus chun riachtanais phóilíneachta na bpobal uile éagsúil, mionlaigh agus 'ar deacair iad a aimsiú' a shainaithint, faoi mar a thugtar chun solais sa straitéis. Lean seo ar aghaidh i rith 2020.

Rinne Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh (GNDIU), lenar thacaigh Líonra Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána, idirchaidreamh leis na pobail seo ar roinnt bealaí, trí chruinnithe agus comhdhálacha fíorúla san áireamh.

Áiríodh leis seo:

- Cumarsáid a dhéanamh le gach Ionad Soláthair Dhírigh i rith na dianghlasála i gcontaetha Laoise, Uíbh Fhailí agus Chill Dara.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Seirbhís Idirghabhála an Lucht Siúil maidir le saincheisteanna póilíneachta áitiúla.
- Eolas aistrithe faoi Covid-19 a sholáthar d'fhostaithe in ionaid phróiseála feola.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le hionadaithe pobail i ndiaidh teannas pobail a chuaigh in olcas tar éis gur maraíodh náisiúnach na Brasaíle i Lúnasa
- Aistriúcháin Phortaingéilise den Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha agus de choireacht fuatha curtha ar fáil do bhaill de Phobal na Brasaíle in RCBÁC Thuaidh-Láir.
- D'fhreastail an GNDIU ar roinnt seimineáir ghréasáin freisin maidir le réimse saincheisteanna, coireacht fuatha, Frith-Sheimíteachas, cearta agus dálaí maireachtála an Lucht Siúil, coireacht fuatha Fhrith-Mhoslamach, Torthaí Innéacs an Bheartais Imeasctha Imirceach d'Éirinn, beartais chiníochais agus idirdhealaithe sa pheil, agus miotais chomhcheilge agus scéalta faoi Covid a dhéanann deighilt iomlán sa.

**Comhairle faoi Chosc na Coireachta do Phobail Mhionlaigh**

Leanadh le comhairle a sholáthar ar chosc na coireachta a fhorbairt do phobail éagsúla, mhionlaigh agus pobail ar deacair iad a aimsiú i roinnt tionscnamh in 2020. Cuireadh comhairle faoi ábhair cosúil le sábháilteacht phearsanta, coireacht fuatha, deiseanna bréagacha/camscéime agus saincheisteanna slándála eile ar fáil do ghrúpaí éagsúla páirtithe leasmhara i rith 2020.




Áirítear leo seo:

- Cruthaíodh ábhar um chosc na coireachta maidir le slándáil bhaile i rith Covid-19 agus d'aistrigh an GNDIU é isteach in 12 theanga. Cuireadh an t-eolas seo ar fáil ar na meáin shóisialta agus ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána.
- Cuireadh comhairle um chosc na coireachta ar fáil d'Ionadaithe Pobail na Brasaíle in RCBÁC Thuaidh-Láir.
- Scaipeadh comhairle faoi Covid-19 ar Ionaid Soláthair Dhírigh.
- Foilsíodh físeán ar Covid-19, a chomhsholáthair an Garda Síochána agus grúpaí ionadaíocha an Lucht Siúil agus scaipeadh é ar fud chainéil mheán sóisialta an Gharda Síochána.




Gluaisteán Mórtais an Tuair Cheatha

**Cás-Staidéar 1 – Idirchaidreamh le Pobal an Lucht Siúil**

Lean an GNDIU lena n-idirchaidreamh le Pobal Lucht Siúil na hÉireann i rith 2020 trí chruinnithe Ghrúpa Comhairleach Lucht Siúil an Gharda Síochána (GTAG).

Déanann an GTAG scrúdú ar na cleachtais phóilíneachta is fearr don Gharda Síochána trí chaighdeáin chomhsheasmhacha, neamh-idirdhealaitheacha agus éifeachtacha seirbhíse a fhorbairt. Cuirtear Feidhmeannacht an Gharda Síochána ar an eolas ar na caighdeáin seo ansin go ndéanfar breithniú orthu i mbeartais, oiliúint agus feachtais earcaíochta amach anseo.

Ghlac an GNDIU páirt i dteachtaireacht físeáin a tháirgeadh maidir leis an tábhacht a bhaineann le scaradh sóisialta ag sochraidí. Roinneadh an físeán feasachta, a forbraíodh i gcomhar le Seirbhís Idirghabhála an Lucht Siúil, ar fud ardáin mheán sóisialta an Gharda Síochána agus roinnt láithreáin mheán sóisialta ghrúpaí tacaíochta an Lucht Siúil.

D'éascaigh an GNDIU imeacht idirchultúrtha idir an Lucht Siúil agus an Garda Síochána a mhair seachtain in Ionad Lucht Siúil agus Romach Pavee Point. Ghlac seisear Gardaí agus seisear fear den Lucht Siúil páirt san imeacht rathúil a bhí dírithe ar chlaonadh agus steiréitíopáil a bhaint, bacainní cumarsáide a shárú, agus iontaoibh a chothú agus comhábhair spéise a shainaithint.

**Imeachtaí Éagsúlachta agus Pobail**

Lean an Garda Síochána ag oibriú le grúpaí éagsúla agus le pobail mhionlaigh chun caidreamh láidir a fhorbairt agus a chothú, agus lena thiomantas a léiriú don éagsúlacht ag oibriú don ionchuimsiú.

Nuair a chuirtear na srianta a bhí i bhfeidhm ar feadh go leor den bhliain 2020 san áireamh, bhí an freastal ar imeachtaí teoranta, ach chuaigh an GNCPU/GNDIU i mbun bealaí eile cumarsáide, áfach, agus áiríodh leo seo:

- Cuireadh cruinnithe ar líne ar siúl le Pobal na Brasaíle agus le baill eile den phobal áitiúil.
- Rinneadh idirchaidreamh leis an bPobal Moslamach thart ar an tráth a bhí féile Eid Al Adha ar siúl.



Rith Tóirsí um Fhorfheidhmiú an Dlí




Soilse Corcra




Feasacht Chultúrtha an Longfoirt

- Rinneadh idirchaidreamh le hIonad Soláthair Dhírigh an Longfoirt trí rith phobalbhunaithe ina ndearnadh na rannpháirtithe a óstáil ina dhiaidh ag Stáisiún Gardaí Cheantar an Longfoirt i bhFeabhra.

**Féile Mhórtais Baile Átha Cliath LGBTQ 2020**

Ghlac Gardaí a bhí gléasta ina n-éide páirt den chéad uair i bhFéile Mhórtais LGBTQ (Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Aiteach) Bhaile Átha Cliath in 2019. Mar thoradh ar threoirlínte sláinte poiblí, cuireadh Féile Mhórtais LGBTQ Bhaile Átha Cliath 2020 ar bun go fíorúil.Chun tacú le féile na bliana seo agus leis an bPobal LGBTI+, bhí an GNDIU bainteach i roinnt imeachtaí agus tionscnamh. Cuireadh Gluaisteán Mórtais an Tuair Cheatha ar fáil do na Gardaí i gCluain Meala chun patrólú ard-infheictheachta a sholáthar chun tacú le Mórtas Chluain Meala i Lúnasa 2020.

**Rith Tóirsí um Fhorfheidhmiú an Dlí**

Rith Gardaí agus an PSNI cúrsa uile-Éireann 2,800 ciliméadar ar fad ar mhaithe le Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann mar chuid den Rith Tóirsí um Fhorfheidhmiú an Dlí (LETR) de chuid Rith Tóirsí Fíorúil Domhanda 2020.

Eagraíocht é an LETR do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta ina bhfuil oifigigh um fhorfheidhmiú dlí ar fud an domhain. Tacaíonn sé le glacadh agus le hionchuimsiú do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil, anuas ar imeachtaí tiomsaithe airgid a chur ar siúl chun cistí a thiomsú a bhfuil géarghá leo do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta.

**Cás-Staidéar 2 – Pobail Leochaileacha**

I gcomhordú Chónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI), rinne an GNDIU an Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2020 a cheiliúradh trí Cheanncheathrú an Gharda Síochána a chur faoi sholas corcra agus tacú le feachtas meán sóisialta na Soilse Corcra.

**Cás-Staidéar 3 – Imeacht um Fheasacht Chultúrtha an Longfoirt**

Rinne Aonad Póilíneachta Pobail an Longfoirt cabhair a thabhairt d'imeacht um fheasacht chultúrtha i mBaile an Longfoirt agus ghlac siad páirt ann.

Ghlac cónaitheoirí arb as an Libia, an Phacastáin, an Nigéir, an Pholainn, an tSiria, an Rúis agus an Liotuáin ó dhúchas iad páirt san imeacht. Bhí go leor díobh gléasta ina n-éadaí cultúrtha agus chuir siad samplaí bia ar fáil óna dtíortha dúchais do gach cuairteoir. Chuir na grúpaí ón tSiria agus ón bPacastáin ceol agus damhsa ar fáil. Eagraíodh an t-imeacht i gcomhar le Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) an Longfoirt agus le Meánscoil Chnoc Mhuire, Baile an Longfoirt.

## FEACHTAIS FEASACHTA

**Ná Tabhair Cúl Leis ('Don't Turn Your Back')**

Bhí mar chuspóir ag an Lá Domhanda Feasachta ar Dhrochíde do Sheanóirí (WEAAD) an 15 Meitheamh feasacht a mhéadú ar dhrochíde a thabhairt do dhaoine breacaosta leochaileacha, chomh maith leis an ngá atá le gníomh cuí coisctheach a thabhairt chun solais.

Chun tacú le seo, thug an GNDIU faoi fheachtas meán sóisialta, anuas ar fheachtas feasachta inmheánach.

### Bí i do Chomharsa Mhaith

Chun tacú le Lá Domhanda Alzheimer, sheol an GNDIU an feachtas Bí i do Chomharsa Mhaith an 21 Meán Fómhair.

Tá 60% de dhaoine a bhfuil néaltrú orthu ag maireachtáil sa bhaile agus saincheist phobail é seo, dá bharr, óna dteastaíonn comhfhreagairt pobail. Dhírigh an feachtas seo, ar thacaigh Cumann Alzheimer na hÉireann leis, ar mheabhrú do dhaoine bheith ag faire amach do chomharsana leochaileacha agus teagmháil a dhéanamh le Gardaí má tá rud éigin neamhghnách.

## BIÚRÓ ATHSTIÚRTHA ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA (GYDB)

### Covid-19

Chuir paindéim Covid-19 dúshláin roimh obair Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (OIÓanna), cé nár chuir seo cosc ar a n-iarrachtaí leanúnacha, a dtiomantas agus a n-obair dhian i rith an ama seo.

Lean OIÓanna ag tacú leis an gClár Athstiúrtha trí idirchaidreamh a dhéanamh le leanaí agus an pobal, agus rialacháin agus treoirlínte Covid-19 á gcomhlíonadh ag an tráth céanna.

### An tAonad Monatóireachta

Le riar an Chláir Athstiúrtha a fheabhsú agus a bharrfheabhsú, déantar tuairiscí míosúla Príomhtháscaire Feidhmíochta ó PULSE a chur ar bun agus a scaipeadh ar gach réigiún an Gharda Síochána. Tugtar chun solais sna tuarascálacha seo an méid atreoruithe óige a measadh a bhí mí-oiriúnach don chlár agus a dteastaíonn gníomh uathu nó ar gá iad a thabhairt chun cinn ar leibhéal Ceantair nó Roinne.

Cuirtear tuairisc ráithiúil mhonatóireachta ar fáil do Choimisinéirí Cúnta, ina leagtar béim ar an líon teagmhas ar gá iad a thabhairt chun cinn go fóill, agus ar threochtaí dá réigiúin ar leith.

Cuireadh feabhsúcháin agus nuashonruithe ar an bpróiseas atreoraithe san áireamh i leagan 7.6 agus 7.6.1 de PULSE agus chuir Seirbhís TFC an Gharda Síochána i bhfeidhm iad i rith 2020. Chuir na huasghráduithe seo feabhsúcháin bhunriachtanacha ar fáil a rinne an próiseas atreoraithe óige a bharrfheabhsú níos mó.

Sannadh Cigire i ngach Roinn le maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas ar leibhéal Roinne agus thug an mhaoirseacht seo príomhthacaíocht chun dul i ngleic le rialachas agus cuntasacht ar leibhéal áitiúil, agus rinne atreoruithe dul chun cinn feabhsaithe, cuireadh comhaid/tuarascálacha ar aghaidh go tráthúil, agus soláthraíodh foláirimh dá thoradh.

### Feasacht agus Tuiscint ar Chleachtas Aisiríoch a Chur chun Cinn

Rinne an GYDB roinnt cruinnithe faisnéise réigiúnacha maidir le cleachtais aisiríocha a eagrú agus a éascú i Ráithe 1 in 2020 do OIÓanna agus do Chigirí oibríochtúla ar fud gach Roinne. Ba í an aidhm cleachtais aisiríocha a thabhairt isteach i measc na rannpháirtithe nuacheaptha, agus plé á dhéanamh i gcomhthráth ar conas ceartas aisiríoch a thabhairt isteach níos fairsinge sa Gharda Síochána. Rinne pearsanra an Gharda Síochána atá ag oibriú leis an GYDB cuir i láthair agus chuir OIÓanna cás-staidéir ar fáil ar imeachtaí aisiríocha a eagraíodh chun dul i ngleic le hiompar ciontaithe i measc leanaí ar tugadh isteach sa Chlár iad.

### An Aoischárta Náisiúnta

Rinne an Aoischárta Náisiúnta a chothrom 21 bliain a cheiliúradh in 2020. Tugadh isteach i dtosach é i 1999, agus eisíodh breis agus 900,000 cárta agus cruthaíodh gur bealach áisiúil é do dhaoine óga chun a n-aitheantas a thaispeáint. Rinne an Oifig Aoischártaí an comóradh mór bliana seo a chur chun cinn ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána.

### An tSamhail Oibriúcháin




Ghlac an GYDB agus an Oifig um Chlaochlú Straitéiseach páirt i gcruinnithe i rith na bliana ar críochnaíodh treoirphlean na Samhla Oibriúcháin don GYDB mar thoradh orthu a chuimseofar isteach sa treoirphlean réigiúnach um Póilíniú Bóithre agus sa Bhiúró um Rannpháirtíocht sa Phobal i rith 2021.

### An Coiste Faireacháin

Cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt an coiste nua a ceapadh chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha i Samhain 2020.

Is éard a bheidh sa Choiste Faireacháin anois an Coimisinéir Cúnta, Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal, an tArd-Cheannfort, Rannpháirtíocht sa Phobal, an tUasal Salome Mbugua (AkiDwa) agus an tOllamh Seán Redmond (Ollscoil Luimnigh agus an Roinn Dlí agus Cirt).

Tá idirchaidreamh leanúnach á dhéanamh idir GYDB agus Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, eagraíochtaí éagsúla óige agus páirtithe leasmhara eile chun dea-chleachtais a shainaithint, a roinnt agus a chur chun cinn.




An Lá 'Fág an Bealach'

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM PÓILÍNIÚ BÓITHRE (GNRPB)

Chun dul i ngleic leis na príomhthosca is mó is cúis le himbhuailtí, díríodh ar cheithre chion 'tarrthála':

| Tiomáint ar luas | Gan criosanna sábhála a chaitheamh | Gutháin phóca a úsáid | Tiomáint faoi thionchar an óil |
|---|---|---|---|

Tacaíodh leis an díriú ar na príomhchionta tarrthála seo trí úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíocht, Aonaid um Póilíniú Bóithre Roinne a imlonnú, feachtais um fheasacht phoiblí, agus trí idirchaidreamh leanúnach le páirtithe leasmhara seachtracha an Gharda Síochána.

In ainneoin gur tháinig laghdú foriomlán idir 25% agus 30% ar an méid tráchta, go mór mór mar gheall ar shrianta taistil i Márta 2020, tháinig méadú 6% ar an líon daoine a maraíodh go tragóideach ar na bóithre.

I gcodarsnacht leis sin, áfach, tháinig laghdú 26% ar ghortú trom, agus tá seo ar aon dul leis an laghdú ar an méid tráchta tríd is tríd. Ar ámharaí an tsaoil, tháinig méadú 18% ar an méid cionta tarrthála a braitheadh i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019.

## PRÍOMHSHONRAÍ

### Imbhuailtí Marfacha in 2020

Maraíodh 149 duine in 2020 in 138 imbhuaileadh marfach. Is ionann seo agus méadú 6% i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin.

**ACHOIMRE AR BHÁSANNA 2020**


| IN 2020 | MÉADÚ 6% | TÁ BÁSANNA MÉADAITHE I MEASC | AOISGHRÚPAÍ ARDRIOSCA |
|---|---|---|---|
| Maraíodh 149 duine in 138 imbhualadh marfach | ar bhásanna sa tréimhse 138 imbhualadh marfach céanna in 2019<br>+8 imbhualadh agus +8 bás | Paisinéirí: 26 (+11)<br>Coisithe: 32 (+5)<br>Gluaisrothaithe: 18 (+1)<br>Rothaithe: 10 (+2)<br><br>Tá básanna laghdaithe i measc<br>Tiománaithe: 63 (-10) | 35 bás i 65 bliana agus aoisghrúpa níos sine (24%) |




Tugadh na sonraí seo a leanas chun solais sa phróifíl bhásanna úsáideoirí bóithre:

- B'úsáideoirí bóithre leochaileacha 40% díobh siúd a maraíodh
- Bhí 16% díobh siúd go léir a maraíodh ar na bóithre níos sine ná 70 bliain d'aois
- Idir 30 agus 40 bliain d'aois a bhí 19% díobh siúd a maraíodh
- Ar phaisinéirí a tháinig an méadú ba mhó ina measc siúd a maraíodh in 2020
- Tháinig méadú ar choisithe a maraíodh aníos ó 27 in 2019 go dtí 32 in 2020 – bhí 70% díobh seo níos sine ná 70 bliain d'aois.

## GORTUITHE IN 2020 V 2019




### Anailís ar Imbhualadh is Cúis le Gortú

De réir Bhonneagar Iompair Éireann, b'ionann líonta feithiclí agus 25%-30% faoi leibhéil 2019 (ón 1 Eanáir go dtí an 17 Nollaig 2020)

Tháinig laghdú 26% ar imbhuailtí ba chúis le gortú idir 2019 agus 2020 (ón 1 Eanáir go dtí an 17 Nollaig 2020)

Tháinig laghdú 29% ar ghortuithe i rith na tréimhse céanna.

**Nóta: Baineann na figiúirí leis na gortuithe go léir (gortuithe marfacha, tromchúiseacha agus neamh-thromchúiseacha). Déantar comparáid idir an 1 Eanáir go dtí an 17 Nollaig agus 2019 agus 2020. Tá na sonraí go léir a chuirtear i láthair don bhliain 2020 agus 2019 sealadach agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu.*

Tháinig laghdú ar ghortuithe in 2020 i measc na ngrúpaí úsáideoirí bóithre go léir i gcomparáid le 2019.




**Is féidir an achoimre seo a leanas a sholáthar ar an ráta laghdaithe gortuithe (%) de réir úsáideoir bóithre ó 2019 go 2020:**



| Tiománaí | Gluaisrothaí | Paisinéir | Rothaí | Coisí |
|---|---|---|---|---|
| -29% | -30% | -35% | -20% | -28% |

**Forfheidhmiú - Cionta Tarrthála 2020**

LÍONTA FEITHICLÍ* V CIONTA TARRTHÁLA




In ainneoin laghduithe ar líonta feithiclí ó tugadh srianta taistil isteach i Márta, tugadh méadú 20% faoi deara ar bhrath dár bpríomhchionta tarrthála i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh.

Is iad ár bpríomhchionta tarrthála tiomáint ar luas,

30000 gutháin phóca, criosanna sábhála agus tiomáint faoi thionchar óil/drugaí.

Is féidir na méaduithe a thabhairt faoi deara i measc na réigiún go léir. Léirítear ar an ngraf (ar chlé) go raibh ár bhfigiúirí forfheidhmithe ar aon dul i gcónaí leis na líonta feithiclí i rith na

| | Ean-Nol 2019 | Ean-Nol 2020 | Athrú (%) |
|---|---|---|---|
| Cionta Tarrthála | 185,684 | 222,599 | 20% |

**Nóta: Tá an líon laethúil tráchta bunaithe ar shonraí samplacha agus baineann siad le gach saghas feithiclí.*

## GNÍOMHAÍOCHT UM FHEASACHT PHOIBLÍ

Thug an Garda Síochána agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (an ÚSB) faoi roinnt feachtas, an méid seo a leanas ina measc:

- Laethanta Náisiúnta Moillithe i mBealtaine agus Nollaig,
- Saoire Bhainc an Mheithimh - Forfheidhmiú um póilíniú bóithre,
- Saoire Bhainc Lúnasa - Ag tiomáint faoi thionchar,
- Spreagadh tiománaithe a bheith thar a bheith cúramach mar gheall go siúlann agus go rothaíonn níos mó leanaí chuig an scoil i Meán Fómhair,
- Tuirse thiomána – Deireadh Fómhair,
- Cuadrothair agus rothair streachailte – Samhain,
- Impí um shábháilteacht ar bhóithre na Nollag agus na hAthbhliana.

**Samplaí d'Oibríochtaí Breise um Shábháilteacht ar Bhóithre**



**Criosanna Ceamara Sábháilteachta nua a fhairsingiú**

Tháinig 903 crios nua ceamaraí i bhfeidhm i bhFeabhra 2020.

Tá 1,322 crios ceamara sábháilteachta, ar an iomlán, á n-oibriú anois ar fud na tíre



**Oibríocht Enable**

Cuireadh seo ar siúl i Meán Fómhair 2020 agus bhí sé ar bun i gcomhar le feachtas náisiúnta ar a dtugtar Lá 'Fág an Bealach' a bhí faoi stiúir Chónaidhm na hÉireann um Míchumas. Tá Oibríocht Enable ceaptha díriú ar úsáid neamhúdaraithe a bhaint as ceadanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas agus as bánna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas.



**Lá na Sábháilteachta Bonn**

Tháinig an Garda Síochána, an ÚSB agus Cumann Thionscal Bonn na hÉireann (ITIA) le chéile lena mheabhrú do gach úsáideoir bóithre a mboinn a sheiceáil.

## TEICNEOLAÍOCHT

**Tionscadal Soghluaisteachta Gníomhaí**

Bhí 2,500 gléas soghluaisteachta tugtha isteach do Ghardaí agus eisíodh 55,000 Fógra Muirir Sheasta (FMS) go leictreonach faoi dheireadh 2020.

Tá teacht anois ag na Gardaí go léir a imlonnaítear chuig an GNRPB ar an Aip Thráchta agus an Aip FMS.

Cuireann an teicneolaíocht seo ar chumas Gardaí tabhairt faoi bhrath fíor-ama cois bóthair. Mar thoradh air sin, chabhraigh an Aip Thráchta leis an líon tiománaithe dícháilithe, gluaisteán nár íocadh cáin bhóthair dóibh agus feithiclí goidte a bhraitear a mhéadú.

Rinne an Aip FMS an leibhéal páipéarachais ar gá do Ghardaí tabhairt faoi a laghdú, agus feabhsaíonn sé caighdeán na sonraí agus laghdaíonn sé an oiread FMSanna a gcuirtear ina n-aghaidh sa Chúirt, dá bharr.

**Gléasanna Luasbhraite Léasair**

Over the course of 2020, An Garda Síochána continued the purchase of new speed detection devices to supplement current stocks.

| | |
|---|---|
| 2020 — **150** — 150 Gléas nua ceannaithe agus dáilte in 2020; 170 Gléas nua Ceannaithe in 2019 | 2019 — **170** — Gléas nua Ceannaithe in 2019 |

**Líon iomlán na ngléasanna nua gunna luais méadaithe aníos go dtí 320**

Tá ar chumas na ngléasanna a ceannaíodh in 2020 comhtháthú a dhéanamh leis na gléasanna móibíleacha freisin. Baineadh leas as an bhfeidhm seo i gcaitheamh na bliana.



# SEIRBHÍSÍ TRAS EAGRAÍOCHTAA

| 14,491 | 3,112.6 | 407 |
| --- | --- | --- |
| Comhalta | Ball Foirne an Gharda Síochána (coibhéis ama iomlán | Garda Cúltaca |

Leibhéal Soláthair Foirne amhail an 31 Nollaig 2020

**361,720** duine de mheánlucht féachana in aghaidh gach

**3,112 feithicil** an flít is mó i stair na heagraíochta – méadú 27.8% ó 2012

**668,260** teagmhas cruthaithe ar PULSE ag GISC

**300** Ardú Céime go dtí Sáirsint agus Cigire

**€32.3 milliún** coigilteas carnach costas fuinnimh ó 2009

## ATHCHÓIRIÚ AN CHEARTAIS

Ina dhiaidh seo, thosaigh bainistíocht an Gharda Síochána le measúnú a dhéanamh ar conas is fearr moltaí an Choimisiúin a bhaint amach agus d’fhógair an tAire Dlí agus Cirt an plean um chur i bhfeidhm, Seirbhís Phóilíneachta dár dTodhchaí (APSFOF - ar a dtugtí APSFF), bunaithe ar thuarascáil an Choimisiúin i Nollaig 2018.

Cuirfidh APSFOF na huirlisí agus na tacaíochtaí cearta ar fáil don Gharda Síochána a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar ár misean chun ‘Daoine a Choimeád Sábháilte’. Bainfidh sé amach an méid seo a leanas i measc na bpobal ar a bhfreastalaímid:

- Beidh níos mó Gardaí ar an túslíne agus beidh infheictheacht mhéadaithe ann;
- Beidh seirbhís phóilíneachta níos freagrúla ann atá curtha in oiriúint do riachtanais áitiúla;
- Beidh teicneolaíocht nua-aimseartha ag Gardaí chun an choireacht a chosc agus a chomhrac;
- Glacfar le cur chuige atá bunaithe ar chearta daonna i leith póilíneachta.

**ríomhéachtaí maidir le Seirbhís Phóilíneachta dár dTodhchaí a sholáthar**

**Samhail Oibriúcháin**
Feidhmeanna Seirbhísí Gnó bunaithe i gCiarraí,Cathair Chorcaí,Gaillimh, Luimneach, Maigh Eo, Ros Comáin/ An Longfort agus DMR Theas Láir

**DPSU**
Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne bunaithe i ngach ceann de na 19 Roinn

**Soghluaisteacht**
2,500 gléas soghluaisteachta nua nó nuashonraithe imlonnaithe do na Gardaí

**Straitéis EDI**
Seoladh an Straitéis maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

**Aonaid Frith-Éillithe an Gharda Síochána curtha ar bun (GACU)**

**Do Smaointe**
Seoladh gach píolótach ‘Do Smaointe’ seachas cinn teoranta ag srianta Covid-19

**Grúpa Athbhreithnithe Saineolaithe T&F**
Grúpa Athbhreithnithe Foghlama agus Forbartha curtha ar bun

**Fórsa a Úsáid**
Córas nua taifeadta ar fhórsa a úsáid tugtha isteachdo mhonatóireacht níos fearr artheagmhais agus cruthú sonraí

## AN TSAMHAIL OIBRIÚCHÁIN

Leanadh den tSamhail Oibriúcháin a rolladh amach i rith 2020 le cur chuige maidir le cur i bhfeidhm leasaithe mar gheall ar phaindéim Covid-19, dar tosach ar dtús le Réimse Feidhmiúla na Seirbhísí Gnó (BSFA).

Cuireadh tús leis an gcur i bhfeidhm de réir a chéile i mí Dheireadh Fómhair sna Ranna i gCathair Chorcaí, Luimneach, Ciarraí, Gaillimh agus Maigh Eo/Ros Comáin/An Longfort, agus i Samhain 2021 sa Roinn i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath Theas Láir.

Déanann BSFA gníomhaíochtaí airgeadais agus lóistíochta, riaracháin agus acmhainní daonna don Roinn ar fad a lárú. Beidh mar thoradh air sin, le himeacht ama, go ndéanfaí na próisis seo a aistriú ó Oifigí Roinne agus Ceantair chuig BSFA. Bhí idirchaidreamh suntasach leis na Ranna ábhartha chun aistriú rianúil a bhaint amach.

Lean obair ar aghaidh freisin ar an dearadh próisis mhionsonraithe do Réimse Feidhmiúla an Dearbhaithe Feidhmíochta. Cuimsítear leis sin Ceartas Coiriúil , GSOC, disciplín agus gearáin, agus Feidhmíocht agus Caighdeáin.

Bhí os cionn 90 pearsanra de chuid an Gharda Síochána bainteach le forbairt a dhéanamh ar na próisis chaighdeánaithe trí cheardlanna.

Lean cur i bhfeidhm an tSamhail Oibriúcháin i roinnt rannóga réigiúnacha agus náisiúnta lena n-áirítear Oifigí Réigiúnacha, Coireacht Eagraithe agus Tromchoireacht, Póilíneacht Náisiúnta Bóithre an Gharda Síochána agusRannpháirtíocht sa Phobal, agus SeirbhísíCorparáideacha.

## BIÚRÓ UM EITIC AGUS CULTÚR AN GHARDA SÍOCHÁNA (BECGS)

D’fhreastail pearsanra ó roinnt Ranna de chuid an Gharda Síochána ar cheardlanna dearbhaithe feidhmíochta.

Faoi mhí na Nollag 2020, bhí Dearbhú an Chóid Eitice sínithe ag 16,698 phearsanra (91%), rud a dheimhníonn go bhfuil

siad tiomanta cloí le Caighdeáin an Chóid.

Cé gur cuireadh ceardlanna ar athló mar gheall ar Covid-19, bhí sé fós mar thosaíocht eagrúcháin, a áirithiú go bhfuil Dearbhú an Chóid Eitice faighte agus sínithe ag an bpearsanra go léir, le méadú 12% ar na dearbhaithe atá sínithe.

Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm a bhí dírithe ar an gCód Eitice a leabú tuilleadh, lena n-áirítear:

- Straitéis maidir le **Cód Eitice An Gharda Síochána** a fhoilsiú.
- Scaipeadh **leabhrán leasaithe an Chóid Eitice** ina raibh réamhrá ó Choimisinéir an Gharda Síochána agus ó Chathaoirleach an Údaráis Phóilíneachta.
- **Taifeadaí físe** ag leagan béim ar thábhacht agus feidhmiú naoi gcaighdeán an Chóid Eitice. Tá na físeáin seo mar chuid d'oiliúint ríomhfhoghlama Shamhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána agus de ríomhchlár ionduchtúcháin Fhoireann an Gharda Síochána.
- **Rinneadh mataí** luiche le léiriú grafach ar Shamhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána a eisiúint don phearsanra go léir. Cuireadh roinnt tionscnamh chun cinn mar fhreagairt do théamaí a sainaithníodh sa chéad Iniúchadh ar Chultúr an Gharda Síochána.

In response to themes identified in the first Cultural Audit of An Garda Síochána, a number of initiatives were progressed.

Ina measc seo:

- Tháinig méadú ar dháileadh gléasanna soghluaisteachta chuig Gardaí.
- Tugadh scéim píolótach isteach maidir le héide nua.
- Rinneadh leasú ar na Rialacháin Araíonachta.
- Tháinig méadú ar líon na maoirseoirí.
- Bunaíodh Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána.
- Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an bpróiseas ardú céime.

Ina theannta sin, rinneadh roinnt tionscnamh chun feabhas a chur ar an rannpháirtíocht leis an bpearsanra, a chur chun cinn i gcomhréir le APSFOF. Ina measc seo bhí an tionscnamh Do Smaointe, inar iarradh ar an bpearsanra go léir a smaointe a thabhairt faoi conas feabhas a chur ar an nGarda Síochána, chomh ,maith leis an mbosca poist 'Nocht do Thuairim, lena cheadú don phearsanra a dtuairimí a nochtadh ar shaincheisteanna, nó chun aiseolas a

## OIFIG IDIRCHAIDRIMH AN ÚDARÁIS

thabhairt ar fhorbairtí nó ar thograí nua.

Rinneadh athbhreithniú ar na tionscnaimh in 2020 agus beidh an dara iniúchadh ar chultúr le teacht.

Rinne PALO idirchaidreamh leis an Údarás Póilíneachta chun tacú lena fheidhmeanna reachtacha tabhairt faoi mhaoirseacht ar fheidhmíocht póilíneachta ar fud réimsí éagúla.

Toisc gur tionóladh líon níos mó cruinnithe den Údarás Póilíneachta in 2020 ná mar a bhí ann riamh roimhe seo, d'fhreastail an Coimisinéir, Fheidhmeannacht an Gharda Síochána agus an Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach ar 11 chruinniú den Údarás Póilíneachta, agus tionóladh cúig cinn díobh siúd go poiblí.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Rinne PALO comhordú ar 12 chruinniú breise coiste agus ar 75 chruinniú breise idir an tÚdarás Póilíneachta agus shainrannóga éagsúla an Gharda Síochána.

Phróiseáil sé breis agus 70 iarraidh ón Údarás Póilíneachta ar fhaisnéis agus tuarascálacha, agus forbairt agus taisceadh thuarascáil mhíosúil an Choimisiúin chuig an Údarás Póilíneachta a éascú.

Mar chuid dá thiomantas do Phlean Athnuachana na Seirbhíse Sibhialta 2014, ghlac An Garda Síochána le Caighdeán

Rialachais Chorparáidigh na Státseirbhíse agus le Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Le linn 2020, rinne An Garda Síochána athnuachan ar a Chomhaontú Maoirseachta leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir leis an gCód Cleachtais.

Sa chomhaontú leagtar amach an creat leathan rialachais ina n-oibríonn An Garda Síochána, agus sainmhínítear na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn taca don chaidreamh idir An Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt.

Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh na heagraíochta le riachtanais an chomhaontaithe trí shraith cruinnithe rialachais idir An Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt.

Tá An Garda Síochána tiomanta dá struchtúir rialachais a neartú de réir Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

I gcomhréir le hAcht an Gharda Síochána, 2005, (arna leasú) ullmhaíonn An Garda Síochána ráiteas straitéise, plean póilíneachta bliantúil, tuarascáil bhliantúil agus tuarascáil athbhreithnithe trí bliana.

**Struchtúir Rialachais Chorparáidigh**
Mar chuid de chéad chéim APSFF, rinne An Garda Síochána athbhreithniú ar a struchtúir rialachais chorparáidigh. Cuireadh tús leis antionscadal chun leasú a dhéanamh ar ár dtimpeallacht rialachais agus ar ár struchtúir rialachais in 2020 and déanfar é a sheachadadh in 2021.

I gcomhthráth, rinneadh anailís ar an timpeallacht rialachais atá ann faoi láthair agus é mar aidhm aige creat rialachais nua a fhorbairt chun go mbeidh sé ag teacht leis na socruithe rialachais amach anseo a leagtar amach mar chuid den Bhille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht an Phobail. Faoi dheireadh 2020, bhí obair ar bun chun céim deartha an creata rialachais nua a chur i gcrích agus tá súil leis go gcuirfear tús leis an gcur i bhfeidhm de réir a chéile in 2021.

Chuir An Garda Síochána tús le cur i bhfeidhm de réir a chéile ar Shamhail Oibriúcháin nua le linn 2020. Nuair atá sé réidh, déanfaidh na Réimsí Feidhmiúla nua Seirbhísí Gnó agus Dearbhaithe Feidhmíochta rialachas, comhlíonadh agus cuntasacht a neartú ar gach leibhéal laistigh den Gharda Síochána agus beidh siad mar chuid de chreat rialachais na heagraíochta.

**Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána (GRMU)**


Tá próiseas foirmiúil bainistithe rioscaí á oibriú ag an nGarda Síochána ó 2008 i leith. Déanann Bord Rialachais Rioscaí agus Beartas a bhfuil Príomh-Oifigeach Riosca ina gCathaoirleach air, bainistíocht ar Chlár Riosca Corparáidigh na heagraíochta. Déanann an Bord maoirseacht ar feidhm bhainistithe riosca An Gharda Síochána, lena n-áirítear sainaithint, measúnú, céimeanna maolaithe agus cinneann sé na paraiméadair chun á a chur ar aghaidh/ tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar rioscaí corparáideacha. Tháinig an Bord le chéile trí huaire in 2020 agus faigheann sé tacaíocht ó GMRU, a sholáthraíonn cúnamh go lánaimseartha do Phríomh-Oifigeach Riosca agus d’Úinéirí Riosca Corparáidigh ar fud eagraíocht An Gharda Síochána.

I Márta 2020, chuir GRMU an riosca a bhaineann leis an bhfreagairt póilíneachta do phaindéim Covid-19, isteach sa Chlár Riosca Corparáidigh. Mar gheall air sin, rinne GRMU cruinnithe faisnéise, oiliúint, ceardlanna dearbhaithe cáilíochta agus ceardlanna forbartha cláir riosca ar líne, a sheachadadh.

**Comhlíonadh**
Tá ar gach Roinn, Rannóg, Réigiún agus Stiúrthóireacht a gclár rioscaí a sheoladh ar aghaidh ar bhonn ráithiúil chun go ndéanfar anailís, tiomsú agus athbhreithniú cáilíochta orthu. B’ard i gcónaí do na rátaí comhlíonta maidir le cláir áitiúla riosca i rith 2020, le 91% ar an meán san iomlán.


Nóta: Ní raibh fáil ar rátaí comhlíonta Ráithe 4 ag tráth an fhoilsithe.

**Comhlíonadh R1 2020**





Tá 99% | Níl 1%

**Comhlíonadh R2 2020**




Tá 87% | Níl 13%

**Comhlíonadh R3 2020**




Tá 88% | Níl 12%

### Bainistíocht Riosca A Leabú: Oiliúint, Cruinnithe faisnéise agus Tacaíocht

Déanann Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána a áirithiú go ndéantar comhlíonadh na heagraíochta uile le beartas trí sholáthar leanúnach oiliúna, cruinnithe faisnéise, ceardlanna forbartha cláir riosca agus trí chruinnithe duine le duine dearbhaithe cáilíochta le bainisteoirí sinsearacha.

Le linn 2020, chuir GRMU oiliúint ar fail do 170 pearsanra de chuid an Gharda Síochána.

Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána - Oiliúint, Cruinnithe Faisnéise, Ceardlanna 2020

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 101 Sáirsint | 17 Bainisteoir | 19 Ball Foirne Tacaíochta | 4 Ceardlann Chláir Riosca Arna Freastal Ag | 22 Chruinniú Bhaill Foirne na n-ÚinéiríRiosca Corparáidigh | 8 Dearbhú Cáilíochta agus Athbhreithnithe |

### Forbairtí Tábhachtacha:

Faoi mar a leagtar amach in APSFOF, rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar Chreat Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána in 2020. San athbhreithniú aithníodh éifeachtacht an chur chuige atá ann faoi láthair maidir le bainistíocht riosca agus rinneadh moltaí chun feabhas breise a chur ar an gcreat i dtaca le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht.

Forbraíodh freisin plean um chur i bhfeidhm, ina leagtar amach na gníomhaíochtaí chun go dtabharfaí isteach na moltaí seo atá le críochnú in 2021.

### Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána (GIAS)

Oibríonn GIAS i gcomhréir le cairt iniúchta. Tháinig GIAS ar an bhfód ó 2002 i leith agus is faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, (arna leasú) atá sé bunaithe go reachtach. Le GIAS déantar iniúchtaí tréimhsiúla, córasacha téamacha ar fud an Gharda Síochána chun dearbhú iniúchta réasúnta a chur ar bun go ndéanfar rioscaí suntasacha a shainaithint, a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach ar fud eagraíocht an Gharda Síochána. I gcásanna nuair nach féidir dearbhú a thabhairt ar aon chúis, cuirtear an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Coimisinéir an Gharda Síochána ar an eolas.

Lean GIAS le rioscaí féideartha don bhainistíocht airgeadais, córais rialaithe agus cáil na heagraíochta a shainaithint agus a thuairisciú.

I measc na dtionscadal a rinne GIAS, i gcomhar leis an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (GPSU):

- Tugadh **córas nua feabhsaithe tuairiscithe** isteach sa Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Fheidhmeannacht an Gharda Síochána maidir le cur i bhfeidhm moltaí na n-iniúchtaí.



Cumarsáid TrasEagraíochta

- Moltaí na tuarascála iniúchta seachtraí a chur chun cinn lena n-áirítear an **Tionscadal Athdheartha maidir le Tiomántán Comhroinnte.**
- **Forbraíodh logaí maidir le pearsanra agus oiliúint.**
- Rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas atá i bhfeidhm chun **iarrataí ar Shaoráil Faisnéise (FOI)** a éascú, d'fhonn a éifeachtúlacht a fheabhsú.

**Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**
Mar a fhoráiltear faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, feidhmíonn Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Gharda Síochána ról comhairleachagus tá sé neamhspleách i ndáil le feidhmiú a dhualgais agus a fheidhmeanna.

Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire le linn 2020 agus scaip sé a thuarascáil bhliantúil chuig an Údarás Póilíneachta agus an Roinn Dlí agus Cirt.

## AIRGEADAS

**Bainistíocht Airgeadais**
Déantar An Garda Síochána a chistiú tríd an bpróiseas meastacháin bhliantúil ina ndéanann Dáil Éireann meastacháin a faomhadh maidir lefáltais agus caiteachas gach bliain agus lena dtugtar éifeacht reachtach do na meastacháin i Acht Leithreasa bliantúil.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, is é Coimisinéir An Gharda Síochána an duine atá freagrach do Chuntas Leithreasa Bliantúil An Gharda Síochána, a sholáthraíonn mionsonraí maidir leis an toradh don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthar Dáil Éireann, bunaithe ar an méid airgid a bhaineann le híocaíochtaí agus le fáltais. Tá toradh na bliana roimhe seo léirithe freisin ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.

Déantar Cuntas Leithreasa bhliantúla an Gharda Síochána a thabhairt don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an 31 Márta nó roimhe sin gach bliain, a ndéanann an cuntas mar aon lena dheimhniú a chur faoi bhráid Dháil Éireann agus a ndéanann é a fhoilsiú ar https://www.audit.gov.ie/ga

Síníonn an Coimisinéir Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (SIFC) ag aithint a fhreagracht as a áirithiú go gcoimeádfaí córas éifeachtach maidir le timpeallacht rialaithe inmheánaí airgeadais agus go n-oibreodh sé lastigh d'eagraíocht an Gharda Síochana. Leis an SIFC tugtar aghaidh ar an timpeallacht rialaithe inmheánaí lastigh den Gharda Síochána agus aird áirithe ar an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat rialuithe riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus rialú inmheánach, áiteas comhlíontachta i leith treoirlínte soláthair, agus dearbhú go bhfuil Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus feidhm iniúchta inmheánach i bhfeidhm.

Tá próiseas buiséid i bhfeidhm chun tacú leis an gCoimisinéir ina fhreagracht maidir le bainistíocht chuí, éifeachtúil agus éifeachtach cistí poiblí. Déanann an stiúthóireacht airgeadais monatóireacht ar chaiteachas in aghaidh buiséid agus cuireann sí tuarascálacha míosúla chuig an Coimisinéir, Foireann Ceannaireachta Shinsearach agus chuig páirtithe ábhartha eile maidir le caiteachas agus éagsúlachtaí lena mbaineann.

Ina theannta sin, cuirtear tuarascáil mhíosúil maidir le caiteachas in aghaidh buiséad próifílithe faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chuid den phróiseas buiséadach monatóireachta.



## Buaicphointí Airgeadais 2020

| Caiteachas & Ioncam | 2020 Sealadach €'000 | 2019 Toradh €'000 |
|---|---|---|
| Pá (Lena n-áirítear Aoisliúntas) | 1,597,970 | 1,504,849 |
| Neamhphá | 215,098 | 204,697 |
| Caiteachas Iomlán Reatha | 1,813,068 | 1,709,546 |
| Caiteachas Caipitiúil | 114,746 | 84,496 |
| **Ollchaiteachas** | **1,927,814** | **1,794,042** |
| Leithreas i gCabhair ( Fáltais) | (117,237) | (121,288) |
| **Glanchaiteachas** | **1,810,577** | **1,672,754** |

## Sliocht as Cuntas Leithreasa

| CAITEACHAS AGUS IONCAM | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| | Figiúirí Sealadacha * | |
| **Caiteachas:** | | |
| Pá agus Tuarastail | 1,225,552 | 1,137,561 |
| Taisteal agus cothú | 17,490 | 20,917 |
| Oiliúint agus forbairt agus costais teagmhasacha | 25,479 | 24,413 |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 46,664 | 50,522 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 73,351 | 57,404 |
| Cothabháil áitreabh an Gharda Síochána | 2,986 | 1,197 |
| Seirbhísí comhairliúcháin agus luach ar airgead agus athbhreithnithe ar bheartas | 602 | 634 |
| Seirbhísí stáisiún | 25,888 | 23,096 |
| Cúltaca an Gharda Síochána | 105 | 126 |
| Éadaí agus oiriúintí | 22,287 | 5,537 |
| Cumann Cúnaimh Leighis Garda Naomh Pól | 124 | 124 |
| Iompar | 38,162 | 31,848 |
| Cumarsáid agus trealamh eile | 31,047 | 32,236 |
| Aerárthaí | 2,073 | 1,426 |
| Aoisliúntas, etc. | 354,711 | 343,379 |
| Costais na bhfinnéithe | 1,824 | 2,155 |
| Cúiteamh | 11,992 | 14,977 |
| Clár slándála finnéithe | 300 | 200 |
| Clár caipitiúil tógála | 24,227 | 13,832 |
| Coláiste an Gharda Síochána | 22,950 | 32,458 |
| Ollchaiteachas Iomlán | 1,927,814 | 1,794,042 |
| **Ioncam ( Leithreasaí i gCabhair)** | | |
| Ranníocaíocht le Scéim Pinsin Ranníocach do Chéilí agus Leanaí, an Gharda Síochána | 12,628 | 11,911 |
| Ranníocaíocht le Scéim Pinsin an Gharda Síochána | 24,626 | 22,909 |
| Fáltais ilchineálacha | 15,762 | 17,458 |
| Fáltais Choláiste an Gharda Síochána | 190 | 955 |
| Táillí airm thine | 3,968 | 10,663 |
| Ceamaraí sábháilteachta - fáltais áirithe ó mhuirir sheasta | 14,593 | 14,668 |
| Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 45,470 | 42,724 |
| Ioncam Iomlán | 117,237 | 121,288 |
| | | |
| **Glanchaiteachas Iomlán** | **1,810,577** | **1,672,754** |


*Is figiúirí sealadacha neamhiniúchta iad figiúirí 2020 agus déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad a iniúchadh.

## BAINISTÍOCHT FUINNEAMH


Cuireadh roinnt tionscnaimh choigilte fuinnimh i bhfeidhm ar fud na heagraíochta lena n-áirítear:

- Leanadh le **deimhniú** chuig caighdeán dea-chleachtais 2018:ISO50001 i Meitheamh.
- **Tionscadal Optamú** arThéamh Aeráil agus Aerchóiriú **(HVAC)** i gColáiste an Gharda Síochána faoi scéim SEAI Pobail Fuinnimh Níos Fearr.
- **Tionscadail aisfheistithe shoilsiú LED** i roinnt Stáisiúin Gharda agus i gColáiste an Gharda Síochána
- Rannpháirtíocht sa **scéim OPW Cumhacht a Optamú san Obair,** ar feachtas caomhnaithe fuinnimh ar fud an stáit é.
- **Tionscadal píolótach maidir le feithiclí leictreacha agus hibrideacha i bhflít an Gharda Síochána.**
- Cur i bhfeidhm **ríomhchláir bhainistíochta fuinnimh** i gColáiste an Gharda Síochána.

Tá príomhídiú riachtanais fuinnimh iomlán (TPER) an Gharda Síochána laghdaithe aige de 81,153 MWh ó 2009 – is ionann é sin agus laghdú 29.5%. Rannchuidigh réimse beart éifeachtúlachta, lena n-áirítear cur i bhfeidhm ISO50001 le coigilt carnach fuinnimh de €32.3 mhilliun agus le coigilt astaíochtaí carbóin de 40% ó 2009.







| Coigilt TPER | Laghdú Costais | CO2 Coigilt |
|---|---|---|
| 2020 Vs 2009 | 2020 Vs 2009 | 2020 Vs 2009 |
| 81,153 MWh | €5,672,952 | 25,574 $tCO_2$ |

## SOLÁTHAR

In 2020 ar an iomlán:
- D'fhoilsigh an Garda Síochána **25 tairiscint** (9 gcinn in Irisleabhair AE agus 16 Ríomhthairiscint).
- Bronnadh **21 conradh** (5 cinn in Irisleabhair AE agus 16 Ríomhthairiscint).
- **Bronnadh 15 conradh** i ndiaidh iomaíocht bheag ó Chreat-Chomhaontuithe ón Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR).
- **Tugadh dhá Ghníomhachtú Chonradh OSR i gcrích.**
- Tugadh Gníomhachtú **Chonradh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** (FSS) i gcrích ó chreat OSR Soláthraí Aonair

## BAINISTÍOCHT EASTÁIT

**Ionad Oibríochtaí Slándála agus Coireachta an Garda Síochána (GSCOC) - an Bóthar Míleata, Baile Átha Cliath**

Tá forbairt Ionad Oibríochtaí Slándála agus Coireachta an Garda Síochána (GSCOC), a tógadh le sainchuspóir, lonnaithe ag an mBóthar Míleata, Baile Átha Cliath, ar bun. Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le céim reatha na tochailte/ na n-oibreacha talún agus táthar ag súil go mbeidh an tsaoráid críochnaithe in R3, 2022.

**Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach Chlár an Gharda Síochána**

Tá tionscadail Chomhpháirtíochta Phoiblí Phríobháideach i mbun forbartha chun Stáisiúin nua Ghardaí a thógáil i gCluain Meala, Co. Thiobraid Árann agus i Maigh Chromtha, Co.Chorcaí. Taisceadh iarratais phleanála don dá stáisiún nua in 2020.



Flít an Gharda Síochána a Leathnú

**Tionscadail Stáisiúin na nGardaí**

- Tugadh athchóiriú mór agus síneadh le Stáisiún Gardaí Dhún na nGall i gcrích i Nollaig.
- Tugadh forbairt ar shaoráid shaincheaptha d'Aonad Uisce an Gharda i mBaile Átha Luain, Contae na hIarmhí i gcrích i mí na Nollag.
- Tugadh saoráidí shaincheaptha ar leith don Aonad Tacaíochta faoi Airm i gcrích go daingean in 2020. Chuimsíodh leis an tionscadal seo, uasghrádú ar an mbunurlár i Stáisiún Gardaí an Chabháin.
- Bhí athchóiriú mór Stáisiún Gardaí Shráid Mhic Giobúin, Baile Átha Cliath 1 beagnach críochnaithe.
- Rinneadh dul chun cinn ar athfhorbairt iomlán Stáisiún Gardaí Bhaile Átha Luain.
- Mar chuid d'acmhainneacht an Gharda Síochána maidir le cibearchoireacht a réigiúnú, bunaíodh oifigí sa Mhuileann gCearr, i Loch Garman agus i nGaillimh. Cuireadh tús freisin le saoráid ag Sráid Mhóna, Corcaigh chun acmhainneacht maidir le cibearchoireacht a fheabhsú i Réigiún an Deiscirt.
- Faomhadh cead pleanála do Stáisiún Gardaí i gCoill an Chollaigh, Contae an Chabháin agus cuirfear tús le próiseas tairisceana go luath in 2021.
- Taisceadh iarratas pleanála ar Stáisiún nua Gardaí i bPort Laoise, Contae Laoise.
- Cuireadh tús le hoibreacha ag Stáisiúin Ghardaí an Longfoirt agus Ros Comáin chun saoráidí nua coimeádta a sholáthar, chomh maith le spásanna chun acmhainneacht oifige a mhéadú i ngach stáisiún.
- Tugadh suiteáil conchróite agus athchóiriú/ athsholáthar na gconchroite a bhí ann cheana d'Aonad Madra an Gharda Síochána, i gcrích

## BAINISTÍOCHT FLÍT


Faoi dheireadh 2020, bhí 549 feithicle leithdháilte ar fud na tíre, agus ansin bhí 3,112 sa fhlít rud a fhág gurb é an flít is mó i stair na heagraíochta.

Chomh maith leis an nglanmhéadú de 318 feithicle in 2020, fuarthas 210 feithicle ar cíos mar chuid de fhreagairt an Gharda Síochána ar phaindeim Covid-19.

| | Gluaisteáin | Veaineanna | Gluaisrothair | 4x4 | eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithdháiltí Feithiclí in 2020 | 486 | 25 | 26 | 8 | 4 | 549 |
| Feithiclí a Díchoimisiúnaíodh in 2020 | 182 | 29 | 15 | 1 | 4 | 231 |
| Flít an Gharda Síochána amhail an 31/12/2020 | 2348 | 496 | 127 | 88 | 53 | 3112 |

Méid an Fhlít 2012/2020: Láidreacht an Fhlít 2012-2020 +27.8%

## MÉID AN FHLÍT




## AONAD UM CHAIGHDEÁIN GHAIRMIÚLA AN GHARDA SÍOCHÁNA (GPSU)

Thug an GPSU faoi rannpháirteachas forleathan le páirtithe leasmhara chun na caighdeáin chleachtais ab airde maidir le feidhmíocht oibríochtúil, riaracháin agus bainistíochta ar fud na heagraíochta a chur chun cinn.

I measc an obair a rinne sé le dul i mbun idirchaidrimh le páirtithe leasmhara rialachais inmheánacha agus seachtracha, GPSU:

- Thug an GPSU faoi cheithre scrúdú théamacha ar bheartas agus feidhmíocht na heagraíochta;
- Shainaithin an GPSU láidreachtaí na heagraíochta agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin;
- Thug an GPSU faoi chomhscrúdú/ iniúchadh comhpháirteach i gcomhpháirt le Rannóg Iniúchóireacht Inmheánaí an Gharda Síochána (GIAU);
- Thug an GPSU faoi roinnt athbhreithnithe inmheánacha ar fheidhmíocht na heagraíochta; agus
- Rinne an GPSU maoirseacht ar an bpróiseas iniúchóireachta agus athbhreithnithe, agus rinne sé tuairisciú ar chomhlíonadh níos déanaí.

Le linn 2020, bhí an PGCU i gceannas ar fhorbairt, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú doiciméad beartais laistigh den Gharda Síochána, agus d'oibrigh sé le húinéirí beartas agus scríbhneoirí beartas chun 10 mbeartas nua a thabhairt isteach. Áiríodh orthu seo Bainistíocht Uainchlár agus Dualgas, Scéim um Rabhadh Aosach, agus Córas Bainistíochta Imscrúdaithe.

As na 10 mbeartas nua arna bhforbairt agus arna n-eisiúint ag an PGSU le linn 2020, cuireadh dhá cheann chun cinn le teacht phaindéim Covid-19- Bainistiu agus Úsáid Cochall Frithsheile, agus Mar a dhéileáiltear le Daoine Faoi Choimeád – Scagadh Teochta agus Measúnú Riosca.

**Cúig Réimse Tosaíochta Beartais**

IChomh maith leis an obair seo, sainaithníodh cúig réimhse tosaíochta beartais lena n-athbhreithniú mar chuid de Straitéis um Chearta Daonna an Gharda Síochána 2020-2021, eadhon:

- Fórsa a Úsáid
- Feithiclí an Gharda Síochána a Úsáid i dTóraíocht Feithiclí Eile
- Beartas maidir le híospartaigh coireachta
- Gabháil agus Coinneáil (Bainistíocht Choimeádta)
- Ord poiblí/ lena n-áirítear léirsithe

Rinne an PGCU maoirseacht ar fhortbairt agus ar chomhordú na hoibre seo le linn 2020 agus táthar ag súil go gcríochnófar é in 2021.

## GNÓTHAÍ INMHEÁNACHA (IA)

**Disciplín agus Gearáin**

Faoi dheireadh 2020, chuir IA tús le 2,026 comhad a bhaineann le disciplín agus gearáin. Chomh maith leis sin, rinneadh 800 iarraidhó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (COGS) ar fhaisnéis/cháipéisíocht a éascú.

Cuireadh 42 fhionraí nua ar an iomlán i bhfeidhm le linn 2020. Ba é líon iomlán na nGardaí faoi fhionraí ag deireadh na bliana ná 67.

Osclaíodh 135 comhad nua cúitimh in 2020 maidir le Gardaí a gortaíodh go mailíseach fad a bhí siad ar dualgas. Dheonaigh an Ard-Chúirt cúiteamh i 43 chás mar seo go dtí €3,118,887 san iomlán.

Maidir leis seo, rinne na Gardaí lena mbaineann 24 chás ar chúiteamh a tharraingt siar nó ní raibh siad údaraithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**Tionscnamh Idirghabhála Áitiúil**

The core objective of this is to ensure a timely and proportionate resolution in cases of service level complaints.

Data received from GSOC in respect of local intervention in 2020 indicates:

- GSOC referred 263 cases to An Garda Síochána for local intervention.
- 287 cases were returned back to GSOC, some of which had been referred in 2019.

Of the cases that were returned:

- 175 were closed as resolved or closed following the intervention process.
- 28 were closed without intervention, typically where the complainant did not engage with the nominated Garda Inspector.
- 84 were unsuccessful and were referred back to GSOC for a decision to be made as to the admissibility of the complaint.

## AONAD FRITH-ÉILLITHE AN GHARDA SÍOCHÁNA (GACU)

Bunaíodh Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána (GACU) i mí na Samhna ar mhaithe le líomhaintí faoi éilliú inmheánach a chosc, a bhrath agus a scrúdú go críochnúil ar bhealach réamhghníomhach, d’fhonn cáil agus ionracas an Gharda Síochána a chosaint.

Thug GACU faoi Measúnacht Straitéiseach ar an mBagairt agus ar an Riosca i dtaobh éillithe sa Gharda Síochána agus bunaithe ar a thorthaí tá roinnt beartais inmheánacha frith-éillithe á bhforbairt faoi láthair.

Le cúnamh ó sholáthróir seachtrach, d’fhorbair GACU clár oiliúna foghlama cumaiscthe dírithe ar chultúr na gairmiúlachta agus ionracais laistigh den eagraíocht a neartú. Déanfar an clár oiliúna foghlama cumaiscthe a sholáthar do gach pearsanra den Gharda Síochána , agus cuirfear tús leis sin in 2021.

Leanfaidh feidhm imscrúdaithe GACU de bheith ag forbairt de réir a chéile, agus dul i ngleic le haon bhagairtí feidearthachta laistigh den Gharda Síochána.

Cheap an Coimisinéir an Leas-Choimisinéir, Straitéis, Rialachas agus Feidhmíocht mar Oifigeach Póilíní Sinsearach a raibh freagrach as maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar Chlár Rialachais Frith-éillithe an Gharda Síochána.

## ACMHAINNÍ DAONNA AGUS FORBAIRT DAOINE (HRPD)

**Coláiste an Gharda Síochána**

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, cuireadh an oiliúint neamhriachtanach go léir a bhfuil ar siúl ag Coláiste an Gharda Síochána, ar fiontraí do bhunús na bliana 2020.

Chun cur le freagairt an Gharda Síochana do ghéarchéim sláinte poiblí, ghlac Coimisinéir an Gharda Síochána cinneadh

Mol Foghlama Digiteach.



oibríochtúil 321 Garda faoi Oiliuint agus Gardaí Promhóra a fhianú ó dhá rang iontógáil ar leithligh níos luaithe ná mar a bhí beartaithe agus iad a imlonnú chuig stáisiúin ar fud na tíre.

Maidir leis seo, rinneadh 124 Gardaí a ath-imlonnú óna ndualgais i gColáiste an Gharda Síochána chuig póilineacht ar an líne tosaigh.

I ndiaidh luaineacht i dtreochtaí maidir le tras-seoladh Covid-19, i mí na Samhna rinneadh 264 Garda - lena n-áirítear 123 Garda Promhóra, 73 Garda faoi Oiliúint agus 68 baill foirne Choláiste an Gharda Síochána a ath-imlonnú ó Choláiste an Gharda Síochána chun tacú le póilíneacht ar an líne tosaigh.

### Clár Bunoiliúna /BA i bPóilíneacht Fheidhmeach

Mar gheall ar Covid-19, forbraíodh cur chuige leasaithe maidir le hoiliúint agus i mí na Bealtaine thosaigh 75 Gharda faoi Oiliúint Céim 1 dá oiliúint Phás 1 trí Chóras Bainistíochta Foghlama an Gharda Síochána (LMS). Leis an mbunoiliúint, rineadg foráil chun 150 Garda faoi Oiliúint a earcú in 2020.

**Achoimre maidir le Gardaí faoi Oiliúint**

| Líon Iontógála | 192 | 193 | 201 | 202 | 203 | Total Attested | Commenced Training 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon Rannpháirtithe an Ranga | 201 | 194* | 125* | 75 | 73 | 2020 | |
| Phás 1 Dáta Tosaigh | 15/07/2019 | 25/11/2019 | 10/02/2020 | 25/05/2020 | 22/06/2020 | | |
| Phás 1 Dáta Deiridh | 21/02/2020 | 23/04/2021 | 27/11/2020 | 22/01/2021 | 19/03/2021 | 522 | 275 |
| Dáta an Fhianaithe | 21/02/2020 | 20/03/2020 | 20/03/2020 | 19/01/2021 | 19/03/2021 | | |

**Rinneadh 2 oiliúnaí a fhianú i mí an Mhárta agus 2 i mí an Aibreáin ó iontógálacha eile agus bhí 321 ann san iomlán.*



Coláiste an Gharda Síochána

**Mol Foghlama Digiteach agus Ar Líne (DHL)**

Go luath in 2020, rinneadh an clár BA (Póilíneacht Fheidhmeach) a athstruchtúrú le go gcuirfí cur chuige foghlama cumaiscthe ar fáiltrí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí is déanaí de cianfhoghlaim agus teicnící foghlama féinstiúrtha.

Leis an struchtúir nua, bhí oiliúint ar líne ar feadh trí seachtaine d'oiliúnaithe nua arna soláthar trí LMS an Gharda Síochána agus trí ranganna beo ar líne leis an ardán domhanda teagaisc.

Chomh maith leis sin, cuireadh stúidió nua eagarthóireachta agus seomra taifeadta ar bun i gColáiste an Gharda Síochána. Tugtar an Mol Digiteach Foghlama air agus cuireann sé ar chumas na heagraíochta ríomhchláir ardcháilíochta a cheapadh agus a chruthú ar féidir iad a chur ar fáil do spriocgrúpaí áirithe nó ar fud na heagraíochta trí LMS an Gharda Síochána. Tá tuilleadh oibreacha beartaithe do 2021 chun acmhainneacht na saoráide a leathnú.

**Oiliúint fostaithe**

**Scoil Speisialtóirí Coireachta agus Scileanna Oibríochtúla**

Tá éagsúlacht ag baint leis an Rannóg Speisialtóirí Coireachta agus Scileanna Oibríochtúla agus cuireann sé oiliúint ar fáil chun tacú le cúraimí oibríochtúla ar fud an Gharda Síochána.

**Rannóg Ceannaireachta, Bainistíochta agus Forbartha Gairmiúla (LMPD)**

Soláthraíonn an Rannóg Ceannaireachta, Bainistíochta agus Forbartha Gairmiúla cúrsaí inseirbhíse forbartha gairmiúlam do phearsanra de chuid an Gharda Síochána agus éascaíonn sé le forbairt ghairmiúil na bpearsanra ar tugadh ardú céime dóibh le déanaí.

**Uaireanta Oiliúna**

Bhí tionchar suntasach ar an leibhéal oiliúna arna chur ar fáil nuair a cuireadh oiliúint ar fiontraí.

| 2020 | | |
|---|---|---|
| **Scoil** | **Rannóg** | **Uair Oiliúna** |
| Bunoiliúint | Bunoiliúint (Oiliúnaithe)<br>Oiliúint Promhóra | 294,744<br>20,108 |
| **Forbairt Bunoiliúna san Iomlan** | | **314,852** |
| Scoil Speisialtóirí Coireachta agus Scileanna Oibríochtúla | Oiliúint Coireachta<br>Oiliúint Tiománaithe<br>Ceanncheathrú um Oiliúint Tiománaithe<br>Oiliúint ar Airm Thine<br>Ceanncheathrú um Oiliúint ar Airm Thine<br>Oiliúint ar Airm Thine, Gaillimh<br>Agallóireacht Imscrúdaithe<br>Oiliúint i Scileanna Sábháilteachta | 4,912<br>1,448<br>4,008<br>37,352<br>51,296<br>10,520<br>6,560<br>31,712 |
| **Oiliúint Bainistíochta Coireachta san Iomlán** | | **147,808** |
| Ceannaireacht, Bainistíocht & Forbairt Ghairmiúil | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach<br>Forbairt Fhoireann an Gharda Síochána<br>Córais Bhainistíochta Foghlama<br>Forbairt Bainistíochta Ceannaireachta | 17,376<br>3,224<br>11,935<br>10,908 |
| **LMPD san Iomlán** | | **43,443** |
| **Móriomlán** | | **506,103** |

**Próiseas Ardú Céime Sáirsintí agus Cigirí**

Le linn 2020, forbraíodh creataí nua inniúlachtaí maidir le hardú céime go dtí róil Sáirsintí agus Cigirí.

Sna creataí nua tá béim níos mó ar eitic agus ar bhainistíocht na héagsúlachta, agus leagtar béim ar thábhacht na hathléimneachta sna róil seo. Chomh maith leis sin. léiríonn siad an tábhacht a bhaineann le bheith ag obair i gcónaí ar

ardchaighdeán chun seirbhís éifeachtach póilíneachta a chur ar fáil.

Maidir leis seo, comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun na comórtais ardaithe céime Sáirsintí agus Cigiri atá ar na bacáin, a éascú. Forbraíodh freisin cleachtaí nua measúnaithe, lena n-áiritear tástálacha breithiúnas staide, chun iad a úsáid le linn phróiseas ardú céime na Sáirsintí agus na gCigirí.

Tháinig 300 ardú céime go dtí céim na Sáirsintí agus na gCigirí le linn 2020.

## BIÚRÓ CAIDRIMH FOSTAITHE

### Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe(EAS)

Faoi láthair tá 17 ball foirne lánaimseartha ag EAS chomh maith le líne chabhrach saor in aisce, rúnda, neamhspleách agus seirbhís comhairleoireachta atá le fáil ar bhonn 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain do dheacrachtaí a bhaineann leis an obair nó do dheacrachtaí pearsanta.

Le linn 2020, sholáthar Oifigigh EAS an méid seo a leanas:

- 17 idirghabháil maidir le bainistiú strus teagmhais chriticiúla i ndiaidh teagmhais chriticúla.
- Oiliúint do 28 fostaí mar Thacadóirí Piaraí chun cúnamh a chur ar fáil mar fhreagróirí an líne thosaigh, i ndiaidh imeachta trámach.

I mí Mheán Fómhair 2020, seoladh Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta d'aonaid ainmnithe náisiúnta agus Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne agus agallóirí imscrúdaithe. Déanfar dhá sheisiún éigeantach le síceolaithe oilte a thabhairt do gach uile fhostaí.

Ta sé beartaithe go gcuirfear i bhfeidhm seisiúin ghrúpa tosaigh ag tús na bliana 2021.

### An Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (CBUD)

Rinneadh dul chun cinn le linn 2020 ar imlonnú CBUD i Rannáin phíolótacha an tSamhail Oibriúcháin. Cuireadh tús le hobair suntasach, CBUD a ailíniú leis an tSamhail Oibriúcháin le linn na tréimhse seo.

Forbraíodh clár ríomhfhoghlama agus rolladh amach é i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (DMR) agus i Réigiún an Deiscirt. Rinne an Fhoireann Tionscadail CBUD an t-uainchlár a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020 a chomhtháthú gan stró d'úsáideoirí deiridh CBUD.

D'éirigh le Foireann Tionscadail CBUD an córas a thabhairt isteach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath Theas Láir i mí Dheireadh Fomhair agus bhí ullmhúcháin le haghaidh imlonnú CBUD go Roinn Chathair Chorcaí beagnach i gcrích faoi dheireadh 2020.

### An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO)

I ndiaidh mholtaí na Cúirte Oibreachais in 2016 agus achtú Bhille Caidrimh Thionscail (Leasú), 2019, fuair baill den Gharda Síochána rochtain ar sheirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta chaidrimh thionscail i mí Feabhra 2020.

I gcomhar leis an CCÁO, an Roinn Dlí agus Cirt, agus comhlachtaí ionadaíochta na nGardaí d'fhorbairt an Biúró Caidrimh Fostaithe treoir don fhostaí, Nósanna Imeachta Réitithe Díospoide

Chun tacú le próiseas caidrimh thionscail , cheap Biúró Caidrimh Fostaithe an Gharda Síochána ceathrar Oifigeach Caidrimh Thionsclaíoch (IROs) in 2020 agus go luath in 2021. Cabhraíonn gach duine de na IROnna le cúrsaí caidrimh thionsclaíoch a réiteach go luath ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

### Comhairle Eadrána an Gharda Síochána

I mí Feabhra 2020, aistríodh Comhairle Eadrána an Gharda Síochána ó shainchúram na Roinne Dlí agus Cirte chuig Coimisinéir an Gharda Síochána. Cé gur cuireadh moill ar an sceideal a rabhthas ag súil leis de bharr na paindéime maidir le Comhairle nua Eadrána a bhunú, tá rannpháirteachas páirtithe leasmhara go mór chun cinn agus comhaontófar na rialacha a mbeidh feidhm acu maidir leis an gComhairle nua Eadrána go luath in 2021.

## RANNÓG ASLÁITHREACHT BHREOITEACHTA NA NGARDAÍ AGUS FHOIREANN AN GHARDA SÍOCHÁNA

**Staidrimh um Shaoire Bhreoiteachta ag déanamh comparáide idir 2013, 2014, 2015, 2016, 2017, 2018, 2019 and 2020**
**Comhaltaí faoi bhrí mionna Amháin**

| BLIAIN | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Coibhéis Lánaimseartha (CLA) a mheánú i rith na bliana | 13,243 | 12,927 | 12,805 | 12,855 | 13,281.50 | 13,843.50 | 14,236.25 | 14,628 |
| Meánlíon na Laethanta Caillte an Chomhalta faoi bhrí mionna Mar gheall ar Bhreoiteacht agus Gortú ar Dualgas | 17.91 | 13.62 | 12.32 | 12.76 | 13.30 | 14.70 | 14.60 | 12.94 |
| % Athrú Meánlíon na Laethanta Cailltean Chomhalta faoi bhrí mionna Bliain ar Bhliain | 6.54% | -23.95% | -9.50% | -3.60% | 4.20% | 10.50% | -0.70% | -11.40% |
| Líon na laethanta caillte mar gheall ar bhreoiteacht | 198,975 | 139,937 | 112,999.50 | 113,865.50 | 122,242 | 139,895.50 | 145,365 | 127,100.50 |
| % Athrú bliain ar bhliain - Breoiteacht | 2% | -30% | -19% | 0.80% | 7.40% | 14.40% | 3.90% | -12.56% |
| Líon na laethanta caillte mar gheall ar Ghortú ar Dualgas | 38,249 | 36,145 | 44,864.50 | 50,215 | 54,317.50 | 62,996.50 | 61,942 | 62,147.5 |
| % Athrú bliain ar bhliain - Gortú ar Dualgas | 15% | -5.50% | 24% | 11.90% | 8.16% | 15.97% | -1.67% | 0.30% |
| **Líon iomlán na laethanta arna dtaifead** | **237,224** | **176,082** | **157,864** | **164,080.50** | **176,559.5** | **202,892** | **207,307** | **189,248** |
| % Athrú bliain ar bhliain Líon iomlán na laethanta arna | 4% | -26% | -10% | 4% | 7.60% | 14.90% | 2.20% | -8.70% |

Is éard a thaifeadtar ar SAMS mar líon iomlán na Laethanta Breoiteachta ná líon na laethanta féilire ar a bhfuil an bhall foirne as láthair agus d'fhéadfadh laethanta deireadh seachtaine agus laethanta scíthe a bheith san áireamh iontu.

**Staidrimh um Shaoire Bhreoiteachta ag déanamh comparáide idir 2013, 2014, 2015, 2016, 2017, 2018, 2019 and 2020**
**Foireann an Gharda Síochána Amháin**

| BLIAIN | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CLA Fhoireann an Gharda Síochána a mheánú i rith na bliana | 2039.77 | 2042.36 | 2090.40 | 2071.66 | 2193.72 | 2361.64 | 2797 | 3096.71 |
| Meánlíon na Laethanta Caillte an Garda Mar gheall ar Bhreoiteacht | 12.35 | 12.11 | 12.09 | 12.41 | 11.88 | 11.83 | 11 | 8.81 |
| % Athrú bliain Meánlíon na Laethanta Caillte an Garda Bliain ar Bhliain | N/A | -1.94% | -0.17% | 2.65% | -4.27% | -0.40 % | -7% | -19.90% |
| Líon iomlán na laethanta arna dtaifead* | 25,193 | 24,741 | 25,267 | 25,716 | 26,054 | 27,941 | 30760.42 | 27,286.71 |
| % Athrú bliain ar bhliain | N/A | -1.80% | 2.10% | 1.80% | 1.30% | 7.20% | 10.10% | -11.30% |

*Taispeántar i líon iomlán na laethanta a cuireadh i gcuntas ar PeopleSoft (CBAD) an líon iarbhír laethanta oibre a cailleadh. Tá na figiúirí a thaispeántar d'Fhoireann an Gharda Síochána, gan glantóirí agus freastalaithe seirbhíse a áireamh. Ní chuirtear deirí seachtaine agus coigeartuithe d'fhostaithe ar phatrúin roinnte oibre san áireamh.



**Gardaí a chuaigharscor in 2020**

| GRÁD | Assistant Commissioner/ Executive Director | Chief Superintendent | D/Chief Superintendent | D/Superintendent | Superintendent | Detective Inspector | Detective Sergeant | Detective Garda | Inspector | Sergeant | Garda | TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Scaoilíocaíocht Gardaí | 2 | 5 | 2 | 2 | 24 | | | | | | | 35 |
| Scor Deonach | 2 | 7 | | | 33 | | | | 9 | 58 | 104 | 213 |
| Scor Éigeantach | | 2 | | | 2 | | | | 2 | 10 | 18 | 34 |
| Síneadh ar Scor Éigeantach de bharr Covid-19 | | 3 | | 1 | 8 | 1 | 1 | 1 | 2 | 14 | 19 | 50 |

**Gnóthú Féitheacha**

Le linn 2020, leanadh leis an obair sa Gharda Síochána ar dhaoine a earcú chun na spriocanna earcaíochta a chomhlíonadh a bhí leagtha amach ag an Rialtas in 2016.

Dá bharr, díríodh go príomha ar chomhaltaí den Gharda a chur ar ais ar dualgas ar an líne thosaigh in 2020.

**513**
**Iarrthóir do phoist nua ar Fhoireann na nGardaí in 2020**


**Rannóg Comórtais d'Fhoireann na nGardaí**

Le linn 2020, reáchtáil Foireann na nGardaí 39 comórtas ann ar an iomlán. Áirítear sna comórtais seo léiriú spéise go hinmhéanach, comórtais oscailte a fhógraíodh don phobal, comórtais áitiúla don ghníomhú suas, agus iasachtaí chun earcú ó rannóga eile.

## BAINISTÍOCHTACMHAINNÍDAONNA (BAM)

**AonadNáisiúntaSláinteagusSSábháilteachta na nGardaí**

## EACHTRAÍCEIRDE A TAIFEADADH IN 2020




In 2020 taifeadeadh gur fhulaing 545 comhalta díobháil cheirde. Is laghdú é seo ó 617 in 2019, agus 626 in 2018.

Sa tábla ar chlé déantar miondealú ar na heactraí a taifeadadh le linn 2020:

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CÉI) Oifig Cur i bhFeidhm agus Monatóireachta**

I ndiaidh rannpháirtíochta fairsing le príomhpháirtithe leasmhara, sheol Coimisinéir na nGardaí an Straitéis um Chomhionannais, Eagsúlacht agus Ionchuimsitheacht i mí na Nollag.

Tá an straitéis seo dírithe go príomha ar thimpeallacht oibre a chruthú ina gcaitear le Gardaí go cothrom agus le meas, ina bhfuil comhionannas deiseanna acu, rochtain ar acmhainní agus ar féidir leo cur go hiomlán le rath na nGardaí Síochána.

Forbraíodh Plean Cur i bhFeidhm Straitéise agus bunaíodh freisin Comhairle Ceannaireachta CÉI, faoi chathaoirleacht an Leas-Choimisinéara agus tiocfaidh sí le chéile go ráithiúil.

Tugadh an tasc don Oifig Cur i bhFeidhm Straitéise agus Monatóireachta, faoi bhainistíocht an Ard-Cheannfoirt, Acmhainní Daonna agus an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, Acmhainní Daonna & Forbairt Daoine, monatóireacht a dhéanamh ar na 19 gníomh a chur i bhfeidhm atá leagtha amach sa Phlean Cur i bhFeidhm Straitéise.

**Ag Obair le Chéile chun Timpeallacht OibreDearfaí a Chruthú, Oifig Monatóireachta Polasaí**

A leanas taispeántar líon na ngearán faoi bhulaíocht agus faoi chiapadha fuarthas le linn 2020 sa Gharda Síochana mar aon le stádas reatha na ngearán sin:

- Líon iomlán na ngearán a fuarthas ............ **18**
- Líon na ngearán sin a measadh gur ‘bulaíocht’ a bhí i gceist faoin bpolasaí ............ **17**
- Líon na ngearán sin a measadh gur ‘ciapadha bhí i gceist faoin bpolasaí ............ **1**
- Líon na ngearán sin a measadh gur ‘ciapadh gnéasach’ a bhí i gceist faoin bpolasaí ............ **0**
- Líon na ngearán faoin bpolasaí a fuarthas ó ghearánaithe fireann ............ **7**
- Líon na ngearán faoin bpolasaí a fuarthas ó ghearánaithe baineann ............ **11**
- Líon na ngearán a fuarthas ar measadh nár ‘bulaíocht ná ciapadh’ a bhí i gceist mar atá sainmhínithe faoin bpolasaí ‘Ag Obair le Chéile’ ............ **1**
- Líon na ngearán faoin bpolasaí a fuarthas agus a tógadh ar ais ina dhiaidh sin ............ **2**
- Líon na ngearán inar baineadh úsáid as idirghabháil in ionad imscrúdú ............ **3**
- Líon na ngearán inar cuireadh tús le himscrúdú ............ **12**
- Líon na ngearán a tugadh chun crícheinar seasadh leis an ngearán a rinneadh faoinb bpolasaí ............ **0**
- Líon na ngearán a tugadh chun críche nár sheas leis an ngearán a rinneadh faoinb bpolasaí ............ **2**
- Líon na ngearán faoi réir achomhairc faoin bpolasaí ............ **1**
- Líon na n-imscrúduithe ar ghearáin atá ag dul ar aghaidhar 31 Nollaig 2020 ............ **9**

*Ar 31 Nollaig, 2020, tá cúig imscrúdú faoi achomhairc, agus tá 17 gearán faoi imscrúdú.*

**Tá imscrúdú fós ag dul ar aghaidh ar 31 Nollaig 2020 maidir le dhá ghearán a rinneadh in 2014.*



## OIFIGLEITHDHÁILTEACMHAINNÍ

**Conas a leithdháileadh baill foirne a fuair ardú céime le déanaí**

**112** Cigirí a fuairardúcéime le déanaí

**196** Sáirsintí a fuairardúcéime le déanaí

**522** Gardaí fianaithe le déanaí mar phromhóirí

**493** Iarratasnuaa raistriú

| | | |
|---|---|---|
| Os cionn 300 ardú céime chuig Sáirsint agus Cigire le linn 2020, agus le 112 Cigire nua-bhunaithe agus 196 Sáirsint nua-bhunaitheleithdháiltearróil maoirseachta ar an túslíne le linn na bliana. | Freisin le linn 2020,522 G a r d a Promhóra nua-fhianaithe leithdháilte ar Stáisiúin Ghardaí ar fud fud na tíre agus bhí líon iomlán de Ghardaí Promhóra fianaithe ó 2015 ag 3,472. | 493iarratas nuaar aistriú faighte ó gach céim in 2020 agus bhí 724 ball de gach céim aistrithe nó leithdháilte tar éis ardú céime ar fud na céimeanna go léir. |

## OIFIG THAR LEAR OFFICE

**Fórsa Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe sa Chipir**

Tá páirt glactha ag an Garda Síochána i Misean Fórsa Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe sa Chipir ó 1993, Is é an ról atá ag na Coimeádaí Síochánaná iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach ar choimhlint, dlí agus ord a thabhairt ar ais; a chinntiú go bhfuil meas ar chearta daonna agus mandáid an mhisin a chur i bhfeidhm.

Imlonnaíodh an 27ú buíon den Gharda Síochána, ina raibh 12 Garda (1 Ceannfort, 1 Cigire, 2 Sáirsint agus 8 Garda) go dtí UNFICYP.

I nDeireadh Fómhair 2020, ceapadh an Ceannfort Jarlath Duffy don phost Leaschomhairleoir Sinsear ach Póilíneachta de chuid an UNFICYP.

**Misean Riail an Dlí sa Chosaiv de chuid an Aontais Eorpaigh(EULEX Kosovo)**

Tá comhlacht amháin den Gharda Síochán ar iasacht faoi láthair sa Ghrúpa um Choireacht Eagraithe. Aithítear go bhfuil ról lárnach ag an bpost seo an bearna a chaolú idir EULEX, póilíní na Cosaive agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta coireachta.

## CÚLTACA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Le linn 2020, rinne 132 Garda Cúltaca os cionn 25,000 uair oibre dheonach, ag cuidiú lena gcomhghleacaithe lánaimseartha ar fud na heagraíochta.

In 2020, chríochnaigh 75 Garda Cúltaca a gcúrsaí oiliúna agus bhí siad ag feitheamh ar fhianú ag deireadh na bliana. D'ainneoin na moille a bhí ann ina sceideal oiliúna de bharr treoirlínte sláinte poiblí, tosaíodh arís ar an gcéim deireadh den oiliúint i Meán Fómhair agus chríochnaigh beagnach gach duine an cúrsa 40uair.

In 2020, eisíodh 61 TeastasÓmóisdo Ghardaí Cúltaca a raibh 10 mbliana seirbhísí bainte amach acu. Anois tá 231 Garda Cúltaca ann san iomlán a bhfuil seirbhís 10 mbliana nó níos mó bainte amach acu.

# SEIRBHÍSÍ TRASEAGRAÍOCHTA



## SLÁINTE &FOLLÁINES AOTHAIR NA NGARDAÍ (SLSG)

Le linn na bliana, chuir SLSGT na seirbhísí a leanas ar fáil do Ghardaí agus don eagraíocht.:

- Ról comhairleach, faisnéiseach agus tacúil do chomhaltaí aonair, do lucht bainistíochta agus ar fud na heagraíochta.
- Foilsíodh an Suirbhé Measúnú Riachtanas ar Shláinte an Gharda Síochána .
- Seirbhís Chomhairleoireachta fheabhsaithe 24-7 ar fáil do gach comhalta.
- Tughadh isteach socruithe tacaíochta maidir le maoirseacht shíceolaíocht d'aonaid speisialaithe a ghlacann páirt in obair ardriosca.
- Seachadaíodh idirghabhálacha tacaíochta i gcomhar le Cúnamh d'Fhostaithe na nGardaí tar éis eachtraí tragóideacha suntasacha.
- Gnéchlár i Newsbeat atá tiomnaithe don tsláinte saothair agus folláine.
- I gcomhar le HRPD, seoladh feachtas dreasachtaithe chun gach Garda a spreagadh an vacsaín fliú a fháil.

## TEICNEOLAÍOCHTFAISNÉISE&CUMARSÁIDE (TFC)

Thacaigh TFC le hinfreastruchtúr bunriachtanach a shuiteáil ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear tionscnaimh faoi Eochairfhorbairtí APSFOF:

- Tá 2,500 stáisiún sonraí móibíleach ar fáil anois do Ghardaí ar an líne thosaigh ag obair i bPóilíneacht Bóithre, sa Phóilínteacht Phobail agus in aonaid speisialaithe áirithe
- Forbairt déanta ar Aip Fógra Muirir Sheasta i mí Iúil 2020.
- Fuair gach Sáirsintgléas móibíleach don úsáid oibríochtúilmar chuid den fhreagairtphóilíneachta ar Covid-19.
- Feachtas feasachta 12 seachtain ar cibearshlándáillaistigh den Gharda Síochánadírithe ar roinnt príomhthopaicí, lena n-áirítear an chianobair,slándáil ríomhphoist, criptiúchán agus pasfhocail,bogearraí mailíseacha agus priontáil go sábháilte.

Chuaigh Oibríochtaí TFC i mbun roinnt beart i rith 2020 chun freagairt go pras agus go héifeachtúil don bhrú breise a bhí ar bhonneagar TF chun tacú le cianoibriú. I measc na mbeart seo, bhí:

**1,500 logáil isteach**

1,500 logáil isteach comhthráthach do dheasca fíorúla a ghiniúint

**3,000 000 ríomhaire glúine**

Rolladh amach 3,000 ríomhaire glúine chuig pearsanra an Gharda Síochána

**4,000 ceadchomhartha slándála**

ceadchomhartha slándála fíordheimhnithe déshraithe a shuiteáil

**1,000 monatóir USBc**

1,000 monatóir USBc a dháileadh le haghaidh na nascachta móibílí nó fíorúla

**160 úsáideoir cianda**

Ag tacú le 160 úsáideoir i GISC obair go cianda agus lán-nascacht a bheith acu le córais teileafóin agus le córais TF

**5,000 gléas móibíleach**

Ag nascadh breis agus 5,000 gléas móibíleach

**20 linn shaincheaptha fhíorúil**

20 linn shaincheaptha fhíorúil a sholáthar

**Seirbhísí Comhdhála**

Seirbhísí físchomhdhála agus closchomhdhála a sholáthar

**Leathnú TF**

Bonneagar slándála TF a leathnú ar fud na heagraíochta



Reserve Gardaí contributed to keeping people safe

Chomh maith leis an obair sin,lean Oibríochtaí TFC de bheith ag tacú le tabhairt isteach tionscadal uasghrádaithe TF amhail:

- Acmhainneacht balla dóiteáin a uasghrádú chun tacú le SISII agus 'téigh beo' na Soghluaisteachta.
- Seirbhís phriontála TF a uasghrádú chun tacú le IMS.
- Teicneolaíocht bhrabhsálaí gréasáin Microsoft is déanaí a imscaradh chun ardán cobhsaí sábháilte a sholáthar.
- Bonneagar ríomhphoist a uasghrádú go bogearraí agus crua-earraí.
- An soláthar leictreachais a neartú ag Ceanncheathrú an Gharda chun fuireachais an ionaid sonraí a chosc.

**Córas Faisnéise Schengen (SIS II)**

Thug TFC forbairt agus obair ullmhúcháin i gcrích in 20202 chun an córas a thabhairt isteach, agus réitigh sé sin an bealach do rannpháirtíocht an Gharda Síochána sa chóras ó thús 2021 ar aghaidh.

**Leagan uasdátaithe PULSE (R7.6)**

Faoi dheireadh 2020, rinne TFC tabhairt isteach leagan uasdátaithe PULSE a éascú, a ionchorpraíodh na hathruithe struchtúracha a tháinig as Samhail Oibriúcháin nua an Gharda Síochána agus ceadaíodh rochtain air do phearsanra de chuid an Gharda Síochána.

Tabhairt isteach PULSE (R7.6) -

- Cuirtear **feabhas ar fheidhmiúlacht PULSE** maidir le hathstiúrtha óige agus maidir le coireacht fuatha a thaifeadadh.
- **Cuirtear feabhas ar cháilíocht sonraí ata ann cheana** trí bhíthin bailíochtaithe agus 2.2m Éirchód a chuirtear leis.
- Soláthraítear **modúl nua feidhmeach** chun teagmhais a ghabháil ina bhfuil fórsa á úsáid ag baill den Gharda Síochána.




**BIÚRÓ TEICNIÚIL NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA (GNTB)**

GNTB processed 560 requests for the services of the bureau. These included deployment on 55 occasions of teams made up of personnel trained in ballistics, forensic investigation photography and mapping to scenes relating to murders, suspicious deaths and forensic excavations.



**560 requests**
for assistance

## AN RANNÓG IMSCRÚDAITHE BALAISTÍOCHTA AGUS FHÓIRÉINSIGH

**Tuarascáil fóiréinseach maidir le Airm Thine**

Le linn 2020, fuarthas 777 arm tine nó arm tine amhrasta ag an Rannóg Bailistíochta agus Imscrúdaithe Foiréinseach lena scrúdú agus aicmiú faoin reachtaíocht reatha. Ba é seo laghdú bliain ar bhliain 10 faoin gcéad.

Ina theannta sin, rinneadh 14,900 urchar armlóin, agus 794 cás cartúis scaoilte and piléir a thíolaic lena scrúdú agus chun tuarascáil ábhartha a chur le chéile.

**Pléascáin agus Feistí Pléascacha Seiftithe (IEDs)**

Fuarthas 64 cás ag an Rannóg Bailistíochta agus Imscrúdaithe Foiréinseach a raibh baint acu le pleascáin. Ba é seo méadú thart ar 50 faoin gcéad bliain ar bhliain, agus b'iad urghabhála tinte ealaíne/piriteicnic mar phríomhchúis leis. Rinneadh cúig IED déag a thíolaic chuig an rannóg, arb é a bhí ann go príomha buamaí píobáin mhiotail.

**Imscrúdú Láithreacha Coire**

In 2020, phróiseáil saininiúchóirí láithreacha coireanna 55 láthair choire, le cúnamh ó Rannóg Grianghrafadóireachta agus Mapála. Bhí roinnt láithreacha ábhartha ag baint le dúnmharú, fuadach, naímharú, aisghabháil pléascán, bás amhrasach, imscrúdaithe faoi stiúir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC), imbhuailtí bóithre marfacha tráchta agus daoine ar iarraidh.

**Bainistíocht Cáilíochta. – Creidiúnú Saotharlainne ISO17025**

Deimhníodh GNTB mar shaotharlann creidiúnaithe arís ag Bord Náisúnta na hÉireann um Chreidiúnú.

**An Rannóg Grianghrafadóireachta**

D'fhreastail an rannóg seo ar nó chabhraigh sí le breis agus 60 iarraidh chun dul chuig láthair choire agus suíomhanna lena mbaineann.

Críochnaíodh 55 agallamh EvoFIT (aghaidh-aithint) san iomlán le híospartaigh agus finnéithe coireachta.

Phriontáil an rannóg thart ar 125,000 íomhá ghrianghrafadóireachta aonair i gcló, ar úsáideadh an tromlach mór díobh chun cur i láthair ag trialacha coiriúla agus lena n-úsáid le seomraí teagmhais a bhaineann le imscrúduithe ar thromchoireacht.

**An Rannóg Léarscáilithe**

Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar an méid oibre agus ar an gcineál oibre atá ag teastáil ón Rannóg Léarscáilithe chun foilseáin léarscáilithe a ullmhú don chúirt. Tá an Rannóg ag leathnú an úsáid a bhaineann sé as an teicneolaíocht ar láthair choireanna agus ag feabhsú cáilíocht na seirbhíse a sholáthraítear go leanúnach.

**Léarscáileanna ar Thairseach an Gharda Síochána**

Tá léarscáileanna digiteacha ar fáil ar Thairseach an Gharda Síochána agus thíolaic pearsanra de chuid an Gharda Síochána 435 iarratas ar léarscáileanna trí chóras iarratais ar líne na rannóige, le linn 2020.

Chríochnaigh sé 483 iarratas ar sheirbhísí san iomlán agus d'fhreastail sí ar/chabhraigh sí le 48 glao amach chuig láithreacha coire agus imscrúduithe lena mbaineann. Sa tréimhse chéanna, chríochnaigh saineolaithe léarscáilithe 120 iarraidh ar léarscáileanna a bhaineann le ceanglais riaracháin agus 315 iarraidh ar léarscáileanna a bhaineann le himscrúduithe coiriúla

**An Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóiréinseach (NFCO)**

Déanann NFCO bainistíocht agus monatóireacht ar gach bithmhéadracht bhronnta lena n-áirítear DNA, méarloirg, bosloirg agus grianghraif arna dtógáil ag Gardaí ar fud na tíre.

Maidir le feidhmchlár TF rianaithe bithmhéadrachta a seoladh le déanaí, éascaíonn sé le sonraí bithmhéadrachta a bhainistiú, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréinseach agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014.

Le BRN uathúil arna giniúint, beifí in ann bithmhéadrachtaí (DNA, méarloirg agus/nó grianghraif bhronnta) go léir a thaifeadadh, ar bithmhéadrachtaí iad a dtógfaí ó dheontóir i ndáil le gach imscrúdú sonrach.

De bhun fhorálacha Alt 70 den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréinseach agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014, cuireann Stiúrthóir Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirte, maidir le córas bunachar DNA, lena n-áirítear mionsonraí i ndáil le líon samplaí DNA a ndéanann An Garda Síochána agus eintitis eile Stáit iad a thíolaic chuig FSI.

## STIÚRTHÓIREACHT DLÍ

I measc réimsí suntasacha gníomhaíochta bhí:

- **reachtaíocht éigeandála** Covid-19 (lena n-áirítear Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP)ar leith/Meitheal An Gharda Síochána),
- Fhreastal ar an mBinse Fiosrúcháin,
- Soláthar do chóras bainistíochta cáis le haghaidh Rannóg Dlí an Gharda Síochána,
- Athbhreithniú cuimsitheach ar an mBeartas um Nochtadh Cosanta,
- Dul i ngleic le saincheisteanna cáilíochta sonraí i.e. aicmiú coireachta, agus
- Impleachtaí dlíthiúla Brexit ar an eagraíocht a bhainistiú.

## COIREACHT DHLÍTHIÚIL

### An Rannóg Dlí

Tá Rannóg Dlí Coiriúil an Gharda Síochána freagrach as réimse seirbhísí speisialta dlí a sholáthar don eagraíocht. Áirítear orthu seo comhairle dlí oibríochtúil, iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a sheirbhísiú, cearta an duine a leabú laistigh den eagraíocht, treoir ar bheartas nó ar saincheisteanna reachtacha agus déileáil le cúrsaí leagáide a fhaightear ó Údaráis imscrúdaithe i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

Chomh maith leis an obair seo le linn 2020, ghníomhaigh an Rannóg Dlí mar phointe teagmhála leibhéal seirbhíse idir An Garda Síochána agus oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus oifig an Ard-Aighne. Leis seo,rinneadh foráil chun faisnéis a chomhroinnt go déthaobhach agus d'éascaigh sé le réiteach a fháil go luath ar shaincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn.

D'oibrigh an Rannóg Dlí go dlúth le roinnt Ranna Rialtais le linn 2020 maidir le reachtaíocht nua a fhorbairt agus a dhréachtú, agus rinne sé líon mór aighneachtaí maidir le dréachtreachtaíocht a bhfuil baint aici leis an gceartas coiriúil agus leis an bpóilíneacht in Éirinn.

Le linn 2020, dhéileáil an oifig le hos cionn1,500 iarraidh ar chomhairle dlí, lena n-áirítear breis agus 830 comhad nua.

### Oifig Rannáin

Tá an Oifigí Rannáin freagrach as próiseáil gach comhfhreagrais ag teacht isteach agus ag dul amach a fhaightear ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le:

- haistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 agus 1997
- Tuarascálacha a fháil don Bhord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)
- Iarratais faoin Acht Cothabhála, 1994 ón Údarás Láir ag an Roinn Dlí agus Cirt agus faoi Choinbhinsiún na Háige.

Cuireann an oifig seo pointe teagmhála lárnach ar fáil do réimse fairsing comhpháirtithe ceartais idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann; an Bord Parúil; an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte; iarrataí Roinne ar fhaisnéis; iarrataí Choinbhinsiún na Háige, agus fiosrúcháin faoin Acht Cothabhála agus iarrataí stairiúla.

| Iarrataí ón Roinn Dlí agus Cirt | an Bord Athbh-reithnithe Me-abhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | Aistriú Duine ar Cuireadh Pianbhreith Air | Iarrataí ar an mBord Parúil | Fiosrúcháin faoin Acht Cothabhála | Iarrataí rochtana ar Choinbhinsiún na Háige | Iarrataí ar Chomhaid Stairiúla | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 106 | 45 | 46 | 137 | 112 | 48 | 35 | **529** |

### An tAonad Beartas Airm Thine

I rith 2020, lean An tAonad Beartas Airm Thine de monatóireacht a dhéanamh ar phróiseas seachfhoinsithe priontála deimhniúcháin maidir le hairm thine agus próiseas íocaíochta maidir le hairm thine trí oibriú go dlúth le Rannóg TFC an Gharda Síochána.

Choimeád an t-aonad cláir maidir le clubanna údaraithe lámhaigh arm thine, raonta lámhaigh airm thine agus déileálaithe cláraithe airm thine.

Bhí thart ar 280,000 arm tine ceadúnaithe sa tír in 2020, a ceadúnaíodh go príomha ar chúiseanna ar nós rialú míolra, seilge agus lámhach targaidí.

Thug an tAonad Beartas Airm Thine cúnamh do na hArd-Cheannfoirt agus do na Ceannfoirt maidir le hachomhairc na Cúirte Dúiche i ndáil le diúltuithe údaruithe deimhnithe airm thine a dheonú, údaraithe raonta lámhaigh, agus cúlghairm deimhnithe airm thine.

### An Rannóg um Chearta Daonna

Cuireann an Rannóg um Chearta Daonna seirbhís leanúnach chomhairleach, feidhmiúlacht agus comhairle taighde, ar fáil do gach limistéar den Gharda Síochána, maidir le ceisteanna a bhaineann le cearta daonna. Tacaíonn sé freisin le

Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta Daonna an Gharda Síochána (SHRAC).

Le linn 2020, bhain an eagraíocht leas as saintreoir agus maoirseacht ó Chomhairleoir inmheánach agus seachtrach um Chearta an Duine do Choimisinéir an Gharda Síochána. Chun teacht ar eolas breise, féach, le do thoil, an t-alt Cearta Daonna, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (leathanach 40).

**An Rannóg Leagáide**

I rith 2020, coimeádadh an comhar idir an Rannóg Leagáide agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, a dhéanann comhordú le Seirbhís Chróinéara Thuaisceart Éireann thar ceann Choimisinéir an Gharda Síochána. Leanfaidh an Rannóg seo le cúnamh agus cáipéisíocht a sholáthar, a mhéid agus a cheadaítear faoin reachtaíocht, do Sheirbhís Chróinéara Thuaisceart Éireann.

**An tAonad Fiosrúchán**

I mí Feabhra 2019,cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Breitheamh Gerard Haughton ar mhaithe le tabhairt faoi chleachtadh scóipeála maidir leis na cúinsí ónar eascair bás an Uasail Shane O'Farrell i gContae Mhuineacháin an 2 Lúnasa 2011.

Bunaíodh an tAonad Fiosrúchán laistigh de Dhlí Coireachta chun freastal ar iarrataí an Bhreithimh Haughton agus chun na freagairtí a chomhordú ó gach Rannóg laistigh den Gharda Síochána.

Tá an tAonad freagrach as cáipéisíocht a fháil, a athbhreithniú agus a thiomsú a fhaightear ó roinnt rannóga inmheánacha den Gharda Síochána, sa mhullach ar an gcáipéisíocht a ullmhú lena breithniú laistigh de Théarmaí Tagartha Chleachtadh Scóipeála an Bhreithimh Haughton.

Táthar ag súil go bhfoilseofar tuarascáil Bhreitheamh Haughton maidir le cleachtadh scóipeála, in 2021.

**An Rannóg um Chúnamh Frithpháirteach**

Tá méadú tagtha ar ualach oibre na rannóige seo le blianta beaga anuas agus ba í 2020 an bhliain ba ghnóthaí a bhí aici go dtí seo, le 1,403 iarratas nua próiseáilte.

Ina theannta sin,áirítear ar na freagrachtaí atá an rannóg, cúnamh a thabhairt do Comhfhoireann Fiosrúcháin (JIT) ina bhfuil comhoibriú i gceist le fiosrúchán a dhéanamh ar choireanna tromchúiseacha ag an leibhéal idirnáisiúnta agus rannphairteachas leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le hOrdaithe Fiosrúcháin Eorpacha (EIO) d'Éirinn a thabhairt isteach.

**Dlí Fostaíochta**

I measc obair na hoifige bhí:

- Ionadaíocht a dhéanamh do leasanna Choimisinéir an Gharda Síochána sna cúirteanna agus i mbinsí fostaíochta.
- Treoir a thabhairt d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i ngach uile chás fostaíochta agus comhionannais.
- Faisnéis a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána maidir le cásanna aonair agus aon iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbarr.
- Comhairle a chur ar roinnt rannóga inmheánacha maidir le saincheisteanna dlíthiúla.
- Tacú leis an eagraíocht trí comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna dlíthiúla ar bhealach tráthúil cruinn agus comhairle dlí a sholáthar más gá i dtaca le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

I measc na saincheisteanna a thug Ceann na Fostaíochta comhairle orthu bhí ceapachán agus cead isteach bhaill den Gharda Síochána, oiliúint a chur ar Phromhóirí agus ar chomhaltaí den Chúltaca, imeachtaí araíonachta, bulaíocht agus ciapadh, dífhostuithe, scoir agus cúrsaí stairiúla a bhaineann le hiarchomhaltaí na heagraíochta.

## DLÍ SIBHIALTA

Le linn 2020, dhéileáil an rannóg seo le 601 chúrsa nua dlíthíochta agus comhairleoireachta chorparáidigh.

Áiríodh le samplaí de na saghsanna gcásanna a rinneadh a chosaint thar ceann Choimisinéir an Gharda Síochána; athbhreithnithe breithiúnacha, dlíthíocht maidir le díobhálacha pearsanta, clúmhilleadh agus gníomhartha torta, agus fionnachtain tríú páirtí.

Soláthraíodh comhairle dlíthiúil corparáideach ar shaincheisteanna maidir le hiarrataí ar Shaoráil Faisnéise, dlí riaracháin agus dlí rialála, agus tionscadail APSFOF.

Leanann an rannóg ag dul i mbun forbartha ó thaobh saineolas speisialtóireachta i réiteach malartach díospóide.

## AN TAONAD UM CHOSAINT SONRAÍ (DPU)

I rith 2020, d'oibrigh an DPU chun lánchomhlíonadh na heagraíochta le Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (LED) agus riachtanais Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) a áirithiú.

Thug an t-aonad cabhair don eagraíocht, ábhair shonraí, páirtithe leasmhara seachtracha agus don údarás náisiúnta maoirseachta i ngach ní a bhaineann le cosaint daoine maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta ar fud na heagraíochta.

I measc phríomhghníomhaíochtaí an DPU le linn 2020, bhí:

- Foireann nua a earcú go leanúnach don aonad agus oiliúint a chur orthu go leanúnach.
- Réiteach nua TF a leabú chun bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil na cosanta sonraí laistigh den Gharda Síochána a chumasú.
- Feasacht a ardú maidir le cosaint sonraí.
- Rinneadh 5,219 iarraidh rochtana ag ábhar ó bhaill den phobal, a phróiseáil.
- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do phearsanra de chuid an Gharda Síochána, mar aon le páirtithe leasmhara seachtracha ar na nithe go léir a bhaineann le cosaint sonraí, lena n-áirítear comhaontuithe roinnte sonraí, comhaontuithe comhrialaitheora agus measúnuithe tionchair na cosanta sonraí a dhréachtú.


## AN OIFIG UM SHAORÁIL FAISNÉISE (FOIO)

Fuair FOIO 459 iarraidh saorála faisnéise le linn 2020. Rinne iriseoirí (165), agus baill den phobal (215) tromlach na n-iarrataí seo a sheoladh ar aghaidh.


Chuir cliaint/fostaithe (32), lucht léinn (8), aturnaetha (26), grúpaí gnó/leasa (11), agus ionadaithe poiblí (2) na hiarratais eile isteach.

Leagtar amach i gcairt 1, dáileadh na n-iarrataí seo ar fud réimsí acmhainní daonna, gnóthaí inmheánacha, airgeadais (ginearálta agus soláthair) agus iniúchóireachta inmheánaí.

### REQUEST DISTRIBUTIONS BY DEPARTMENT




### 2020 DECISIONS




As na 459 iarraidh, aithníodh iad go léir laistigh den teorainn shonraithe 10 lá oibre. Eisíodh cúig cinn de na 459 iarraidh i ndiaidh a ndáta dlite. Tugadh trí cinn de na 459 iarraidh isteach in 2021.

Déanann an Oifig SF bainistiú freisin ar iarrataí ar chúnamh nach dtagann faoi chuimsiú scóip Acht SF, nó sa chás go bhfuil an t-eolas ar fáil cheana féin ó fhoinsí eile i.e. láithreán gréasáin agus foilseacháin an Gharda Síochána.

Le linn 2020, fuarthas 489 iarraidh den sórt sin ar chúnamh agus dhéileáil an Oifig SF leo. Déantar iad a chatagóiriú mar iarrataí neamh- incháilithe SF.

D'eisigh an Oifig SF 463 cinneadh in 2020, seacht n-iarraidh san áireamh a tugadh anonn ó 2019.

## SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE AN GHARDA SÍOCHÁNA

I rith 2020, bhí GISC i gcónaí ag fáil líon mór glaonna ó Ghardaí ar bhonn 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain agus lean siad de theagmhais a chruthú, a athbhreithniú agus a aicmiú ar chóras PULSE.

In 2020, fuair GISC na mílte glao, mar sin féin níl an figiúr cruinn ar fáil, mar gheall ar chóras sealadach freagartha glaonna a cuireadh i bhfeidhm i mí an Mhárta. Chruthaigh GISC 668,260 teagmhas ar chóras PULSE thar ceann Gardaí.


Ó mhí Aibreáin 2020 ar aghaidh, rannchuidigh GISC freisin le tuairisciú leanúnach an Gharda Síochána ar theagmhais a raibh baint acu le Covid-19, arna dtaifead ar chóras PULSE.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht sonraí agus GISC, leagadh amach moltaí chun éifeachtúlacht a fheabhsú mar chuid de Straitéis Cháilíochta Sonraí an Gharda Síochána, arna faomhadh ag an mBoird Rialachais Sonraí in 2020. Lean GISC le dul chun cinn a dhéanamh ar an straitéis a chur i bhfeidhm go iomlán.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM GRINNFHIOSRÚCHÁIN (GNVB)

Tá méadú thar cuimhse tagtha ar an éileamh ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus ar sheirbhísí GNVB le blianta beaga anuas, mar sin féin, laghdaíodh líon na n-iarratas a fuarthas le linn 2020, 21 faoin gcéad i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin mar gheall ar thionchar Covid-19 ar fhostaíocht in eagraíochtaí ábhartha.

Líon iomlán na n-iarratas ar ghrinnfhiosrúchán a fuarthas i rith na cúig bliana deireanaí:




Le linn 2020, críochnaíodh 96% de na hiarratais ghrinnfhiosrúcháin go léir laistigh de cúig lá oibre i ndiaidh iad a fháil. Trí chóras grinnfhiosrúcháin a bhfuil próiseas beagnach 100% gan pháipéar, críochnaíodh 54% de na hiarratais seo ar an lá céanna a fuarthas iad.

Maidir le hiarratais ghrinnfhiosrúcháin a fuarthas in 2020, chríochnaigh GNVB iad laistigh de thrí lá oibre, ar an meán.




**Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána**

**Aga Comhlánaithe Grinnfhiosrúcháin Reatha = 3 Lá**

Lean obair ar aghaidh ar dhá mhórthionscadal ECRIS a fhorbairt laistigh den Gharda Síochána.

Baineann Faisnéis Sonraithe le faisnéis as a dtagann le réasún buairt bona fide go bhféadfadh duine aonair díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine fásta leochaileach nó a chur faoi deara go ndéantar díobháil do leanbh nó do dhuine fásta leochaileach.

Chomh maith leis sin, rinne GNVB oiliuint ar líne a fhorbairt agus a sholáthar do dhaoine idirchaidrimh in eagraíochtaí ábhartha i rith 2020.

Ainmníodh GNVB mar an t-údarás lárnach le haghaidh thaifid coiriúla an Gharda Síochána in Éirinn laistigh de Chreat an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla (ECRIS) Dhéileáil GNVB le breis agus 20,000 iarraidh

Work continued on developing two major ECRIS projects within An Garda Síochána:

1. Cur i bhfeidhm sheiceálacha Threoir 93 chun drochúsáid ghnéasach leanaí a chomhrac, agus meastar go dtiocfaidh méadú de bhreis agus 40,000 iarraidh breise ar líon na n-iarrataí ECRIS in aghaidh na bliana.

2. Náisiúnaigh tríú tíortha a chur san áireamh laistigh de chreat ECRIS. Tá forbairt chuimsitheach tionscadail de dhíth don tionscadal seo chun córas ECRIS a chomhtháthú le córais eile laistigh den Gharda Síochána.

## AN GHAEILGE A CHUR CHUN CINN

Tá cumas an Gharda Síochána chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge mar chuid dá chlár mórathraithe agus gach iarracht á dhéanamh aige chun cloí lena oibleagáidí maidir leis an nGaeilge. Tuigeann an eagraíocht go rímhaith a thábhachtaí atá sé go gcosnófaí úsáid na Gaeilge i measc pearsanra uile agus go dtabharfaí spreagadh dóibh ó thaobh úsáid na teanga.

Caithfidh gach oiliúnaí Garda tabhairt faoi oideachas Gaeilge, ábhair san áireamh ar nós feasachta ar an teanga agus cearta teanga. I rith 2020, bhí tionscnaimh lárnacha ann a bhí dírithe ar Ghaeilge a chur chun cinn laistigh den eagraíocht agus spreagadh a thabhairt do phearsanra an teanga a úsáid a oiread agus is féidir.

Áiríodh leis seo:

- **Líonra Curaidh na Gaeilge –** Tá ról tábhachtach ag os cionn 60 Garda a thairgeann cabhrú chun próifíl na Gaeilge a ardú laistigh dá Rannáin agus iad in áit mhaith chun teachtaireachtaí tábhachtacha a bhaineann leis an teanga a sheachadadh.
- Cistiú a fhaomhadh chun **oiliúint Gaeilge** a sholáthar le sraith cúrsaí Gaeilge ar líne a fhorbairt, a mbeidh rochtain ag gach pearsanra den Gharda Síochána uirthi.
- **clár píolótach oideachais trí Ghaeilge le hOifigeach Rannáin i Réigiún an Iarthuaiscirt** - An Ghaeilge a chur chun cinn trí Chlár Scoileanna an Gharda Síochána agus tionscnaimh eile áitiúla trí Ghaeilge, chomh maith le spreagadh a thabhairt do phearsanra agallaimh faoi chúrsaí coireachta a dhéanamh trí Ghaeilge.
- **Le linn 2020, forbraíodh Straitéis na Meán Sóisialta maidir leis an nGaeilge** - Straitéis chun úsáid na Gaeilge a mhéadú ar leathanaigh mheán sóisialta na heagraíochta. Cuirfidh an PreasOifig oiliúint ar phainéal de chainteoirí líofa anois agus beidh siad ar fáil chun tabhairt faoi agallaimh leis na meáin go háitiúil agus go náisiúnta trí mheán na Gaeilge.
- Le linn 2020, cuireadh i bhfeidhm na céimeanna is gá chun a áirithiú nach ndéanfar ach Gardaí a bhfuil cumasach go leor i nGaeilge chun tabhairt faoina ndualgais go dátheangach, a imlonnú go dtí Stáisiúin Ghaeltachta.
- Tá sruth Gaeilge ar leith mar chuid de bheartas earcaíochta an Gharda Síochána. Le linn 2020, cuireadh córas saincheaptha measúnaithe do leithdháiltí na Gaeltachta agus Painéal Cumais na Gaeilge (ILPP) i bhfeidhm, óna ndéanfar leithdháiltí phearsanra an Gharda Síochána. Beidh an sruth Gaeilge i bhfeidhm feasta nuair a bhíonn Oiliúnaithe Gardaí á n-earcú i ngach comórtas amach anseo.
- Beidh **seirbhís ateangaireachta Gaeilge** ar fáil do gach pearsanra den Gharda Síochána chun soláthar seirbhísí póilíneachta trí Ghaeilge, a éascú.

## OFFICE OF CORPORATE COMMUNICATIONS (OCC)

D'oibrigh OCC go dlúth le go leor biúrónna agus aonaid ar fud na heagraíochta chun comhairle ar chosc na coireachta agus ar shábháilteacht phoiblí a sholáthar don phobal, chun impí ar eolas chun cabhrú le himscrúduithe, agus chun an tsárobair atá á déanamh ag an eagraíocht a thabhairt chun solais.

### Feachtais

Reáchtáladh roinnt feachtas faisnéise / feasachta poiblí lena n-áirítear:

- **#BeinCtrl** feachtas, i gcomhar le GNCCB agus Webwise.
- **Goid madraí** agus comhairle ar chosc na coireachta.
- **Feachtas Streetwise maidir le goid fón póca**
- Feachtas maidir le **goid rothar** le haghaidh Seachtain Náisiúnta na Rothar – cuir faoi ghlas é nó caill é.
- Go leor **feachtas um shábháilteacht ar bhóithre lena n-áirítear Mí an Ghnímh um Shábháilteaht ar Bhóithre** (#RSMA), ag tiomáint faoi thionchar agus feachtais feasachta maidir le tuirse thiomána, chomh maith le laethanta náisiúnta moillithe.
- Feachtas na Nollag **#FindDazzler** Elf mar chuid d'iarrachtaí ardú meanman a chur ar an bpobal (Méid foriomlán an chlúdaigh 7.1 milliún – chuaigh 40 postáil amach thar na 24 lá).




**Cruinnithe faisnéise do na meáin**

Rinne Preasoifig an Gharda Síochána roinnt cruinniú faisnéise do na meáin a éascú i rith na bliana le cabhrú chun coireacht a chosc agus a bhrath.

Reáchtáladh seisiúin faisnéise do na meáin maidir le roinnt tromchoireanna, mar aon le faisnéise a sholáthar agus chun impí ar fhaisnéis, lena n-áirítear:

- Imscrúduithe dúnmharaithe.
- An chéad ciontú agus phianbhreith maidir le ciorrú baill ghiniúna ban.
- Cuardaigh maidir le daoine ar iarraidh.
- An chéad ciontú agus phianbhreith maidir le rialú comhéigneach.
- Dul i ngleic le coireacht thromchúiseach eagraithe.
- Tugadh isteach Aonaid Seirbhíse Cosanta Roinne
- Impí ar fhinnéithe maidir le himbhualadh marfach tráchta.
- Calaois infheistíochta

**Preaseisiúintí/Glaonna**

**Eisíodh os cionn 2,500 preaseisiúint in 2020** agus déileáladh leis na mílte glao ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear na meáin, an pobal agus comhlachtaí rialtais.



**Físeagrafaíocht**

| | |
|---|---|
| | **Cruthaíodh os cionn 140 físeán go hinmheánach in 2020** in OCC ar réimse leathan ábhar agus feachtas lena n-áirítear go leor ábhair a bhaineann le Covid-19. |
| | **Rinneadh sraith físeán a roinnt ar na meáin Shóisialta ina tugadh obair na n-aonad oibríochtúil lena n-áirítear Marc-Aonad an Gharda Síochána agus Aonad Madra an Gharda Síochána, chun solais.** |

**Láithreán Gréasáin**

Faoi dheireadh 2020, tháinig méadú ar líon amhairc láithreán gréasáin an Gharda Síochána go dtí 5.1 mhilliún i gcomparáid le 4.8 mhilliún in 2019. I measc na deich leathanach ba mhó ar tugadh cuairt orthu, bhí na leathanaigh eolaire stáisiúin, déan teagmhail linn agus cén fáth ar chóir dom dul isteach sa Garda Síochána.

Le linn 2020, rinneadh roinnt leasuithe ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána lena n-áiríodh:

- Cumarsáid Corparáideach ag obair go dlúth le Rannpháirtíocht an Phobail chun sraith uirlisí Phóilíneacht an phobail a chruthú le haghaidh Gardaí Pobail ar fud na tíre.
- Athbhreithniú a dhéanamh maidir le comhlíonadh i ndáil le reachtaíocht inrochtaineachta agus tiomantas an Gharda Síochána chun a áirithiú go mbeadh rochtain ag gach uile dhuine ar an láithreán gréasáin.
- Réiteach inrochtaineachta barra uirlisí cúnta a sholáthar rud a ligean don úsáideoir a chuid eispéireas a chur in oiriúint dá riachtanais féin i.e. téacs a aithris, an teanga a athrú, teaglaim na ndathanna a athrú etc.

**Na Meáin Shóisialta**

Faoi dheireadh 2020, bhí lucht leanúna mheáin shóisialta an Gharda Síochána os cionn 1.5 mhilliún, arb ionann é agus méadú 50%:

| Facebook | Facebook Réigiúnach | Twitter @gardainfo | Twitter @gardatraffic | Instagram |
|---|---|---|---|---|
| 319,600 | 376,682 | 189,150 | 505,405 | 133.938 |



**Crimecall**

Lean Crimecall in 2020 le lucht féachana suntasach a bhaint amach agus bhain gach clár lucht féachana 361,720 duine amach, ar an meán. Lean an clár le ról tábhachtach a ghlacadh i dtaobh an choireacht a chomhrac agus a chosc, agus chun cabhrú le himscrúduithe ardphróifíle, ar nós dúnmharuithe, trombhuirgléireachtaí, ionsaithe gnéasacha agus daoine ar iarraidh.

**Cumarsáid Inmheánach**

**Straitéis Cumarsáide Inmheánaí**

In 2020, cuireadh tús le cur i bhfeidhm na Straitéise Cumarsáide Inmheánaí, Aimsigh. Bhí an méid seo a leanas leagtha amach mar sprioc sa straitéis seo: Gach pearsanra a aimsiú le teachtaireachtaí soiléire tráthúla. Bhí an Chumarsáid Inmheánach ag díriú go príomha i rith na bliana ar phearsanra a choimeád ar an eolas maidir leis na scéalta is déanaí i ndáil le Covid-19..

**Gradaim**

Bhuaigh an Oifig Cumarsáide Inmheánaí trí ghradam in 2020 mar gheall ar an obair a rinne siad maidir le Covid-19. I mí Mheán Fómhair 2020, bhronn an Institiúid um Chumarsáid Inmheánach Gradam Shármhaitheas ar an nGarda Síochána as an gCumarsáid Ghéarchéime Is Fearr agus bhronn sé Gradam don NuaThagtha Is Fearr ar bhall den Aonad Cumarsáide Inmheanaí. I mí na Nollag 2020, bhronn an tIrisleabhar Communicate gradam airgid ar an nGarda Síochána sa chatagóir An Chumarsáid Inmheánach Is Fearr Le Linn Covid-19.

**Tairseach**

Cuireadh tús le hobair ar athbhreithniú a dhéanamh ar Thairseach an Gharda Síochána. Faomhadh straitéis ardleibhéil in R4 2020 agus cuirfear tús le hobair ar an tionscadal seo in 2021.

## SEIRBHÍS ANAILÍSE AN GHARDA SÍOCHÁNA

Is éard atá i gceist le Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána (SAGS) ná seirbhís náisiúnta tacaíochta oibríochtúil. Lárionad saineolais é SAGS chun sonraí a fhaightear go inmheánach nó go seachtrach a thiontú go faisnéis agus léargas a thacaíonn go díreach le himscrúduithe agus cinntí bainistíochta. Shólathair SAGS tacaíocht anailíseach do réimse na coireachta, na póilíneachta agus na faisnéise.

Is cuid de SAGS é freisin, Aonad Taighde an Gharda Síochána, atá lonnaithe i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Le linn 2020, lean GRU de bheith ag tacú leis an eagraíocht trí mheastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh náisiúnta agus trí anailís a dhéanamh ar Shuirbhé an Gharda Síochána ar Dhearcadh an Phobail mar bhonn eolais d’fhorbairt straitéisí agus dea-chleachtas a shainaithint.




India Base
Dublin Castle




# STAITISTICÍ

Sa rannóg seo a leanas tá eolas le fáil maidir le sonraí bliantúla ó 2019 go dtí 2020 i gcomparáid le tréimhse na straitéise trí bliana 2016 go dtí 2018. Chiallaigh paindéim Covid-19 go mb'éigean dúinn déileáil le nithe a tharla gan choinne rud a chiallaíonn go mbaineann deacracht le comparáid a dhéanamh idir tréimhsí ama eile. Cuimsíodh i bhfreagairt phóilíneachta Covid-19 níos mó patról, seicphointí agus rannpháirtíochtaí sa phobal. Ag an am céanna, bhí tionchar ag athruithe ar an saol poiblí agus ar fheidhmiú gnóthaí ar na deiseanna coireachta a bhí ann. Ba cheart é sin a chur san áireamh i gcomhthéacs na bhfigiúirí sonraithe.

## BUIRGLÉIREACHT




| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhas** | 18095 | 18763 | 16622 | 16410 | 10612 |
| **Brath** | 3092 | 3021 | 2390 | 2383 | 2563 |

*Tréimhse Straitéise 2016-2018* *Tréimhse Straitéise 2019-2020*

### Teagmhais Tuairiscithe Buirgléireachta

**meán 2016-2018:** 1,486/mí
**meán 2019-2020:** 1,126/mí Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020: -5,798 (-35.3%)


### Teagmhais Bhuirgléireachta Marcáilte mar Braite*

**meán 2016-2018:** 236/mí
**meán 2019-2020:** 206/mí

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineálacha ICCS: 0711, 0712*

**Bhí tionchar ag bunú PULSE 7.3 ar an 25 Feabhra 2018, nuair a bunaíodh próisis nua i ndáil le conas a thaifeadtar agus a bhraitear teagmhais ar PULSE, ar na figiúirí braite. Níor cheart sonraí braite a bhaineann leis an tréimhse roimh agus i ndiaidh uasghrádú PULSE a chur i gcomparáid lena chéile.*

## ROBÁIL




| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhas** | 2106 | 2187 | 2449 | 2344 | 1815 |
| **Brath** | 879 | 865 | 557 | 667 | 742 |

*Tréimhse Straitéise 2016-2018* *Tréimhse Straitéise 2019-2020*

### Teagmhais Taifeadta Robála

**meán 2016-2018:** 187/mí
**meán 2019-2020:** 173/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020: -529 (-22.6%)

### Teagmhais Bhuirgléireachta Marcáilte mar Braite*


**meán 2016-2018:** 64/mí
**meán 2019-2020:** 59/mí

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineálacha ICCS: 0611, 0612, 0613, 0621, 0631*

**Bhí tionchar ag bunú PULSE 7.3 ar an 25 Feabhra 2018, nuair a bunaíodh próisis nua i ndáil le conas a thaifeadtar agus a bhraitear teagmhais ar PULSE, ar na figiúirí braite. Níor cheart sonraí braite a bhaineann leis an tréimhse roimh agus i ndiaidh uasghrádú PULSE a chur i gcomparáid lena chéile.*



## IONSAÍ




| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhas** | 16359 | 18628 | 19718 | 21131 | 18046 |
| **Brath** | 8422 | 8038 | 5040 | 6673 | 7410 |

*Tréimhse Straitéise 2016-2018* *Tréimhse Straitéise 2019-2020*

### Teagmhais Taifeadta Ionsaithe

**meán 2016-2018:** 1,520/mí
**meán 2019-2020:** 1,632/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020: -3,085 (-14.6%)


### Teagmhais Bhuirgléireachta Marcáilte mar Braite*

**meán 2016-2018:** 597/mí
**meán 2019-2020:** 587/mí

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineálacha ICCS: 0311, 0312, 0321, 0324, 0331, 0333, 0334, 0335*

**Bhí tionchar ag bunú PULSE 7.3 ar an 25 Feabhra 2018, nuair a bunaíodh próisis nua i ndáil le conas a thaifeadtar agus a bhraitear teagmhais ar PULSE, ar na figiúirí braite. Níor cheart sonraí braite a bhaineann leis an tréimhse roimh agus i ndiaidh uasghrádú PULSE a chur i gcomparáid lena chéile.*

## COIREACHT GHNÉIS




| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhas** | 2568 | 2957 | 3309 | 3372 | 3034 |
| **Brath** | 996 | 878 | 481 | 647 | 800 |

*Tréimhse Straitéise 2016-2018* *Tréimhse Straitéise 2019-2020*

### Teagmhais Taifeadta de Choireacht Ghnéis

**meán 2016-2018:** 245/mí
**meán 2019-2020:** 267/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020:-388 (-10.0%)

*Tuairim: Glactar leis go bhfuil an cineál coireachta seo tearcthuairiscithe agus glactar le méadú mar "ceartúchán inmhianaithe".*


### Teagmhais Bhuirgléireachta Marcáilte mar Braite*

**meán 2016-2018:** 65/mí
**meán 2019-2020:** 60/mí

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Foghrúpa ICCS: 021, 023*

**Bhí tionchar ag bunú PULSE 7.3 ar an 25 Feabhra 2018, nuair a bunaíodh próisis nua i ndáil le conas a thaifeadtar agus a bhraitear teagmhais ar PULSE, ar na figiúirí braite. Níor cheart sonraí braite a bhaineann leis an tréimhse roimh agus i ndiaidh uasghrádú PULSE a chur i gcomparáid lena chéile.*

## DÍOL AGUS SOLÁTHAR DRUGAÍ BRAITE



| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| Brath | 3873 | 4027 | 2198 | 3730 | 4845 |

*Tréimhse Straitéise 2016-2018* | *Tréimhse Straitéise 2019-2020*


### Teagmhais Díol agus Soláthar Drugaí Marcáilte mar Braite*

**meán 2016-2018:** 281/mí
**meán 2019-2020:** 357/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020: +1,115 (+29.9%)

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineálacha ICCS: 1011, 1012, 1021*

**Bhí tionchar ag bunú PULSE 7.3 ar an 25 Feabhra 2018, nuair a bunaíodh próisis nua i ndáil le conas a thaifeadtar agus a bhraitear teagmhais ar PULSE, ar na figiúirí braite. Níor cheart sonraí braite a bhaineann leis an tréimhse roimh agus i ndiaidh uasghrádú PULSE a chur i gcomparáid lena chéile.*

## DROCHÍDE SA TEAGHLACH



| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhas | 18303 | 21468 | 23555 | 28445 | 32813 |

*Tréimhse Straitéise 2016-2018* | *Tréimhse Straitéise 2019-2020*

### Teagmhais Taifeadta de Dhrochíde sa Teaghlach


**meán 2017-2019:** 1759.1/mí
**meán 2020:** 2552.4/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020:+4,368 (+15%)

*Tuairim: Glactar leis go bhfuil an cineál coireachta seo tearcthuairiscithe agus glactar le méadú mar "ceartúchán inmhianaithe".*

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineál ICCS: 1551 Cineál Neamhchoireachta: Díospóid Teaghlaigh - Níor Nochtadh aon Chion*

*Eile: Teagmhais le MO Drochíde sa Teaghlach/ Foréigean Teaghlaigh*

## IMBHUALADH TRÁCHTA F&SI



| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| Bás | 185 | 155 | 137 | 140 | 149 |
| Gortuithe Tromchúiseacha | 812 | 980 | 1291 | 1393 | 1095 |

*Tréimhse Straitéise 2016-2018* | *Tréimhse Straitéise 2019-2020*

### Imbhuailtí Tráchta - Básanna


**meán 2016-2018:** 13/mí
**meán 2019-2020:** 12/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020: +9 (+6.4%)

### Imbhuailtí Tráchta – Gortuithe Tromchúiseacha

**meán 2016-2018:** 86/mí
**meán 2019-2020:** 104/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020: -298 (-21.4%)

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineál FCPS*

## CIONTA TRÁCHTA 'TARRTHÁLAÍ'




| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cionta** | 216867 | 195032 | 186676 | 185684 | 222599 |

*Tréimhse Straitéise 2016-2018* | *Tréimhse Straitéise 2019-2020*

### Cionta Tráchta 'Tarrthálaí'


**meán 2016-2018:** 16627/mí
**meán 2019-2020:** 17011/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020: +384 (+2.3%)

*Tabhair faoi deara: Mar gheall ar athrú sa mhodheolaíocht a úsáideadh chun na figiúirí a bhaineann le Cionta Tráchta 'Tarrthálaí' a thiomsú, níl na figiúirí atá tuairiscithe anseo ag teacht leis na figiúirí atá le fáil i dtuarascálacha bliantúla a cuireadh i dtoll a chéile roimhe seo. Baineann an difríocht seo le tuairisciú an líon iomlán cionta seachas teagmhais (d'fhéadfaí go gcuimseofaí i dteagmhais aonair cionta éagsúla).*

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE agus FCPS Cineál ICCS: 0412, 0413*

*Cineálacha FCPS: Luas (Idirghabháil & Neamh-Idirghabháil), Crios Sábhála, Fón Póca*

## RABHAIDH AGUS ORDUITHE IOMPAIR (ASBO)




| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Rabhadh** | 920 | 1351 | 1410 | 1066 | 1508 |
| **Ordú** | 8 | 4 | 16 | 16 | 30 |

*Tréimhse Straitéise 2016-2018* | *Tréimhse Straitéise 2019-2020*

### Rabhaidh & Conarthaí Iompair (ASBO)

**meán 2016-2018:** 102/mí
**meán 2019-2020:** 107/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020: +442 (+41.5%)


*Tuairim: In 2019 agus 2020 níor taifeadadh aon Chonarthaí Dea-Iompair*

### Orduithe Iompair (ASBO)

**meán 2016-2018:** 0.8/mí
**meán 2019-2020:** 1.9/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020: +14 (+87.5%)

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE. Cineálacha PULSE: Rabhaidh Iompair (Leanaí), Rabhaidh Iompair (Aosaigh), Rabhaidh Conarthaí Dea-Iompair, Orduithe Sibhialta (aosaigh), Cionta ASBO (Amháin).*

## ALT 12 DEN ACHT UM CHÚRAM LEANAÍ TOGHRAITHE




| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhas** | 653 | 766 | 794 | 820 | 855 |


*Tréimhse Straitéise 2016-2018* | *Tréimhse Straitéise 2019-2020*

### Leanbh a Thabhairt chuig Áit Shábháilte (Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí)

**meán 2016-2018:** 61/mí
**meán 2019-2020:** 70/mí
Difríocht idir torthaí 2019 agus 2020: +35 (+4.3%)

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE. PULSE Cineál Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí Toghraithe*

## BÁS LE LINN A BHEITH FAOI CHOIMEÁD AG AN NGARDA SÍOCHÁNA



| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Bás** | 0 | 1 | 0 | 3 | 1 |

*Tréimhse Straitéise 2016-2018* *Tréimhse Straitéise 2019-2020*

### Básanna le linn a bheith faoi Choimeád ag an nGarda Síochána

**meán 2016-2018:** 0.3/bliain
**meán 2019-2020:** 2.0/bliain

*Foinse: Gnóthaí Inmheánacha an Gharda Síochána*

### Teagmhais Coireachta Fuatha

Bunaíodh bearta nua mar chuid de PULSE 7.6, a imlonnaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020, a chiallaigh gur athraíodh an bealach a bhfuil figiúirí maidir le coireacht fuatha á dtaifeadadh. Chomh maith leis sin, chiallaigh na hathruithe go bhféadfaí teagmhais nár bhain le coireacht fuatha a thaifeadadh. Mar gheall ar na hathruithe taifeadta, ní féidir figiúirí a bhaineann leis an tréimhse i ndiaidh athrú PULSE a chur i gcomparáid leis na figiúirí a taifeadadh roimhe sin. Tá bonnlíne nua le haghaidh teagmhais a bhaineann coireacht fuatha á bunú in 2021 agus tá bearta oiliúna agus bearta eile á mbunú chun taifeadadh a fheabhsú.



## URGHABHÁLACHA DRUGAÍ AN GHARDA SÍOCHÁNA 2020 - An Bhliain Iomlán

| Catagóir | gram/ml/ Planda | Tbl/Sqr/Cap | Luach |
|---|---|---|---|
| Stearóidigh Anabalacha | | 1,921 | €1,153 |
| Beinsidhé-asaipín | 714 | 471,403 | €726,858 |
| Luibh Channabais | 368,602 | | €7,372,035 |
| Plandaí Cannabais* | 7,204 | | €5,763,200 |
| Roisín Cannabais | 70,250 | | €421,501 |
| Cáitíonóin | 386 | 2,813 | €19,289 |
| Cócaon | 137,806 | 10 | €9,646,455 |
| Démhoirfín | 41,411 | | €5,797,575 |
| Siabhraigin | 5,046 | 2,821 | €319,829 |
| Oibreáin mheasctha | 102,249 | 421 | €51,125 |
| Substaintí Nua Sícighníomhacha | 5 | 20 | €252 |
| Ópóidigh Eile | 11,239 | 151 | €4,338 |
| Feineitiolaimín** | 28,410 | 31,924 | €1,129,040 |
| Pipioraisín | | 33 | €165 |
| Táibléad Suain | | 70,713 | €141,425 |
| Tuaslagóir | 3,967 | | €3,966 |
| Cannaibionóideach Sintéiseach | 408 | 108 | €8,162 |
| | | | **€31,406,368*** ** |

### Urghabhálacha Drugaí an Gharda Síochána Amháin 2020

Tá cainníochtaí drugaí atá cláraithe sa tábla thíos á soláthar ag Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (FSI) bunaithe ar thaifid atá á gcoimeád ag an tsaotharlann a bhaineann le cainníochtaí drugaí a bhfuil anailís á déanamh orthu ag an tsaotharlann.

Tá na figiúirí ar fad sealadach, oibríochtúil agus faoi réir athraithe amhail ar an 27/04/2021.

** Ríomhtar plandaí cannabais bunaithe ar fhigiúirí taifeadta ar PULSE de bhrí nach seoltar gach planda urghafa chuig an tsaotharlann FSI.*

*** Cuimsítear i bhfeineitiolaimíní eacstais (MDMA) agus drugaí gaolmhara cosúla eile*

****Tá an figiúr iomlán seo bunaithe ar urghabhálacha an Gharda Síochána amháin arna dtaifeadadh ag FSI agus PULSE. D'fhéadfadh go mbeadh figiúir difriúil ag Biúró Náisiúnta um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe an Gharda Síochána (GNDOCB) mar gheall ar roinnt cúiseanna, cosúil le hurghabhálacha nach mbaineann le sainchúram FSI agus PULSE a bheith á gcur san áireamh; tuarascáil GNDCOB bunaithe ar dháta na hurghabhála, FSI bunaithe ar an dáta anailíse; agus d'fhéadfaí na meáchain/na cainníochtaí a athrú i ndiaidh do FSI iad a dheimhniú.*

## TREORACHA AIREACHTA ALT 25 D'ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA

Faoi Alt 25(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 – i ndiaidh cead a fháil ón Rialtas, féadfaidh an tAire Dlí treoracha i scríbhinn a eisiúint do Choimisinéir an Gharda Síochána bainteach le haon ní a bhaineann le An Garda Síochána. Níor eisíodh aon Treoracha Aireachta in 2020..

## ALT 41 D'ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA

Faoi Alt 41 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, soláthraíonn Coimisinéir an Gharda Síochána faisnéis don Aire Dlí maidir le nithe a bhaineann le forbairtí suntasacha i ndáil le póilíneacht nó slándáil an Stáit. In 2020, chuir Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána dhá thuarascáil i dtoll a chéile.

## ALT 22 D'ACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí faoi Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina sonraítear líon na Nochtuithe Cosanta faighte sa bhliain roimhe sin agus an chaingean a rinneadh (más cuí). Níor cheart go mbeadh sé mar thoradh ar an tuarascáil seo go mbeadh daoine ag déanamh nochtuithe atá inaitheanta.

Clúdaítear an tréimhse idir an 1 Eanáir 2020 agus an 31 Nollaig 2020 sa tuarascáil seo atá curtha i dtoll a chéile ag An Garda Síochána.

Cuireadh 12 Nochtadh Cosanta faoi bhráid an Gharda Síochána sa tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo. Seo thíos sonraí maidir leis na nochtuithe sin:

- Tá cúig nochtadh faoi imscrúdú
- Tá dhá nochtadh á scrúdú
- Maidir le dhá nochtadh, d'aistarraing an Nochtóir ón bpróiseas agus níor nochtadh éagóir iomchuí agus ní dhearna an Nochtóir teagmháil le hOifig um Nochtadh Cosanta an Gharda Síochána i ndiaidh na teagmhála tosaigh
- Táthar ag feitheamh ar chomhairlí dlí i ndáil le nochtadh amháin
- Tá measúnú á dhéanamh ag Bainisteoir na Nochtuithe Cosanta ar nochtadh amháin
- Níor bhain nochtadh amháin le sainchúram nochtadh cosanta arna fhorordú in Acht 2014.



garda.ie